



PRIDE of PLACE

Mórtas Áite a Mhúineadh

Curaclam nuálach don bhunoideachas agus don
mheánoideachas i gceantair thuaithe, bunaithe ar
an bhFoghlaim Bunaithe ar Fhiosrú

Mórtas Áite a Mhúineadh

Curaclam don bhunoideachas agus don mheánoideachas bunaithe ar an bhFhoghlaim Bunaithe ar Fhiosrú

Tionscadal de chuid Erasmus+: Mórtas Áite

Aischur Intleachtúil 2

Márta 2021

Comhordú agus eagarthóireacht: Thomas Albers, Anatta Foundation

Rannpháirtithe (in ord aibítre sloinnte): Silvia Ariccio, Daniela Bertolasco, Marino Bonaiuto, Teresa Cameira, Irene Cigliuti, Ramazan Eren, Eduardo Naia, Paola Prato, Orlaith Ruiséal, Marina Sacchetto agus Sebastian Weesjes.

Léamh profaí: Inês Águas

Leagan amach: Darjan Bunta

Le teacht ar thuilleadh eolais faoin bhfoilseachán seo agus faoi thionscadal Erasmus+, déan teagmháil le Thomas Albers (thomas@anattafoundation.org)

Forbraíodh an foilseachán seo mar chuid den Tionscadal de chuid Erasmus+ “Pride of Place”, a maoiníodh faoin gclár Erasmus+, uimhir thionscadail: 2018-1-NL01-KA201-039020.

I measc na n-eagraíochtaí a d'oibrigh le chéile sa tionscadal bhí Ollscoil Sapienza sa Róimh (an Iodáil), Ollscoil Akdeniz (an Tuirc), Oidhreacht Chorca Dhuibhne (Éire), Fondúireacht Anatta (an Ísiltír), Instituto Comprensivo Cortemilia-Saliceto (an Iodáil) agus Agrupamento de Escolas nº1 de Gondomar (an Phortaingéil).

Tá ábhar uile an tionscadail seo ar fáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin an tionscadail:

www.prideofplace.eu

Moladh maidir le tagairt: Albers, T. (ed.) (2021). Teaching Pride of Place. An innovative curriculum for primary and secondary education in rural areas based on Inquiry Based Learning. Aalten: Anatta Foundation.

ISBN:

Cóipcheart © 2021 na húdair. Ní féidir an t-ábhar, ná codanna de, a úsáid saor in aisce ach chun críocha neamhthráchtála agus ní mór creidiúnú cuí a dhéanamh ar na húdair.

Cover image: Freepik.com




Ní hionann tacaíocht an Choimisiúin Eorpaigh do tháirgeadh an fhoilseacháin seo agus formhuiniú ar an ábhar, a léiríonn tuairimí na n-údar amháin, agus ní féidir leis an gCoimisiún a bheith freagrach as aon úsáid a bhainfear as an bhfaisnéis atá ann.

Co-funded by the
Erasmus+ Programme
of the European Union



DIPARTIMENTO DI PSICOLOGIA
DEI PROCESSI DI SVILUPPO
E SOCIALIZZAZIONE
SAPIENZA
UNIVERSITÀ DI ROMA



REPÚBLICA
PORTUGUESA
AGRUPAMENTO
de **ESCOLAS nº 1**
de **GONDOMAR**
código 151933



Istituto Comprensivo Cortemilia - Saliceto



Réamhrá

Dhein cúpla dream atá bainteach le hoideachas i dtaca le Mórtas Áite an curaclam agus siollabas seo a chruthú: d'fhorbair dhá chomhpháirtí acadúla bonn ceart teoiriciúil do choincheap an Mhórtais Áite, chuir dhá eagraíocht neamhrialtasacha ar fáil an taithí a bhí acu ar mhodheolaíochtaí teagaisc neamhfhoirmiúla i dtaca le foghlaim áitbhunaithe agus chinntigh dhá institiúid teagaisc gur fhreastail an curaclam agus siollabais an churaclaim sin ar riachtanais na hearnála oideachais agus a gcuid múinteoirí. Tosaíodh ar fhorbairt an fhoilseacháin seo le hidirghníomhú fuinniúil idir na comhpháirtithe seo le linn oiliúint i stíl na *Foghlama Bunaithe ar Fhiosrú* in Cortemilia (an Iodáil) do bhaill foirne an tionscadail, áit ar leagadh síos an dúshraith.

Aistríodh an curaclam agus tástáladh é i dtrí thír chomhpháirtíochta (Éire, an Phortaingéil agus an Iodáil) i gceithre scoil ina raibh thart ar 150 dalta, agus rinneadh meastóireacht air, feabhsaíodh é agus cuireadh bailchríoch air ina dhiaidh sin. Forbraíodh an modh nuálach seo Mórtas Áite don teagasc beo aghaidh ar aghaidh. Mar gheall ar theacht gan choinne Covid-19, cuireadh iallach ar na múinteoirí go léir a raibh baint acu leis an gcéim phíolótach tarraingt ar a gcáilíochtaí cruthaitheacha agus an curaclam a chur in oiriúint dá gcúinsí oideachais áitiúla agus náisiúnta. Mar sin féin, níl an curaclam mar atá sé curtha i láthair san fhoilseachán seo ceaptha don teagasc fíorúil.

Torthaí na meastóireachta

Dhein na 16 mhúinteoir a raibh baint acu leis an tástáil píolótach meastóireacht ar an gcuraclam agus ar a siollabas. Dúirt 75% de na múinteoirí go raibh cáilíocht na modheolaíochta teagaisc idir maith agus an-mhaith agus luaigh 93.8% díobh go raibh an curaclam ag teacht go maith le taithí foghlama a ranga. Shíl na múinteoirí go léir go raibh an curaclam ag teacht leis na cáilíochtaí uathúla. Dúirt 93.8% gur thug an curaclam deis do na scoláirí inniúlachtaí nua a fhoghlaim agus dúirt 75% gur chabhraigh an obair leis an gcuraclam lena gcuid scoláirí spriocanna foghlama a bhaint amach. Níos tábhachtaí fós, agus in ainneoin na gcoinníollacha fíorúla foghlama, luaigh 70% de na múinteoirí gur bhain a gcuid scoláirí taitneamh as foghlaim faoina gceantar trí bheith ag obair leis an gcuraclam. Is torthaí iontacha iad seo ar ndóigh, go háirithe ós rud é gur tharla an chéim píolótach le linn na tréimhse ba shuaití agus ba strusmháire san oideachas nua-aimseartha, is dócha.

Oiliúint ar mhúinteoirí

Fuair na múinteoirí a raibh baint acu leis an gclár píolótach roinnt oiliúna maidir le bheith ag obair le *Foghlaim Bunaithe ar Fhiosrú* (FBF) agus maidir le húsáid a bhaint as an gcuraclam seo faoin Mórtas Áite. Bainfidh múinteoirí nach bhfuil aon chur amach acu ar chur chuige seo an FBF agus na ról éagsúla atá ag múinteoirí agus scoláirí sa mhodheolaíocht tairbhe ar leith as cúrsa oiliúna chun iad a ullmhú agus a threorú chun an teagasc nuálach seo a chur i bhfeidhm ina seomra ranga. Mar chuid den tionscadal Erasmus+ seo, forbraíodh cúrsa oiliúna do mhúinteoirí chun a leithéid de thacaíocht a chur ar fáil dóibh, chun go bhféadfaidís na hinniúlachtaí riachtanacha a fháil agus a fhorbairt atá de dhíth chun an curaclam seo a chur i bhfeidhm.

Buíochas

Táimid thar a bheith buíoch de na scoláirí, na múinteoirí agus na scoileanna go léir a raibh baint acu le forbairt an churaclaim seo. Murach a muinín, a dtiomantas, a gcáilíochtaí oiriúnaitheacha, a spás, a n-am agus a bhfuinneamh, ní bheadh an cháilíocht mar atá sí bainte amach.

B'acmhainn fhíorluachmhar baill foirne na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta a chuidigh le forbairt an fhoilseacháin seo.

Ar deireadh, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le muintir ghníomhaireacht náisiúnta Erasmus+ san Ísiltír as a dtacaíocht agus a dtreoir le linn an tionscadail seo.

Fonn ort tuilleadh eolais a fháil?

Is féidir acmhainní uile an tionscadail a íoslódáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin an tionscadail, www.prideofplace.eu, agus tá fáil ansin freisin ar an tuarascáil ina bhfuil an bonn teoiriciúil do Mhórtas Áite leagtha síos, a bhfuil sé mar aidhm ag an gcuraclam seo feabhas a chur air, agus ar achoimre beartais ina bhfuil sainmhíniú ar an gcoincheap agus a ábharthacht do cheantair thuaithe. Mar a luadh thuas, forbraíodh curaclam oiliúna do mhúinteoirí chun iad a ullmhú do chur i bhfeidhm an churaclaim do Mhórtas Áite. Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gcúrsa oiliúna seo nó faoin tionscadal i gcoitinne, téigh i dteagmháil le comhordaitheoir an tionscadail nó le haon cheann de na heagraíochtaí comhpháirtíochta a bhfuil baint acu leis an tionscadal seo.

Ár mian do am atá romhainn

Tá súil againn gur féidir linn, leis an gcuraclam seo agus le tionscadal Erasmus+ i gcoitinne, cur le folláine agus slí bheatha na gceantar tuaithe atá ina n-acmhainn ollmhór eacnamaíoch, chomhshaoil, chultúrtha agus shóisialta dár sochaithe. Is iad na daoine óga todhchaí na sochaithe seo agus spreagfaidh an nasc mothúcháinach atá acu lena n-áit dúchais iad le cinneadh a dhéanamh maidir leis an tslí ar féidir leo í a chosaint, a chothabháil agus a fhorbairt.

Márta, 2021

Thomas Albers

Comhordaitheoir an tionscadail

thomas@anattafoundation.org



Clár an Ábhair

Réamhrá	3
Clár an Ábhair	5
Réamhrá	7

Cuid I

Cur chuige nuálach i leith an oideachais sa 21ú haois: Réamhrá teoiriciúil	8
An cur chuige go hachomair	9
Réamhrá	9
Conas Mórtas Áite a theagasc	15

Cuid II

Curaclam an Mhórtais Áite: Treoir phraiticiúil	17
An curaclam go hachomair	18
Céim 1 Tús a Chur le Cúrsaí	20
Céim 2 Bailiú an eolais	23
Céim 3 Anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar thorthaí an fhiosraithe	25
Céim 4 Na torthaí a thuairisciú agus a roinnt le lucht féachana níos mó	27
Céim 5 Machnamh na scoláirí ar an bpróiseas foghlama	28
Céim 6 Measúnú an mhúinteora ar an bpróiseas foghlama	29
Tagairtí	30
Eolas faoi na comhpháirtithe	31

Cuid III

IARSCRÍBHINN I	32
TEIMPLÉAD 1	33
TEIMPLÉAD 2	34
TEIMPLÉAD 3	37
TEIMPLÉADE 4	38
IARSCRÍBHINN II	40
1. LITRÍOCHT	42
2. BÉALOIDEAS AGUS MIOTASEOLAÍOCHT	43
3. BITHÉAGSÚLACHT	44

4. FOLLÁINE	45
5. GASTRANÓMACHAS	46
6. TÍREOLAÍOCHT	47
7. IMEACHTAÍ ÁITIÚLA	48
8. POIST/CEARDAÍOCHT	49
9. STAIR	50
10. AILTIREACHT	51
11. NOIRM SHÓISIALTA & LUACHANNA	52
12. CEOL AGUS DAMHSA	59
13. SPORTS AND GAMES	60
14. GNÍOMHAÍOCHTAÍ FÓILLÍOCHTA	61

IARSCRÍBHINN III **62**

1. LITRÍOCHT/TEANGA GO GINEARÁLTA	63
2. BÉALOIDEAS AGUS MIOTASEOLAÍOCHT	64
3. BITHÉAGSÚLACHT	65
4. FOLLÁINE	66
5. GASTRANÓMACHAS	67
6. TÍREOLAÍOCHT	68
7. IMEACHTAÍ ÁITIÚLA	69
8. CEIRDEANNA AGUS CEARDAÍOCHT	70
9. STAIR	71
10. AILTIREACHT	72
11. NOIRM AGUS LUACHANNA	73
12. CEOL AGUS DAMHSA	74
13. AN SPÓRT AGUS CLUICHÍ	75
14. CAITHEAMH AIMSIRE	76

IARSCRÍBHINN IV **77**

GREILLE MEASÚNAITHE DON MHÚINTEOIR	78
------------------------------------	----

An siollabas go hachomair

- Tá réamhrá teoiriciúil maidir le húsáid an churaclaim le fáil i gCuid 1
- Tá treoracha don mhúinteoir maidir leis an gcuraclam a úsáid le fáil i gCuid 2

Réamhrá

Is éard is Mórtas Áite (MÁ) ann ná an mothúchán dearfach a bhíonn ag daoine i dtaca leis an áit a bhfuil ceangal nó baint acu léi. Tá nasc aige leis an gceangal le d'áit féin agus le d'fhéiniúlacht áite féin, a dtugtar d'áit féin nó do cheantar áitiúil orthu. Eascaíonn iompair atá dearfach go sóisialta agus ó thaobh an chomhshaoil de as mórtas sláintiúil i dtaca leis an áit arb as tú. An toradh a bhíonn ar mhórtas míshláintiúil, áfach, ná paróisteachas agus iompar frithshóisialta.

Mar gheall ar an uirbiú atá ag tarlú go leanúnach ar fud na hEorpa, tá deacrachtaí ag ceantair thuaithe slite beatha a choiméad ina mbailte (léiríonn figiúirí EuroStat go mbeidh thart ar 75% de na daoine ar an bpláinéad seo ina gcónaí i gceantair uirbeacha faoi 2050). Ceann de na cúiseanna leis an treocht seo ná go dtugann ceantair uirbeacha, go hiondúil, deiseanna eacnamaíocha agus siamsaíochta níos fearr do theaghlaigh óga. Cúis thábhachtach eile leis an treocht seo is ea an tslí a bhfuil an ceangal mothúchánach a bhraitheann daoine leis na ceantair thuaithe ina maireann siad tar éis meath nó dul i léig. San am a chuaigh thart, bhí eolas ag daoine ar stair agus ar scéalta a gceantair, rinne siad damhsaí traidisiúnta le ceol traidisiúnta, d'ith siad sainbhia na háite, d'imir siad spóirt áitiúla, labhair siad an chanúint áitiúil, mhair siad leis na séasúir agus leis an méid a bhí á thairiscint ag an dúlra áitiúil le linn gach séasúir. Anois, is cosúil go bhfuil an nasc seo le háit, mar a thugtar air, caillte ag na daoine óga. Mar thoradh ar an gceangal mothúchánach agus cognaíoch seo leis na háiteanna ina bhfuil cónaí ar dhaoine a bheith in easnamh, ní mhothaíonn lucht tuaithe go bhfuil nasc acu lena gceantar agus tá an mothú maidir le 'féiniúlacht áite' agus bród as a gcultúr áitiúil uathúil caillte acu. Léiríonn taighde eolaíoch go mbíonn leibhéal níos airde de shaoránacht ghníomhach ag leibhéal áitiúil i gceist nuair a bhraitheann daoine nasc le háit agus féiniúlacht áite, go gcothaíonn féiniúlacht áite atá seanbhunaithe sláinte mheabhrach níos fearr agus go mbíonn iompar níos fóna ó thaobh na héiceolaíochta de mar thoradh ar fhéiniúlacht áite láidir (Comstock et al., 2010; Hinds & Sparks, 2008).

Forbraíodh an curaclam seo chun aghaidh a thabhairt ar bhánú na gceantar tuaithe, trí nasc mothúchánach agus cognaíoch daoine óga lena n-áit dúchais a athmhúscailt. Beidh daoine óga in ann tuiscint a fháil ar an gcúis a bhfuil a gceantar féin uathúil agus ar an tslí a bhfuil a bhféiniúlacht fréamhaithe san áit ina bhfuil cónaí orthu. Amach anseo, d'fhéadfadh sé tarlú go leanfadh daoine óga orthu ag cur fúthu ina gceantar, nó go bhfillfidís tar éis dóibh a bheith as baile. Gné dhearfach eile den churaclam ná go gcabhraíonn sé le daoine a bhogann go ceantar iad féin a fhí isteach san áit ar shlí níos fearr trí thuiscint níos doimhne a thabhairt dóibh ar a bhfuil i gceist leis an áit i ndáiríre.

Tá dhá phríomhchuspóir ag an gcuraclam seo:

1. feabhas a chur ar an Mórtas Áite a mhothaíonn scoláirí i gceantair thuaithe, agus;
2. feabhas a chur ar inniúlachtaí 21ú haois na scoláirí.

Conas an siollabas seo a úsáid

Forbraíodh an siollabas seo do mhúinteoirí i gceantair thuaithe ar mian leo nasc a gcuid scoláirí leis an áit a fheabhsú, agus tá dhá phríomhchuid ann. I gCuid 1, tá réamhrá teoiriciúil le fáil don chur chuige nuálach a bhfuil an curaclam bunaithe air, chomh maith le heolas faoi ról na múinteoirí agus na scoláirí, toisc nach ionann iad agus na ról i gcuir chuige thraidisiúnta oideachais. Tá treoracha le fáil i gCuid 2 a chabhróidh leis na múinteoirí oibriú leis an gcuraclam céim ar chéim. Tá fáil ar ábhar breise in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II.

Cuid I

Cur chuige nuálach i leith an
oideachais sa 21ú haois:
Réamhrá teoiriciúil



An cur chuige go hachomair

- Is cineál d'fhoghlaim thionscadal-bhunaithe é an tOideachas Bunaithe ar Fhiosrú a leanann timthriall fiosraithe
- Is cur chuige sóisialta i dtaca le foghlaim é ina bhforbraíonn na scoláirí scileanna don 21ú haois
- Bíonn ról dhifriúla ag na múinteoirí agus ag na scoláirí: is éascaitheoirí iad na múinteoirí agus is taighdeoirí iad na scoláirí
- Tá sé cruthaithe go heolaíoch go bhfuil an Fhoghlaim Bunaithe ar Fhiosrú éifeachtach agus oiriúnach le húsáid i gcás na leibhéil ar fad den oideachas K-12.

Réamhrá

Tá an straitéis foghlama don churaclam seo bunaithe ar Fhoghlaim Bunaithe ar Fhiosrú (FBF), a thagraíonn do “phróisis sa seomra ranga ina dtéann scoláirí i ngleic le ceistanna faoin domhan nádúrtha, cultúrtha nó ábhartha. Bailíonn siad sonraí chun na ceistanna seo a fhreagairt, déanann siad anailís ar na sonraí agus déanann siad conclúid a thuairisciú bunaithe ar a gcuid taighde” (Dobber et al., 2017). Is cineál d'fhoghlaim thionscadal-bhunaithe í a leanann an timthriall fiosraithe seo (Pedaste, 2015): *ionductú*, *coincheapú* (ceistiú agus giniúint hipitéisí), *taighde* (iniúchadh/aimsiú sonraí agus léirmhíniú ar shonraí), *conclúidí agus plé* (machnamh agus cumarsáid). In FBF, glacann na scoláirí ról an taighdeora agus bíonn orthu freagra a fháil ar bhealach gníomhach ar cheist taighde seachas oideachas a fháil ar shlí éighníomhach.

Is cur chuige foghlama é FBF a bhfuil tástáil an-mhaith eolaíoch déanta air agus tá cruthúnas ann gur cur chuige éifeachtach é a chuireann torthaí foghlama den scoth ar fáil do na scoláirí, go háirithe i bhforbairt eolais, scileanna smaointeoireachta agus réasúnaíochta, spreagadh foghlama, comhoibriú agus scileanna cumarsáide (Kirschner et al., 2006). Is cur chuige sách nua é, áfach, atá difriúil leis an oideachas traidisiúnta, dá bhrí sin beidh ar na scoláirí agus ar na múinteoirí dul i dtaithí ar a ról nua sa phróiseas foghlama.

Cad is Foghlaim Bunaithe ar Fhiosrú ann?

Is é aidhm FBF cur le cumas féin foghlama na scoláirí agus cabhrú leo inniúlachtaí atá faighte acu a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs ‘fíor-shaoil’, trí chur chuige bunaithe ar fhiosrú. Cuireann na scoláirí tús leis an bpróiseas foghlama le ceist taighde ‘fhíor-shaoil’ a ndéanann siad staidéar uirthi le chéile, agus ag deireadh an timthrialla cuirtear na conclúidí in iúl do lucht féachana níos leithne chun barr feabhais a chur le haitheantas na foghlama. In FBF, bíonn an domhan lasmuigh ina dtarlaíonn an fhoghlaim mar chuid den oideachas sa seomra ranga. Tarlaíonn foghlaim na scoláirí trí mhionchíoradh, iniúchadh agus roinnt gníomhaíochtaí taighde mar staidéir allamuigh, litríocht agus staidéir ilmheán, agallaimh agus tástáil, chomh maith le plé grúpa.

Cé go bhfoghlaimíodh na scoláirí an tslí le smaoineamh agus gníomhú mar eolaithe, tá níos mó béime ar an bhfoghlaim shóisialta a bhaintear amach tríd an bpróiseas fiosraithe. Fágann sé seo go bhfoghlaimíonn na scoláirí agus na múinteoirí le chéile agus óna chéile: roinneann siad smaoine, tugann siad aiseolas dá chéile, bailíonn siad sonraí le chéile agus tacaíonn siad lena chéile nuair is gá. Braitheann cáilíocht an méid a fhoghlaimítear ar cháilíocht na hidirghníomhaíochta sóisialta sa seomra ranga agus tá ról an mhúinteora an-tábhachtach, go háirithe maidir leis an ngné shóisialta den chur chuige FBF. In FBF, cruthaíonn na scoláirí agus na múinteoirí brí roinnte trí chomhoibriú. Difríocht mhór idir FBF agus an t-oideachas traidisiúnta ná go mbíonn na múinteoirí ina n-éascaitheoirí sa timthriall fiosraithe, sa chur chuige FBF, agus go mbíonn na scoláirí ina ngníomhairí sa phróiseas foghlama.

Cén difríocht atá idir FBF agus cuir chuige thraidisiúnta?

Saintréith de chuid an chur chuige FBF ná go bhfuil an próiseas foghlama tiomáinte ag ceist “fhíor”, ceist a thagann ó na scoláirí féin, más féidir, nó atá ag teacht ar a laghad lena spéiseanna. In FBF, tá an próiseas a bhaineann le foghlaim conas foghlaim níos tábhachtaí ná eolas a fháil faoi ábhar áirithe.

Tá FBF, i gcodarsnacht leis an bhfoghlaim thraidisiúnta, scoláirelárnach agus neamhlíneach (timthriallach), ildisciplíneach agus neamh-rannach ó thaobh struchtúir de. Dírítear san oideachas traidisiúnta go minic (fós) ar aistriú eolais, ach in IBL is é aidhm an phróisis foghlama scileanna an 21ú haois a fhorbairt (féach Léaráid 1). Níl easpa struchtúir i gceist in FBF, áfach: tá struchtúr ag baint leis go díreach atá éagsúil le cuir chuige thraidisiúnta. Mar gheall ar an struchtúr difriúil seo tá níos mó pleanála ag teastáil agus is gá do na múinteoirí agus do na scoláirí araon ról difriúil a ghlacadh orthu féin.

Tréithe FBF

Tá go leor buntáistí ag baint le FBF a thabhairt isteach sa seomra ranga agus úsáid a bhaint as i gcomparáid leis an gcur chuige traidisiúnta:

- Tá sé cruthaithe gur cur chuige éifeachtach oideachais é FBF do gach aois (K-12; Dobber et al, 2017)
- Cuireann FBF cumais féinfhoghlama chun cinn i measc na scoláirí, ar féidir iad a chur i bhfeidhm lasmuigh den seomra ranga freisin
- Foghlaimeoidh na scoláirí conas iad féin a ullmhú le haghaidh marthanais agus caidreamh bríoch leis an tsochaí sa 21ú haois (forbairt scileanna don 21ú haois)
- Is féidir mionlaigh agus pobail faoi mhíbhuntáiste a chur san áireamh ar shlí níos éasca sa phróiseas foghlama de bhrí gur féidir FBF a chur i bhfeidhm ar leibhéil éagsúla dul chun cinn
- Déanann FBF bailíochtú ar an taithí agus ar an eolas atá ag na scoláirí cheana féin agus tugann sé isteach sa phróiseas foghlama í
- Cothaíonn an cur chuige spreagadh intreach agus fiosracht i measc na scoláirí, rud a chuireann lena bhforbairt phearsanta
- Tá FBF an-solúbtha agus is féidir é a chur in oiriúint do riachtanais an tseomra ranga

Scileanna don 21ú haois




Léaráid 1: Creat amháin a d'fhéadfaí a úsáid d'inniúlachtaí don 21ú haois (Alberta, 2011)

Sa ré réamhdhigiteach, bhí eolas áirithe ar fhíorais agus ar idirghaoil riachtanach don tsochaí agus measadh gur bhuntáiste é do dhaoine óga ar mhian leo ról fiúntach a bheith acu sa mhargadh fostaíochta. Sa ré dhigiteach atá ann faoi láthair, áfach, tá gá le hinniúlachtaí eile ar fad i gcás daoine óga chun gur féidir leo páirt a ghlacadh sa tsochaí, ós rud é go bhfuil rochtain ag daoine láithreach ar mhéid ollmhór eolais go héasca ar an idirlíon. Chun páirt a ghlacadh i sochaí an 21ú haois agus cur léi, tá scileanna éagsúla ag teastáil: conas teacht ar an eolas ceart, mar shampla, idirdhealú a dhéanamh idir eolas bréagach agus eolas fíor, iontaofacht foinse a mheas, scileanna TFC, cruthaitheacht, comhoibriú, cumarsáid agus éirim mhothúcháin. Lena chois sin, an dearcadh ceart a bheith agat i leith na foghlama agus a bheith fíorach, báúil, solúbtha agus in ann feidhmiú as do stuaim féin – déantar iad seo ar fad a áireamh mar scileanna don 21ú haois.

Leibhéil éagsúla FBF

Is féidir FBF a chur i bhfeidhm i seomra ranga ar shlite éagsúla, ag brath ar riachtanais agus taithí na scoláirí agus an mhúinteora. Tá leibhéil (nó saghasanna) éagsúla i gceist, ó leibhéal íseal fiosraithe go leibhéal ard.

Baineann an difríocht i leibhéil fiosraithe leis an méid treorach a thugann an múinteoir le linn an phróisis fiosraithe agus an méid neamhspleáchais a thugtar do na scoláirí. San ‘fhiosrú struchtúrtha’ (féach léaráid 2) bíonn an múinteoir chun tosaigh sa phróiseas fiosraithe, a dhéantar de ghnáth leis an rang iomlán tar éis phróiseas smaointeoireachta an mhúinteora. Ag an taobh eile den raon, san ‘fhiosrú saor’, bíonn smacht iomlán ag na scoláirí maidir a bpróiseas foghlama agus is éascaitheoir é/í an múinteoir: déanann na scoláirí beagnach gach céim a fhorbairt agus déanann siad cinneadh faoina dtopaic féin, a gceist taighde agus na céimeanna a tharlódh ina dhiaidh sin sa phróiseas. Bíonn ról na múinteoirí agus na scoláirí ag brath ar an leibhéal (cineál) fiosraithe atá i gceist.



Léaráid 2: ceithre leibhéal an Oideachais Bunaithe ar Fhiosrú (iomhá ó trevormackenzie.com; foilsithe le cead an údair)

Róil éagsúla

In FBF, bíonn na scoláirí ina rannpháirtithe gníomhacha sa phróiseas foghlama. Bíonn níos mó saoirse acu maidir leis an méid is mian leo a fhoghlaim agus conas is mian leo a bheith ag foghlaim ná mar a bhíonn san oideachas traidisiúnta toisc go mbíonn úinéireacht acu ar an bpróiseas foghlama, a bhíonn tiomáinte ag a bhfiosracht. Bíonn an próiseas fiosraithe bunaithe ar fhíorcheist a mhúsclaíonn spéis na scoláirí, rud a fhágann go mbíonn ceangal níos láidre acu leis an bhfoghlaim ná mar a bhíonn i gcás na foghlama neamhghníomhaí. In FBF, forbraíonn na scoláirí inniúlachtaí éagsúla agus tógtar ar na hinniúlachtaí a bhíonn ann cheana. Deirtear sa Teoiric Féinchinntiúcháin ar riachtanais shíceolaíocha (Ryan agus Deci, 2000) gur gá riachtanais an duine maidir le neamhspleáchas, inniúlacht bhraite agus gaolmhaireacht a chomhlíonadh chun an spreagadh intreach is fearr a bhaint amach. Dá bhrí sin, bíonn spreagadh intreach na scoláirí maidir leis an bpróiseas foghlama in FBF ard go leor de ghnáth.

Sa chur chuige FBF, oibríonn na scoláirí i mbeirteanna, i bhfoghrúpaí nó mar rang iomlán, ag brath ar chéim agus nádúr an phróisis fiosraithe agus ar dhul chun cinn na scoláirí. Baineann na scoláirí ag leibhéal níos airde níos mó tairbhe as an obair bheirte ná as a bheith ag obair i ngrúpaí níos mó, ach éiríonn níos fearr le scoláirí meánchumais i ngrúpaí níos mó.

Glacann na scoláirí ról an taighdeora orthu féin in FBF. Seo thíos cuid de na nithe a bhaineann le bheith i do thaighdeoir.

Tréithe taighdeoirí:	Nithe a dhéanann na taighdeoirí:
Eolach	Cuireann siad ceisteanna, úsáideann siad an t-eolas atá acu cheana, roinneann siad acmhainní mar leabhair, físeáin, grianghraif agus suímh ghréasáin.
Ina Smaointeoirí	Freagraíonn siad ceisteanna, cuireann siad ceisteanna, déanann siad acmhainní a mheas go criticiúil, gineann siad smaointe, bailíonn siad eolas.
Fiosrach agus leathanaigeanta	Cuireann siad le smaointe daoine eile san áireamh chun tuiscint níos fearr a fháil, úsáideann siad eolas ó fhoinsí éagsúla.
Measúil	Cabhraíonn siad le daoine eile, roinneann siad smaointe, bíonn siad cúramach i dtaca le hábhar daoine eile a úsáid, caitheann siad go measúil le smaointe daoine eile.
Glacann siad rioscaí	Glacann siad páirt i bplé grúpa, roinneann siad smaointe, iarrann siad ar dhaoine eile smaointe nó teoiricí a chur ar fáil, déanann siad bealaí nua chun teacht ar eolas a fhiosrú, cuireann siad agallamh ar dhaoine.
Machnamhach	Breacann siad síos ábhar machnaimh, glacann siad páirt i bplé grúpa, déanann siad eolas a mheas, déanann siad iad féin agus daoine eile a mheas ar shlí dearfach den chuid is mó chun go dtiocfaidh feabhas orthu mar thaighdeoirí.

Tábla 1: Tréithe an Taighdeora don scoláire FBF (ó Tanis et al., 2014; bunaithe ar Van Aalst & Truong, 2011)

Toisc go bhfuil an cur chuige FBF scoláirelárnach agus go bhfuil an próiseas foghlama á thiomáint ag fiosracht na scoláirí, ní hionann ról an mhúinteora is an ról a bhí i gceist sa chur chuige traidisiúnta dá bharr. In áit a bheith ar an duine lárnach a mheastar a bheith ina shaineolaí ar an ábhar suime, glacann múinteoirí ról an éascaitheora nó an chóitseálaí agus déanann na scoláirí a threorú le linn an phróisis. Cabhraíonn siad leis na scoláirí teacht ar fhíorcheist agus déanann iad a threorú sa taighde, fiosrú, machnamh, anailísiú agus tuairisciú a tharlaíonn ina dhiaidh sin. Mar an gcéanna, bíonn an measúnú ar phróiseas foghlama na scoláirí difriúil toisc go bhfuil FBF dírithe ar inniúlachtaí a fhorbairt seachas ar aistriú eolais.



Léirigh staidéar ar ról an mhúinteora in FBF go bhfuil dhá idirdhealú tábhachtach sa phróiseas foghlama: an *méid treorach ón múinteoir* agus an *saghas rialála* a chuireann an múinteoir ar fáil.

An méid treorach ón múinteoir

Tá thart ar thrí leibhéal de threoir ó mhúinteoirí in FBF (féach tábla 2; Dobber et al, 2017): fiosrú faoi threoir an mhúinteora, treoir mheasctha agus fiosrú scoláire–stiúrtha. Athraíonn an leibhéal treorach a thugann an múinteoir le linn an phróisis de réir an leibhéil FBF. Ní gá go mbeadh an leibhéal seo mar an gcéanna thar churaclam iomlán FBF agus beidh ar an múinteoir a ról a chur in oiriúint do chomhthéacs an FBF. Nuair a bhíonn cur amach ag na scoláirí ar chur chuige FBF, is dócha go mbíonn fiosrú atá scoláire–stiúrtha níos oiriúnaí ná mar a bheadh i gcás scoláirí nach bhfuil aon eolas acu ar FBF. De réir mar a théann an obair churaclaim ar aghaidh agus de réir mar a théann na scoláirí i dtaithí ar a bheith i gceannas ar an bpróiseas fiosraithe, is féidir leis an múinteoir aistriú ó fhiosrú faoi threoir an mhúinteora go fiosrú scoláire–stiúrtha. Bainfidh an múinteoir a úsáideann FBF den chéad uair tairbhe as triail a bhaint as leibhéal éagsúla treorach chun an ceann is oiriúnaí a aimsiú do na scoláirí agus don chéim den phróiseas FBF atá i gceist. Tá sé tábhachtach do mhúinteoirí cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal treorach is mian leo a úsáid agus tosú leis sin, bunaithe ar a n-inniúlachtaí féin, ar riachtanais na bhfoghlaiméirí agus éilimh na ngníomhaíochtaí fiosraithe a úsáidfí na scoláirí. Léiríonn taighde gurb é an rud is éifeachtaí ó thaobh an phróisis foghlama de ná an múinteoir idirdhealú a dhéanamh idir na trí leibhéal treorach, seachas díriú ar chur chuige scoláire–stiúrtha amháin: is féidir leis na scoláirí an próiseas fiosraithe a fhoghlaim freisin trí aithris a dhéanamh ar an múinteoir.

Cur chuige maidir le treorú	Ról an mhúinteora
Fiosrú scoláire–stiúrtha	Déanann na scoláirí cinneadh ar an gceist taighde, conas a bhaileoidh siad an t-eolas, cad a chuirfidh siad i láthair agus conas a dhéanfaidh siad é sin. Réitíonn an múinteoir an bealach agus ní threoraíonn sé an próiseas ach nuair is gá. Is iad na scoláirí go príomha atá i gceannas ar an bpróiseas fiosraithe.
Treoir mheasctha	Déanann an múinteoir agus na scoláirí araon cinntí faoi ghnéithe den phróiseas fiosraithe. Tugann an múinteoir méid teoranta smachta ar an bpróiseas fiosraithe do na scoláirí.
Fiosrú faoi threoir an mhúinteora	Déanann an múinteoir cinneadh maidir leis an gceist taighde a bhfuil staidéar le déanamh uirthi, na hacmhainní atá le húsáid, conas staidéar a dhéanamh ar na hacmhainní agus conas is gá na conclúidí a chur i láthair.

Tábla 2: trí leibhéal treorach, bunaithe ar Dobber et al. 2017.

An saghas rialála ón múinteoir

Tá an próiseas FBF ildisciplíneach; ní gá do mhúinteoirí a bheith ina saineolaithe ach is gá dóibh roinnt ról agus scileanna rialála a chlúdach le linn an phróisis. Go ginearálta, tá trí shaghas rialála ann a úsáidfí na múinteoirí le linn an phróisis FBF: (1) rialáil mheiteachognaíoch, (2) rialáil shóisialta, agus (3) rialáil choincheapúil. Cé go gcuirtear i láthair iad mar scileanna rialála ar leith, tá siad fite fuaite lena chéile, dáiríre. Bíonn saghas difriúil rialála (cineál ceannasach) ag teastáil i gcás gach ranga agus gach céime den phróiseas FBF. Mar shampla, sna céimeanna tosaigh den phróiseas foghlama, b'fhéidir go mbeadh rialáil níos coincheapúla de dhíth ar na scoláirí chun eolas a chur ar an ábhar nó ar an straitéis nua foghlama, ach bíonn an rialáil mheiteachognaíoch agus shóisialta níos lárnaí de réir mar a théann an próiseas ar aghaidh. Tá léargas le fáil i dTábla 3 ar na cineálacha éagsúla rialála.

Cur chuige rialaithe	Ról an mhúinteora	Sampla
Rialáil mheiteachognaíoch <i>An bhéim ar fhoghlaim conas gníomhú agus smaoineamh mar eolaí</i>	Díriú ar scileanna smaointeoireachta	Spreagann an múinteoir na scoláirí chun dul i mbun próiseas féinmhínithe trí cheisteanna a chur orthu faoina bhfiosrú agus trí iarraidh ar a bpiaraí tuairimí a thabhairt faoi na freagraí.
	Cultúr fiosraithe a chur chun cinn	Cuireann an múinteoir ionchais nua in iúl go follasach faoi ról na scoláirí (níos gníomhaí) sa seomra ranga.
	Dioscúrsa fiosraithe a threorú	Iarrann an múinteoir ar na scoláirí an cur chuige 'Iarr Smaointeoireacht agus Abair Cén Fáth' a úsáid chun iad a spreagadh le ceisteanna spreagúla a chur, mar shampla 'Conas atá... bainteach le...? / mínigh do fhreagra'.
	Na scoláirí a chur ar an eolas faoi thréithe na heolaíochta	Oibríonn an múinteoir leis na scoláirí i saotharlann cheart agus díríonn ar smaoineamh ar hipitéisí, torthaí a thuar agus anailís a dhéanamh ar shonraí.
Rialáil shóisialta <i>An bhéim ar phróiseas sóisialta na foghlama a threorú</i>	An bhearna idir lucht ard- agus ísealgnóthachtála a laghdú	Tugann an múinteoir tacaíocht do scoláire ag a bhfuil gnóthachtáil íseal chun gur féidir leis/léi a bheith ina c(h)omhpháirtí níos bríomhaire i bplé grúpa.
	Foghlaim i ngrúpaí a eagrú do na scoláirí	Úsáideann an múinteoir straitéisí éagsúla chun grúpaí scoláirí a chur le chéile, mar shampla, nuair a bhíonn an fhoghlaim dírithe ar fhoghlaim bhunúsach (gan aistriú), déantar grúpaí a chruthú go randamach ach nuair a bhíonn an fhoghlaim dírithe ar fhoghlaim ag leibhéal níos airde, oibríonn scoláirí príomhshrutha i ngrúpaí níos mó agus oibríonn foghlaimeoirí atá ag leibhéal níos airde le duine amháin eile.
	Díriú ar an bpróiseas comhoibrithe	Sula dtosaíonn na tionscadail, leagann an múinteoir síos bunrialacha an chomhoibrithe agus pléann iad leis na scoláirí.
Rialáil choincheapúil <i>An bhéim ar eolas agus rialacha a bhaineann le hábhar faoi leith</i>	Eolas a chur ar fáil maidir leis an topaic taighde	Cuireann an múinteoir tús le tionscadal taighde trí iarraidh ar na scoláirí cuardach a dhéanamh ar an rud a bhfuiltear chun staidéar a dhéanamh air (ar an idirlíon, i nuachtáin, trí cheiseanna a chur ar thuismitheoirí) agus gach rud atá ar eolas acu faoi a scríobh síos.
	Díriú ar thuiscint choincheapúil	Díríonn an múinteoir ar eolas nua ón tionscadal fiosraithe a nascadh le heolas a bhí ag na scoláirí cheana féin.

Tábla 3: trí chineál de chur chuige rialála, bunaithe ar Dobber et al, 2017.



Conas Mórtas Áite a theagasc¹

Cad is Mórtas Áite ann?

I síceolaíocht ghinearálta, meastar gur mothúchán dearfach é mórtas a chuimsíonn mothúcháin mhaithe a bhaineann le féiniúlacht agus féinmheas an duine féin. Bíonn daoine mórtasach as rud éigin a dhéanann siad agus a bhaineann siad amach (mórtas “barántúil”). Ach is féidir leo a bheith mórtasach chomh maith as rud éigin atá iontu, nó as éacht a bhaineann le dream/rud seachtrach a nascann siad lena bhféiniúlacht: grúpaí agus foirne lena mbaineann siad, cuir i gcás (mórtas “uaibhreach”).

Go hachomair, is éard is Mórtas Áite (MÁ) ann an mothúchán dearfach a bhíonn ag daoine i dtaca le háit a samhlaíonn siad iad féin léi nó a bhfuil ceangal acu léi, ó thaobh cognaíochta de (e.g., áit a aithním mar chuid de m’fhéiniúlacht) agus ó thaobh mothúchán de (e.g., áit a bhfuil gean agam uirthi). Cé nach bhfuil iniúchadh déanta ar an gceist seo ach i gcúpla staidéar, is dócha go bhféadfadh gné “bharántúil” agus “uaibhreach” a bheith ag baint le MÁ freisin.

Cad iad na torthaí a bhíonn ar MÁ?

Tá ceangal láidir idir an mórtas agus féinmheas an duine agus tá baint láidir ag an mórtas le mothúcháin a bhaineann le folláine phearsanta. Iadsan a bhfuil mórtas orthu as a gceantar féin, bíonn níos féinmhuiníní agus bíonn leibhéal níos airde folláine acu ar an iomlán.

Ó thaobh an phobail de, bíonn éifeachtaí dearfacha ag MÁ de bhrí go mbíonn daoine atá mórtasach as a n-áit dúchais níos spreagtha de ghnáth chun an áit a bhfuil siad ceangailte léi a chosaint agus a fheabhsú. Mar shampla, beidh cónaitheoirí a bhfuil MÁ ard acu níos sásta cabhrú le cumainn dheonacha áitiúla nó níos toilteanaí gníomhú má bhíonn bagairt éigin ar an gcomharsanacht (e.g. tionscadal nua nach bhfuil ag teastáil). Beidh áitritheoirí mórtasacha níos tugtha d’iompraíochtaí a chabhróidh leis an timpeallacht agus leis an gcaomhnú, go háirithe nuair a thiocfaidh feabhas láithreach agus sofheicthe ar cháilíocht na timpeallachta áitiúla dá bharr.

Mar sin féin, ní mór a chur san áireamh go bhféadfadh dearcadh frithshóisialta agus naircisíoch tarlú i gcás daoine a bheadh tógtha leis an MÁ dá rachfaí thar fóir, i gcásanna míchuibheasacha, leis an mbéim a chuirtear sa MÁ ar fhéinmheas an duine aonair, agus go bhféadfaidís caitheamh anuas ar dhaoine eile, ar ghrúpaí agus ar áiteanna nach mbaineann siad leo nó fiú bagairt orthu. Tá sé tábhachtach mar sin MÁ a spreagadh a chothaíonn cuimsiú agus saibhiú na héagsúlachta agus an mhalartaithe le daoine agus le háiteanna eile, chomh maith le haird a tharraingt ar ghnéithe dearfacha agus uathúlacht na háite atáthar a chur chun cinn.

Cathain a chothaítear MÁ i ndaoine?

De réir Theoiric Féinchinntiúcháin Ryan agus Deci tá trí bhunriachtanas ag daoine nach mór do gach duine, i ngach cás, a chomhlíonadh i gcónaí ar mhaithe lena leas síceolaíoch: *féinriail*, *gaolmhaireacht* agus *inniúlacht*. Meastar go bhfuil na riachtanais seo uilíoch agus i ndaoine ó dhúchas, agus tá siad le feiceáil sa chine daonna, is cuma cén tréimhse, inscne nó cultúr atá i gceist. Mothaímid go maith nuair a bhímid le daoine, i suímh, i ndálaí poist, in áiteanna a chuireann ar ár gcumas na trí riachtanas seo a shásamh.

Agus tagairt á déanamh d’áit, is féidir leis an riachtanas *gaolmhaireachta* tagairt a dhéanamh do chaidrimh stuama a thógáint le daoine eile a bhfuil cónaí orthu san áit, agus/nó leis an áit féin. Is féidir leis an *bhféinriail* baint a bheith aici leis an ngá atá le féinéifeachtúlacht, áit a mbraitheann daoine gur gá a bheith in ann gníomhú ina gceantar féin agus é a leasú, a athrú, a chothabháil. Baineann an gá le *hinniúlacht* leis an mian a bhíonn ag daoine go mbeidís in ann máistreacht a fháil ar scileanna áirithe atá riachtanach nó úsáideach san áit sin. Nuair a chruthaítear áit a chuireann ar chumas daoine a gcuid riachtanas síceolaíoch a shásamh, b’fhéidir go spreagtar daoine agus cónaitheoirí na háite chun a bheith bródúil as an áit sin nó leanúint orthu de bheith bródúil aisti. D’fhéadfadh sé daoine a spreagadh chomh maith chun fanacht san áit sin agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí chun í a fheabhsú agus a chothabháil.

¹ Ó: Bonaiuto, M., Albers, T., Eren, R. and Ariccio, C., (2020). Pride of Place: a curriculum to (re)connect and encourage young people to be engaged with their rural areas. Coimre beartais a forbraíodh mar chuid den tionscadal Erasmus+: Mórtas Áite. – Ar fáil ag www.prideofplace.eu

Dá bhrí sin, i gcomhthéacs na gcaidreamh idir duine agus áit, má shásaítear na trí riachtanas shíceolaíocha seo, is mó seans a bhíonn ann go bhfaighfear agus go gcoimeádfar MÁ

Conas is féidir forbairt MÁ a éascú?

Ar an mórgóir, tugann roinnt staidéar le fios gur féidir le MÁ forbairt trí dhéanamh áite agus trí shealbhú: caithfidh daoine a bheith in ann cur le háit – trí ghnéithe di a athrú, an áit a chur in oiriúint nó an áit a athrú trí ghníomhartha éagsúla d'fhonn caidreamh a bhunú léi. Is minic a fheictear go bhfuil baint ag MÁ le háiteanna ina ndéanann daoine gníomhaíochtaí ar leith, mar shampla ceangail theaghlaigh a choinneáil, ceangail a bhraitheann siad atá tábhachtach dá bhféiniúlacht, dá bhféinmheas agus chun mothú dearfach mórtas a fheabhsú.

Is mó seans go dtiocfaidh MÁ chun cinn in áiteanna a bhfuil tábhacht láidir shóisialta agus chultúrtha ag baint leo ná in áiteanna eile. Sa tslí seo, is dóigh go mbeidh oidhreacht chultúrtha, ina gnéithe inlámhsithe agus dolámhsithe, ina foinse chaipitil d'fhorbairt MÁ. Is féidir oidhreacht chultúrtha a shainiú go ginearálta mar fheidhm na dtraidisiún briathartha nó neamhbhriathartha a chruthaíonn daoine a mbíonn cónaí orthu in áit ar leith, mar fheidhm na modhanna táirgeachta, an tsaoil shóisialta, na gcanúintí agus na teanga áitiúla, na ndeasghnátha, na bhféilte agus aistriú iompraíochtaí nó earraí teibí inlámhsithe chuig na glúnta atá le teacht mar thoradh ar eispéiris éagsúla.

Tá rangú déanta ag UNESCO ar an oidhreacht chultúrtha ina míreanna inlámhsithe agus dolámhsithe. Tagraíonn oidhreacht chultúrtha inlámhsithe d'fhoirgnimh agus d'áiteanna stairiúla, séadchomharthaí agus déantúsáin; agus do rudaí a bhfuil tábhacht ag baint leo i dtaca le seandálaíocht, ailtireacht, eolaíocht nó teicneolaíocht cultúir ar leith; agus i measc na nithe atá i gceist san oidhreacht chultúrtha dholámhsithe tá traidisiúin nó nathanna beo a fuarthas mar oidhreacht ónár sinsir agus atá curtha ar aghaidh chuig ár slíocht, mar shampla, traidisiúin bhéil, na healaíona taibhiúcháin, cleachtais shóisialta, deasghnátha, imeachtaí féilte, eolas agus cleachtais a bhaineann leis an dúlra agus leis an gcruinne nó an t-eolas agus na scileanna atá ag teastáil chun ceardaíocht thraidisiúnta a tháirgeadh. De réir UNESCO, baineann oidhreacht chultúrtha dholámhsithe le hoidhreacht an ama atá imithe ach le cleachtais chomhaimseartha thuaithe agus uirbeacha grúpaí cultúrtha éagsúla, leis.

Is féidir leis an oidhreacht chultúrtha a bheith ina foinse ábhartha de mhórtas uaibhreach, agus is féidir mórtas barántúil a fheabhsú trí dhaoine a bheith páirteach i ndéanamh áite agus in athrú áite. Mar shampla, d'fhéadfadh daoine a bheith mórtasach as áit mar gheall ar eachtra stairiúil ábhartha a tharla ansin (mórtas uaibhreach) agus/nó toisc go bhfuil baint ag daoine óga le cinnteoireacht agus le gníomhartha chun an áit a fheabhsú (mórtas barántúil).

Is gné thábhachtach freisin í an dea-cháil shóisialta maidir le mórtas áit a fheabhsú. Mar shampla, má tá cónaí ar dhaoine in áit a bhfuiltear an-eolach uirthi agus a bhfuil dea-cháil uirthi, d'fhéadfadh sé iad a spreagadh chun a bheith mórtasach as an áit sin agus d'fhéadfadh sé ceangal mothaitheach leis an áit a spreagadh. Smaoinigh, mar shampla, ar an lipéad 'Príomhchathair na hEorpa', agus an maoiniú a ghabhann leis, atá tar éis cathracha ar leith a chur chun cinn san Eoraip.

Trí úsáid a bhaint as an oidhreacht chultúrtha mar shócmhainn chun rannpháirtíocht i dtionscnaimh agus i dtionscadail áitiúla a éascú, is féidir léi cur le cuimsiú sóisialta, rud a chabhróidh le daoine a gcuid riachtanas síceolaíoch a chomhlíonadh maidir le neamhspleáchas, gaolmhaireacht agus inniúlacht, agus a spreagfaidh iad chun a bheith bródúil as a gceantar.

Cén fáth a bhfuil MÁ ábhartha i gceantair thuaithe?

De ghnáth, bíonn ceantair thuaithe uathúil ar go leor bealaí: is minic a bhíonn oidhreacht fairsing i gceist iontu, mar ghnéithe speisialta tírdhreacha agus fuílleach traidisiún áitiúil, idir chócaireacht (bianna agus deochanna áitiúla), theanga, ealaíona (ceol, damhsa) agus traidisiúin oibre (nasctha le hacmhainní nádúrtha nó tráchtála áitiúla). Ó thaobh cúrsaí sóisialta de, is minic a bhaineann ceantair thuaithe le ceangail shóisialta láidre agus le pobail dhlútha. Is cosúil go dtugann sé sin le tuiscint gur féidir le daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe MÁ láidir a bheith acu agus dá bhrí sin a bheith an-ghníomhach ina bpobal agus toilteanach maireachtáil ann agus cur lena shlí bheatha.

Má thugaimid aghaidh ar an bhfírinne, áfach, is léir go bhfuil ceantair thuaithe, ar an leibhéal domhanda, agus go háirithe san Eoraip, faoi bhagairt ag an mbánú, agus go bhfuil an claonadh ag daoine atá ina gcónaí iontu, go háirithe an t-aos óg, bogadh go hionaid uirbeacha.

Is é aidhm an tionscadail seo de chuid Erasmus+ dul i ngleic leis an treocht seo trí MÁ sláintiúil a spreagadh i measc daoine óga, is é sin, iad a spreagadh le fanacht i gceantair thuaithe agus iadsan a d'fhág an baile ar mhaithe le hoideachas agus fostaíocht a spreagadh chun bogadh ar ais.



Cuid II

**Curaclam an
Mhórtais Áite:**
Treoir phraiticiúil

An curaclam go hachomair

- Tá dhá phríomhchuspóir ag an gcuraclam: (1) mothú sláintiúil maidir leis an Mórtas Áite a chur chun cinn i measc daoine óga, agus (2) cuid scileanna na scoláirí don 21ú haois a chur chun cinn.
- Tá an cur chuige ar a dtugtar Oideachas Bunaithe ar Fhiosrú in úsáid sa churaclam.
- Tá leibhéil éagsúla fiosraithe ann, agus is féidir an leibhéal is oiriúnaí a roghnú don rang.
- Is féidir le gach úsáideoir (scoil) an curaclam a oiriúnú dá chomhthéacs áitiúil áite (tríd an rogha de thopaicí éagsúla atá ar fáil i gcéim 2).
- Is féidir an curaclam a chur in oiriúint do leibhéil éagsúla scoile, i.e. aois 10 mbliana–16 bliana.
- Tá solúbthacht ag baint leis an gcuraclam ó thaobh déine agus minicíocht úsáide (e.g. seachtain iomlán amháin nó 2 uair sa tseachtain thar 10 seachtaine)

Réamhrá don churaclam agus do na sé chéim sa timthriall fiosraithe

Tá sé chéim idirnasctha sa Churaclam don Mhórtas Áite (MÁ) (féach Léaráid 3). Le chéile cruthaíonn siad timthriall an fhiosraithe agus déanann siad próiseas foghlama na scoláirí a éascú agus iad ag cuardach freagra ar an bpríomhcheist: “Cén fáth a bhfuil ár gceantar uathúil?” (ach ní níos fearr ná áiteanna eile!). Is cur chuige foghlama sóisialta é FBF, rud a fhágann go bhfoghlaímíonn na scoláirí le chéile agus óna chéile.



Léaráid 3: Sé chéim an churaclaim MÁ (cnuasach na n-údar)



An curaclam go hachomair

Céim 1: Is éard atá i gCéim 1 ná réamhrá don churaclam agus do FBF: déanann na scoláirí an topaic a iniúchadh, déanann siad an curaclam a chomhaontú, agus hipitéis agus plean fiosraithe a fhorbairt chun freagra a fháil ar an bpríomhcheist.

Céim 2: Is éard atá i gCéim 2 iniúchadh agus fiosrú ar thopaicí éagsúla áitbhunaithe. Bíonn na topaicí a roghnaítear ag brath ar chomhthéacs uathúil na háite chomh maith leis an am atá ar fáil le caitheamh ar an gcuraclam. Sa chéim seo, téann na scoláirí amach sa 'ghort' agus bailíonn siad a gcuid sonraí faoina n-áit uathúil.

Céim 3: I gCéim 3, cuireann na scoláirí le chéile na sonraí go léir a bailíodh, déanann siad léirmhíniú agus anailís orthu, déanann siad iad a cheangal leis an hipitéis a forbraíodh i gCéim 1 agus baineann siad tátail astu.

Céim 4: Is éard a tharlaíonn i gCéim 4 ná go roinntear na conclúidí agus na torthaí le lucht féachana níos mó. Trí seo a dhéanamh, bíonn an pobal mar chuid den phróiseas foghlama agus rachaidh na torthaí foghlama i bhfeidhm ar shlí níos inbhuanaithe.

Céim 5: I gcéim 5, déanann na scoláirí machnamh ar a bpróiseas foghlama, cuireann siad in iúl a bhfuil foghlamtha acu agus deir siad cad a dhéanfaidís ar shlí difriúil an chéad uair eile.

Céim 6: Is do mhúinteoirí amháin atá Céim 6, agus dóibh siúd amháin a chaithfidh próiseas foghlama an scoláire a mheas (le grád).

Ábhair mhachnaimh don mhúinteoir

- Bí ag súil go rachaidh rudaí mícheart agus nach n-éireoidh leo uaireanta. Tá FBF casta do na scoláirí agus do na múinteoirí araon, agus is cuid thábhachtach é seo den phróiseas foghlama.
- Cuir cosc ar an nós atá ag múinteoirí na freagraí a sholáthar.
- Bí sásta glacadh le gach rud a tharlóidh sa seomra ranga.
- Bain triail as róil éagsúla don mhúinteoir agus leibhéil éagsúla FBF.
- Nuair a theipfidh ar rudaí áirithe, bain taitneamh as sin. Go minic, is ag na hamanna sin a tharlaíonn an fhoghlaím is fearr.

Céim 1

Tús a Chur le Cúrsaí

Tá dhá chuid sa chéim seo. Is réamhrá ginearálta ar an gcuraclam é Cuid A agus is éard atá i gCuid B pleanáil na modúl a leanfaidh na scoláirí i gcéim 2. Ag brath ar an leibhéal fiosraithe atá oiriúnach don rang (féach leathanach XX), is féidir leis an múinteoir nó leis na scoláirí féin Cuid B a dhéanamh. Ba chóir Cuid A a dhéanamh i gcónaí chun na scoláirí agus an múinteoir a ullmhú don phróiseas fiosraithe.

CUID A

Réamhrá

Is í an chéim seo tús an tionscadail agus tabharfaidh sí deis do na scoláirí smaoineamh ar a geantar féin. Is é seo an chéad uair a chuirfidh siad FBF i bhfeidhm sa tionscadal seo. Tabharfar eolas do na scoláirí chomh maith ar a bhfuiltear ag súil leo i dtéarmaí ról, saoirse agus freagrachta.

Cuspóirí

- an cur chuige nua foghlama agus a ról, a saoirse agus a bhfreagrachtaí a chur in iúl do na scoláirí
- an topaic Mórtas Áite i gcomhthéacs áitiúil a chur i láthair agus a iniúchadh
- an phríomhcheist taighde a cheapadh: *Tríd an gcuraclam, ba cheart go bhfaighfí freagra ar an bpríomhcheist “Cén fáth a bhfuil ár gceantar uathúil?”*
- mapáil a dhéanamh ar an eolas/na scileanna a bhaineann leis an gCeist Taighde (CT) atá ann cheana
- freagraí a d’fhéadfadh a bheith ar an CT (hipitéisí) a cheapadh.

Am molta

Ar a laghad 1–2 uair.

Ábhair

Teimpléad 1, féach Iarscríbhinn I.

Treoracha

Céim 1: an tionscadal a chur i láthair an ranga

Chun an tionscadal a thosú, beidh ar na scoláirí comhthuiscint a fháil ar cad is ‘áit’ ann. Ní gá, ag

an bpointe seo, díriú ach ar an áit ina bhfuil an scoil suite; is féidir áit ar bith a phlé. Is féidir é seo a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na slite seo a leanas (tá saoirse ag múinteoirí a gcuid teicnící/uirlisí féin a úsáid):

- Scrúdaigh smaointe leis an rang iomlán faoina gceantar: cad é atá ann agus cad atá ar eolas acu faoin áit seo. Chun na smaointe a shamhlú, is féidir leat meabhairmhapa a dhéanamh.
- Iarr ar na scoláirí grianghraf a thabhairt isteach d’áit is maith leo nó nach dtaitníonn leo. Spreag iad chun é a thaispeáint don rang agus a rá cén fáth ar roghnaigh siad an grianghraf seo. Cén scéal a bhaineann leis an ngrianghraf a roghnaigh siad?
- Is féidir an rud céanna a dhéanamh le scéal, físeán, amhrán, nó rud éigin eile ar léiriú é ar áit.
- Cuir tús le díospóireacht, leis an gceist seo a leanas, mar shampla: “Conas a bhí do laethanta saoire agus cad is féidir leat a rá faoin áit/na háiteanna a ndeachaigh tú?”

Céim 2: Sa chéim seo, díreofar ar an áit a bhfuil an scoil suite (an áit a ndéanfar taighde fúithi don tionscadal).

Tabharfar an phríomhcheist do na scoláirí a bheidh orthu a fhreagairt sa tionscadal seo: “Cén fáth a bhfuil ár gceantar uathúil?”

Tá sé tábhachtach a rá nár cheart díriú ar na nithe atá níos fearr nó níos measa faoinár n-áit-ne i gcomparáid le háiteanna eile, ach ar na nithe a fhágann go bhfuil ár n-áitne difriúil. Tá rud éigin faoi leith ag baint le gach áit agus trína fháil amach cad é sin, is féidir leis na scoláirí cuid dá bhféiniúlacht agus dá mórtas a aimsiú.

Is éard atá sa chéim seo ná scrúdú smaointe. Ag brath ar thaithí na scoláirí agus an mhúinteora Is féidir é seo a dhéanamh mar ghrúpa amháin nó i bhfoghruipaí.



Caithfidh na scoláirí na trí cheist seo a leanas a fhreagairt (is féidir Teimpléad 1 a úsáid chun na freagraí a thuairisciú):

- Cad atá ar eolas againn cheana faoinár gceantar agus a uathúlacht? Cabhróidh an cheist seo leis na scoláirí an méid atá ar eolas acu cheana faoin áit a bhailíochtú.
- Cad é nach bhfuil ar eolas againn faoin áit agus a bhfuil sé tábhachtach taighde a dhéanamh air chun an cheist taighde a fhreagairt? Cabhraíonn sé seo le smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh agus le fáil amach cad nach bhfuil ar eolas acu.
- Cad iad na freagraí a d'fhéadfadh a bheith ar an gceist taighde (hipitéisí), dar linn? *I gCéim 3 déanfaidh na scoláirí comparáid idir a gcuid freagraí ó mhoduil an tionscadail (Céim 2) agus na hipitéisí agus déanfaidh siad a machnamh air seo.*

Céim 3: Na hionchais chearta a leagan síos

Sa chéim seo, míníonn an múinteoir do na scoláirí an méid a bhfuiltear ag súil leis uathu sa tionscadal seo agus cuireann sé/sí in iúl dóibh go bhfuil sé tábhachtach go bhforbróidís scileanna foghlama sóisialta (ag foghlaim lena chéile agus óna chéile). Ciallaíonn sé seo go spreagfar na scoláirí le bheith ina smaointeoirí criticiúla, comhoibriú agus cumarsáid a dhéanamh agus an méid atá foghlamtha acu a roinnt. Comhlíonfaidh na scoláirí ról an taighdeora. Tá cuid de cháilíochtaí agus iompraíochtaí gaolmhara an taighdeora le feiscint i dTábla 1 ar leathanach XX.

- Mínigh do na scoláirí gurb iadsan gníomhairí an tionscadail seo agus go mbeidh siad ag feidhmiú mar chomhthaighdeoirí.
- Déan tábla a bheidh ar aon dul le Tábla 1 ina mbeidh colún dar teideal 'Is éard is taighdeoirí ann' agus ceann amháin dar teideal 'Is éard a dhéanann taighdeoirí'.
- Le linn babhta tobsmaointeoireachta, fiafraigh de na scoláirí cad iad na cáilíochtaí atá ag taighdeoirí, dar leo. Comhlánaigh an liosta le cáilíochtaí ó Thábla 1.
- Fiafraigh de na scoláirí cén saghas iompair a bhaineann leis na cáilíochtaí seo. Mar shampla: le bheith i do smaointeoir criticiúil, cuireann taighdeoir ceisteanna, déanann sé/sí iarracht smaointeamh ar fhreagraí malartacha ar cheist (shimplí), spreagann sé/sí smaointe.

- I gCéim 5, déanfaidh na scoláirí machnamh ar fhorbairt a gcáilíochtaí mar thaighdeoirí agus moltar go scríobhfaidís siad síos, ina n-aonar, na cáilíochtaí ar leith ba mhaith leo a fhorbairt le linn an tionscadail seo.
- De rogha air sin, is féidir leis an rang conradh foghlama a dhéanamh ón tábla cáilíochtaí agus iompraíochta a chuirfear ar fáil.

Leid

- Chun foghlaim ionchuimsitheach a spreagadh, is féidir leis an múinteoir na leaganacha 'sinn'/'muid' agus 'ár gcuid smaointe' a úsáid chun tuiscint a thabhairt don rang ar fhoghlaim ghrúpabhunaithe.
- Bíonn ról éagsúla ag múinteoirí le linn an tionscadail seo, agus sa tríú céim seo is féidir leo díriú ar na gnéithe foghlama sóisialta.

Céim 4: grúpaí a chur le chéile

Ag brath ar eispéireas an ranga le FBF agus ar aois na scoláirí, féadfaidh an múinteoir cinneadh a dhéanamh cur chuige ranga iomláin a úsáid sa tionscadal nó an rang a roinnt i bhfoghgrúpaí. Níl aon treoirlíne bheacht ann chun cabhrú le múinteoir cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige atá le roghnú: is é taithí an mhúinteora agus a m(h)uinín in FBF na príomhthreoracha. D'fhéadfadh na treoirlínte seo a leanas tuilleadh cabhrach a chur ar fáil:

- Tá FBF oiriúnach do gach aois agus do gach leibhéal scoile (Tá sé oiriúnach do 'K12')
- Is cur chuige foghlama sóisialta é FBF.
- Má shocraíonn tú go ndéanfar an obair i bhfoghgrúpaí, moltar duit na scoláirí is airde leibhéal a chur ag obair ina mbeirteanna. Léiríonn taighde go bhfeidhmíonn siad níos fearr agus go bhfoghlaimíonn siad níos mó nuair a bhíonn siad péireáilte le scoláire ardleibhéil eile seachas a bheith ag obair i ngrúpaí níos mó le comhghleacaithe nach bhfuil an leibhéal céanna acu.
- Is fearr a oibríonn an gnáthscoláire i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear.
- Tá scileanna rialála sóisialta an mhúinteora tábhachtach ag an bpointe seo agus le linn an tionscadail mar is dóichí go mbeidh éascú leanúnach de dhíth ar na scoláirí i bpróisis obair ghrúpa.

CUID B

Réamhrá

Sa dara cuid seo de Chéim 1 tá pleanáil le déanamh agus cinneadh maidir leis na modúil atá le leanúint d'fhonn na ceisteanna taighde a fhreagairt. Tá 14 mhodúl i gCéim 2 (féach Tábla 4) ar ábhair a bhaineann le háiteanna, gach ceann acu ag tabhairt aghaidh ar an bpríomhcheist taighde ó thaobh topaicí agus peirspictíochtaí éagsúla de. Tá na modúil le feiscint in Iarscríbhinn II.

Tá an tsaoirse ag múinteoirí na modúil seo a oiriúnú ar aon slí a fheabhsaíonn a gcáilíocht nó a fhreastalaíonn ar an slí is fearr ar an gcomhthéacs teagaisc, nó modúil nua a dhearadh nach bhfuil ar an liosta.

Cuspóir

- modúil Chéim 2 a roghnú agus a phleanáil – is é an múinteoir, an múinteoir agus na scoláirí nó na scoláirí féin a dhéanfaidh é seo, de réir leibhéal an fhiosraithe a úsáidfear.

Treoracha

Ag brath ar an leibhéal fiosraithe a úsáidfear, is féidir leis an múinteoir, an múinteoir agus na scoláirí nó na scoláirí féin cinneadh a dhéanamh maidir leis na modúil atá le leanúint. Ba cheart na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Cén saghas leibhéal fiosraithe a leanfaidh an rang? Más Fiosrú Struchtúrtha nó Rialaithe é, is féidir leis an múinteoir cinneadh a dhéanamh maidir leis na modúil agus leis an bpleanáil. Más Fiosrú Treoraithe é, déanfaidh an múinteoir agus na scoláirí an cinneadh le chéile, agus i bhFiosrú Saor beidh an tsaoirse ag na scoláirí cinneadh a dhéanamh faoi na modúil a ndíreoidh siad orthu.
- Cé mhéad ama atá ar fáil don tionscadal?
- Ag brath ar an gcomhthéacs áitiúil, is féidir na hábhair is oiriúnaí a roghnú.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh sé indéanta ligean do na scoláirí tabhairt faoi mhodúil éagsúla go comhthreomhar. D'fhágfadh sé seo nach ndéanfaidh na scoláirí taighde ar na hábhair chéanna, ach trí thorthaí a roinnt le linn an tionscadail ar fad d'fhéadfaidís a chéile a chur ar an eolas faoi na príomhthorthaí óna gcuid taighde ar leith.

Uimhir an mhodúil	Topaic(i)
1	Cúrsaí teanga i gcoitinne
2	Béaloideas & Miotaseolaíocht
3	Bithéagsúlacht
4	Folláine
5	Gastranómachas
6	Tíreolaíocht
7	Imeachtaí Áitiúla
8	Poist / Ceardaíocht
9	Stair
10	Ailtireacht
11	Gnásanna Sóisialta & Luachanna
12	Ceol agus Damhsa
13	Spórt agus Cluichí
14	Caitheamh Aimsire

Tábla 4: Forléargas ar na topaicí

Céim 2

Bailiú an eolais

Réamhrá

I gCéim 2, tumann na scoláirí iad féin i roinnt ábhar a bhaineann lena gceantar uathúil. Is éard atá sa chéim seo ná modúil a leanann na scoláirí, de réir an phlean a cruthaíodh i gCéim 1B. Leanann gach modúl struchtúr comhchosúil agus soláthróidh na freagraí ar na fo-cheisteanna ionchur chun príomhcheist an tionscadail a fhreagairt.

Cuspóirí

- staidéar a dhéanamh ar an gceantar ó pheirspictíochtaí difriúla trí thopaicí éagsúla a bhaineann le cúrsaí áite

Am molta

Féach na modúil

Ábhair

Teimpléad 2, féach Iarscríbhinn I.
Samplaí de mhodúil, féach Iarscríbhinn II.

Treoracha

Tá an struchtúr céanna ag gach modúl i gCéim 2. I dTeimpléad 2, tabharfar tuairisc ar thorthaí gach céime agus beidh siad mar ionchur do Chéim 3.

Ag brath ar an leibhéal fiosraithe a roghnófar, treoróidh an múinteoir an próiseas ar bhealach difriúil. Más Fiosrú Struchtúrtha nó Rialaithe é, is féidir leis an múinteoir cinneadh a dhéanamh faoin gcuid is mó de na céimeanna. Más Fiosrú Treoraithe é, déanfaidh an múinteoir agus na scoláirí an cinneadh le chéile, agus i bhFiosrú Saor beidh saoirse ag na scoláirí cinneadh a dhéanamh ar conas an modúl a stiúradh.

In Iarscríbhinn II, tá samplaí curtha ar fáil le haghaidh gach topaice i gcás gach céim de Chéim 2. Cabhróidh na samplaí seo leis an múinteoir an próiseas fiosraithe a éascú agus a threorú de réir an leibhéil fiosraithe atá roghnaithe.

Tá an struchtúr seo thíos le fáil i ngach modúl:

Céim 1. An topaic a iniúchadh agus ceist (focheist) taighde a fhorbairt

- Tá réamhrá don topaic le fáil ag tús gach modúil. Is féidir é seo a dhéanamh ar aon shlí cruthaitheach.
- An cheist taighde a cheapadh. Cad ba mhaith linn a fhoghlaim maidir leis an ábhar seo agus an áit? (féach ‘Ealaín na ceiste taighde’ thíos)
- Cad atá ar eolas againn cheana faoin topaic seo? Cabhróidh an cheist seo leis na scoláirí an méid atá ar eolas acu faoin áit a bhailíochtú.
- Cad é nach bhfuil ar eolas againn faoin topaic seo? Spreagfaidh sé seo smaointeoireacht chriticiúil agus díreoidh sé aird na scoláirí ar na rudaí nach bhfuil ar eolas acu.
- Cad iad na freagraí a d’fhéadfadh a bheith ar an gceist taighde (hipitéisí), dar linn? Ag deireadh an mhodúil, déanfaidh na scoláirí a machnamh ar a bpróiseas smaointeoireachta ag an gcéim seo.

Ealaín na ceiste taighde.

In FBF, tá ceist taighde a fhorbairt ar cheann de na príomhscileanna. Cabhróidh na treoirlínte seo a leanas agus iarracht á déanamh ceist mhaith FBF a cheapadh:

1. Tagann ceist mhaith ó na scoláirí, nó ar a laghad is rud é a bhfuil suim acu ann
2. Ní mór di bheith ina ceist oscailte is féidir a fhreagairt (níl na freagraí tá/níl inghlactha)
3. Ba cheart go mbeadh leibhéal áirithe castachta ag baint léi, nach fíric shimplí a bheadh i gceist
4. Ní féidir le daoine an freagra a bheith ar eolas acu sula dtosaíonn an próiseas fiosraithe
5. Teastaíonn bunús oibiachtúil leis an gceist – ní féidir le tuairim ná breithiúnas a bheith i gceist
6. Ní féidir leis an gceist a bheith róphearsanta

Céim 2: Teacht ar acmhainní chun an t-eolas atá in easnamh a aimsiú

Smaoiníonn na scoláirí ar fhéidearthachtaí chun freagraí a fháil ar an gceist taighde a d’fhorbair siad. Mar chuid thábhachtach den chéim seo, ba cheart do na scoláirí smaoiniamh go criticiúil faoi iontaofacht na hacmhainne agus cé chomh dóchúil is atá sé go bhfaighidh siad na freagraí cearta ansin.

Céim 3: Sonraí a bhailiú ó na hacmhainní

Táslite éagsúla ann inar féidir leis na scoláirí sonraí a bhailiú ó na hacmhainní a bheidh roghnaithe acu. Tá roinnt saghasanna liostaithe i dTábla 5. Sa staidéar sóisialta, is iad na hacmhainní is mó a úsáidtear chun sonraí a bhailiú ná litríocht, agus taighde allamuigh agus turgnamhach.

Sa chéim seo, rachaidh na scoláirí amach agus baileoidh siad sonraí ó na hacmhainní a roghnaíodh i gcéim 2. Moltar na scoláirí a thógáint amach as timpeallacht na scoile, mar gur féidir leo teacht ar go leor eolas suimiúil sa 'saol réadúil'.

- Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na scoláirí plean maidir leis na sonraí a bhailiú; ciallaíonn sé seo, mar shampla, go roghnóidh siad nuachtáin, údair nó suímh ghréasáin áirithe i gcás staidéar litríochta. Sula dtéann na scoláirí i mbun staidéar allamuigh, beidh orthu a gcuid ceisteanna agallaimh a fhorbairt nó plean breathnóireachta (cad iad na nithe ar cheart breathnú orthu).
- Cuirfidh na scoláirí plean le chéile freisin ina luafar cé a dhéanfaidh céard agus cathain

Céim 4. Léirmhíniú a dhéanamh ar na sonraí

Sa chéim seo, beidh ar na scoláirí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

- Cad a insíonn an t-eolas a fuaireamar dúinn faoinár gceist taighde?
- Cad iad na conclúidí is féidir linn a dhéanamh?
- An féidir linn na hipitéisí a dhearbú?
- Cad é nach bhfuil a fhios againn go fóill?
- Cad a chaithfimid a dhéanamh chun an t-eolas deireanach a bhí in easnamh a fháil?
- Cad iad na ceisteanna nua atá tagtha chun cinn?
- I gcás líon mór grúpaí: conas a bhfuil freagraí na ngrúpaí difriúla cosúil lena chéile nó éagsúil lena chéile? Cén fáth?

Céim 5. Na torthaí a thuairisciú ar shlí shimplí ina gcuid focal féin

Sa chéim seo, tuairiscíonn na scoláirí a gcuid conclúidí ar a slí cruthaitheach féin.

Céim 6: Machnamh ar an modúl

Beidh ar na scoláirí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

- Conas a d'éirigh leis an modúl seo?
- Cad a thaitin liom agus nár thaitin liom faoin modúl seo?
- Cad iad na nithe ar éirigh go maith leo agus nár éirigh go maith leo?
- Cad ba cheart dúinn a dhéanamh ar shlí eile an chéad uair eile?
- Cad a d'fhoghlaim mé?

Tá an t-eolas seo a leanas sa chur síos ar na modúil in Iarscríbhinn II:

1. Réamhrá don mhodúl: cur síos gairid in 2-3 abairt.
2. Cuspóir an mhodúil
3. An t-am a mholtar don mhodúl (e.g. idir 3 agus 5 uair an chloig)
4. Samplaí de cheisteanna taighde a bheadh oiriúnach don mhodúl ar an topaic
5. Sampla d'acmhainní
6. Sampla de ghníomhaíochtaí chun freagraí a fháil ar na ceisteanna / conas an t-eolas a fháil ó na hacmhainní
7. Samplaí de shlite chun na torthaí a chur i láthair ar bhealach cruthaitheach

Cineál bailithe sonraí	Céard é féin?
Taighde litríochta	Bailíonn na scoláirí sonraí trí úrscéalta, dánta, amhráin, scéalta, nuachtáin, irisleabhair, irisí, acmhainní ar líne, etc. a léamh.
Taighde allamuigh	Bailítear na sonraí sa saol mór, trí agallaimh, breathnóireacht, plé grúpa, etc. a úsáid.
Taighde turgnamhach	Faigheann na scoláirí freagraí trí chomparáidí a dhéanamh nó trí rudaí nua a thriail.
Taighde deartha	Bailítear sonraí trí mheaisín nua, samhail nó gléas eile a dhearadh. Úsáidtear é seo go príomha i gcúrsaí teicniúla.
Taighde ionsamhlaithe	Déantar sonraí a bhailiú trí ionsamhlú ar ríomhaire chun freagraí a fháil ar cheisteanna taighde.

Tábla 5: cineálacha taighde (bunaithe ar Tanis et al., 2014)

Céim 3

Anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar thorthaí an fhiosraithe

Réamhrá

Sa chéim seo, bailíonn na scoláirí na freagraí go léir óna gcuid ceistanna taighde do mhodúil Chéim 2, déanann siad anailís agus léirmhíniú orthu chun a bhfreagra ar an bpríomhcheist taighde ó Chéim 1 a fháil (“Cén fáth a bhfuil ár gceantar uathúil?”). Is deis í an chéim seo freisin do na scoláirí machnamh a dhéanamh ar bhrí an fhreagra mar dhaoine aonair agus mar shochaí (eintiteas sóisialta áite níos mó).

Cuspóirí

- forléargas físiúil a chruthú de thorthaí an taighde sna staidéir a rinneadh ar na topaicí éagsúla i gcéim 2
- anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar thorthaí an phróisis fiosraithe i modúil éagsúla chéim 2
- machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas i gcéim 1 (hipitéis) agus na conclúidí a cheangal ar ais leis an méid a forbraíodh i gcéim 1
- na torthaí agus na conclúidí (machnamh) a cheangal leis an slí a théann áit i bhfeidhm ar na scoláirí tríd an bpróiseas forbartha féiniúlachta agus ceangail áite: mórtas áite

Am molta

1–2 uair

Ábhair

Teimpléad 3, féach Iarscríbhinn I
Teimpléad 1, ó Chéim 1

Treoracha

Céim 1: Forléargas físiúil a chruthú de na freagraí éagsúla

Cruthaíonn na scoláirí forléargas físiúil de na conclúidí uile ar thángthas orthu do gach ceann de na modúil chríochnaithe. Is féidir leo úsáid a bhaint as an eiseamláir atá le feiscint i dTeimpléad 3 nó

as uirlis d’aon shaghas eile (e.g. meabhairmhapa) chun cabhrú leo amharcléiriú a dhéanamh ar an slí a bhaineann gach freagra le príomhcheist taighde an churaclaim. Is féidir é seo a dhéanamh leis an rang ina iomláine nó na scoláirí a roinnt i ngrúpaí níos lú, agus sa chás sin is féidir freagraí na ngrúpaí éagsúla a phlé i gcéim 2.

Sa chéim seo, is é an phríomh rud atá le déanamh ná forléargas a chruthú ar na conclúidí éagsúla ar thángthas orthu agus ar an slí a bhaineann siad seo lena chéile agus leis an bpríomhcheist taighde.

Céim 2: Anailís a dhéanamh ar na torthaí

Baineann na scoláirí úsáid as an bhforléargas ó chéim 1 agus tosaíonn siad ag déanamh anailíse agus plé ar na freagraí a chuireann ar fáil ionchur don phríomhcheist taighde (Teimpléad 1). D’fhéadfaí an chéim seo a dhéanamh chomh maith i ngrúpaí níos lú ar dtús, nó leis an rang iomlán le chéile. Má tá tú ag obair le grúpaí níos lú, pléifear na torthaí laistigh de na grúpaí ar dtús, agus ag deireadh an cheachta is gá comparáid a dhéanamh idir torthaí na ngrúpaí éagsúla.

Tá teimpléad 1 ó chéim 1 ag teastáil don chéim seo.

Is féidir na ceistanna seo thíos a chur chun cabhrú leis na scoláirí anailís a dhéanamh ar na sonraí éagsúla atá os a gcomhair agus plé a thosú a chabhróidh leo smaoineamh go criticiúil.

- Conas a thabharfá freagra ar an bpríomhcheist ó chéim 1?
- An féidir linn ár gcuid hipitéisí a dhearbhu? Cén fáth ar féidir nó nach féidir?
- Cén bhaint atá aige seo leis an teimpléad a líonadh i gCéim 1?
- An bhfuil na torthaí díreach mar a cheapamar a bheidís? Cén bhaint atá aige seo leis an méid a cheapamar a bhí ar eolas againn agus leis na rudaí nach raibh ar eolas againn?
- Cad iad na ceistanna taighde nua atá tagtha chun cinn bunaithe ar a bhfuil déanta againn anois?
- Cén taighde is gá a dhéanamh fós chun an cheist taighde a fhreagairt ar shlí níos fearr?

Céim 3: Brí a bhaint as na torthaí

Is é cuspóir an tríú céim seo ciall a bhaint as na sonraí agus as an anailís ó chéim 2. Cad a chiallaíonn na torthaí seo maidir le cé muid féin mar dhaoine aonair agus mar shochaí?

Tá roinnt féinmhachnaimh ag teastáil sa chéim seo agus tá plé grúpa an-chabhrach don chéim.

Is féidir na ceisteanna seo thíos a úsáid chun an féinmhachnamh agus/nó an plé grúpa a thosnú. Moltar ligean do na scoláirí a gcuid freagraí féin a scríobh síos (roimh an bplé nó ina dhiaidh).

- Cén fáth bhfuil ár gceantar uathúil?
- Cén ghné dár gceantar ar féidir linn a bheith mórtasach aisti?
- An bhfuil difríocht idir na rudaí a bhfuilimid bródúil astu?
- An bhfuil foinse an mhórtais neamhrialaithe ach seasmhach (mórtas uaibhreach) nó inrialaithe ach neamhsheasmhach (mórtas barántúil)?
- Cad a chiallaíonn sé seo maidir le cé sinn féin mar dhaoine aonair agus mar shochaí?
- Cé thusa maidir leis an gceantar seo? Conas a fheiceann tú tú féin mar chuid den cheantar seo?
- Conas is féidir linn cabhrú le daoine nua a bheith mar chuid dár bpobal agus a bheith mórtasach as an gceantar seo?

Cuir deireadh leis an gcéim seo den churaclam le hachóimre ar an bplé agus bain úsáid as seo mar ionchur don chéad chéim eile.

Céim 4

Na torthaí a thuairisciú agus a roinnt le lucht féachana níos mó

Réamhrá

Sa chéim seo, déanann na scoláirí conclúidí na céime roimhe seo (céim 3) a athrú go leagan cruthaitheach is féidir a roinnt le lucht féachana níos mó. Is é aidhm an tuairiscithe agus na comhroinnte seo an pobal, nó an áit, a bheith mar chuid den phróiseas foghlama. Léiríonn taighde go bhfuil an chuid seo den chur chuige oideachais bunaithe ar fhiosrú riachtanach chun go mbeidh na scoláirí ina bhfoghlaimoirí cumasaithe neamhspleácha agus cruthaíonn sí tuiscint dhaingean ar an ábhar a mbíonn staidéar déanta air. Díríonn an tuairisciú ar thorthaí an phróisis (céim 3) agus ar an gcuraclam ina iomláine.

Suimiúil go leor, is féidir leis na foghlaimoirí oidhreacht chultúrtha áitiúil nua a fhorbairt sa chéim seo.

Cuspóirí

- slí nuálach agus úrnua a chruthú chun na torthaí (céim 3) a thuairisciú agus a roinnt mar fhreagra ar an bpríomhcheist taighde (céim 1) le lucht féachana níos mó ná an seomra ranga nó an scoil amháin (i.e. le pobal sóisialta na háite).
- próiseas foghlama an churaclaim oideachais bunaithe ar fhiosrú a roinnt le lucht féachana níos mó: an méid a bhí ar siúl ag na scoláirí sna seachtainí roimhe sin a thaispeáint dóibh.

Am molta

Idir 1–5 uair, ag brath ar cad is mian leis na scoláirí a dhéanamh.

Treoracha

Iarr ar na scoláirí scrúdú smaointe a dhéanamh mar rang iomlán nó i bhfoghrúpaí faoin slí ar mhaith leo tuairisciú a dhéanamh ar an gcuraclam agus ar na freagraí ó chéim 3. Is féidir leo é seo a dhéanamh aon sliar is mian leo, mór nó beag, mar imeacht nó foilseachán aon uaire, nó mar thaispeántas fadtéarmach. Is féidir úsáid a bhaint as gach rud atá oiriúnach don churaclam, dar leis na scoláirí (agus na múinteoirí).

Samplaí

- Ciclipéid a chruthú faoin áit
- Dráma amharclainne a eagrú
- Aonach scoile a eagrú faoi uathúlacht an cheantair
- Taispeántas a eagrú faoin gceantar
- Físeán gairid a dhéanamh faoin gcuraclam agus faoin gceantar
- Suíomh gréasáin a dhéanamh faoin tionscadal

Céim 5

Machnamh na scoláirí ar an bpróiseas foghlama

Réamhrá

Dírítear sa chéim seo ar (fhéin-)mhachnamh na scoláirí ar a bpróiseas foghlama. Cabhróidh sé leo na hinniúlachtaí a d'fhorbair siad le linn an churaclaim a thuiscint agus conas a d'fheidhmigh siad mar thaighdeoirí.

Cuspóirí

- déanann na scoláirí machnamh ar fhorbairt inniúlachtaí agus ar chomhlíonadh a ról mar thaighdeoirí le cabhair/éascú an mhúinteora

Am molta

1 uair

Ábhair

Teimpléad 4, féach Iarscríbhinn I.

Treoracha

Ag brath ar an am atá ar fáil agus ar thaithí na scoláirí ar an bhféinmhachnamh, tá slite éagsúla ann chun an chéim seo a eagrú. Má tá an t-am teoranta, is féidir babhta amháin de mhachnamh rúpa nó aonair a dhéanamh.

Má bhíonn an t-am ar fáil, is féidir an machnamh seo a dhéanamh i roinnt babhtaí; ar bhonn aonair, i mbeirteanna, i bhfoghrúpaí agus/nó mar rang iomlán. Mura bhfuil na scoláirí an-oilte ar fhéinmhachnamh, caithfidh an múinteoir níos mó éascaithe a dhéanamh chun cabhrú leis na scoláirí a bheith feasach ar an méid a bhí i gceist lena dtaithí foghlama. Má tá leibhéal níos airde ag na scoláirí ó thaobh féinmhachnamh de, caithfidh an múinteoir saghas eile éascaithe a chur ar fáil, a bheidh níos dírithe ar chomhroinnt agus ar phlé ná ar fhoghlaim conas eispéiris a chur in iúl.

Is féidir machnamh a dhéanamh ar na trí chatagóir seo a leanas:

- A ról mar thaighdeoirí sa churaclam
- Forbairt a n-inniúlachtaí don 21ú haois
- A dtaithí maidir leis an bpróiseas FBF i gcoitinne

Tá liosta scórála ar fáil i dTeimpléad 4 a chabhróidh leis na scoláirí a bhforbairt féin a rátáil in aghaidh gach míre.



Céim 6

Measúnú an mhúinteora ar an bpróiseas foghlama

Réamhrá

Cuid lárnach de shaol na scoile is ea an measúnú. Is uirlis thábhachtach don mhúinteoir próiseas foghlama na scoláirí a sheiceáil agus a mheas, toisc go léireoidh sé seo cé acu a bhfuil na spriocanna a leagadh síos á mbaint amach nó nach bhfuil. Trí mhachnamh a dhéanamh ar an obair atá forbartha, agus trí ghreillí breathnóireachta agus seicliostaí, déanann an múinteoir cinneadh maidir le gráid (más gá), socrúchán agus dul chun cinn, agus maidir le straitéisí teagaisc agus leis an gcuraclam féin chomh maith. Ó thaobh na scoláirí de, is féidir leis an bheith ina shlí chun a n-iarrachtaí a bhailíochtú agus foghlaim ghníomhach a spreagadh.

Cuspóirí

- na múinteoirí próiseas foghlama na scoláirí a mheas

Gan aon mheasúnú a bheith i gceist atá bunaithe ar éachtaí nó ar chomparáid le scoláirí eile. Ba cheart go mbeadh an measúnú bunaithe ar an gcaoi ar fhorbair an scoláire maidir lena c(h) umais féin.

Ábhair

Iarscríbhinn IV

Treoracha

San oideachas bunaithe ar fhiosrú, bíonn an measúnú ar siúl i gcónaí agus bíonn an próiseas sin chomh tábhachtach céanna leis an toradh deiridh. Léiríonn agus forbraíonn na scoláirí scileanna éagsúla i ngach céim den phróiseas fiosraithe agus is iad na scileanna seo a dhéantar a mheas trí iad a chur i gcomparáid leis na hionchais a leag an múinteoir agus an scoláire síos roimh ré (Céimeanna 1 agus 5).

Ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh nach mbíonn na scileanna (scileanna don 21ú haois) a dhéanann an mhodheolaíocht seo a fheabhsú furasta a thomhas i dtéarmaí cainníochtúla i gcónaí agus nach iad na scileanna sin príomhchuspóir an mheasúnaithe sa chomhthéacs seo. Dá mhéad deiseanna a fhaigheann na scoláirí a rannpháirtíocht agus a bhfeabhsú ó pheirspictíocht fhoirmitheach a léiriú, is amhlaidh is éasca é don mhúinteoir smaointeoireacht agus foghlaim na scoláirí a thuiscint. Dá bhrí sin, moltar modhanna éagsúla a úsáid chun eolas a bhailiú chun an measúnú a éascú, mar shampla:

- Breathnóireacht fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil
- Plé, comhráite foghlama, ceistiú
- Obair ghrúpa
- Taispeántais, léirithe
- Tionscadail, punanna
- Féinmhachnamh

Tá greille atá furaist a úsáid chun próisis foghlama na scoláirí a mheas le fáil in Iarscríbhinn IV.

Tagairtí

- van Aalst, J., & Truong, M. S (2011). Promoting knowledge creation discourse in an Asian primary five classroom: Results from an inquiry into life cycles. *International Journal of Science Education*, 33(4), 487–515. doi: 10.1080/09500691003649656
- Alberta Education. (2011). *Framework for student learning: Competencies for engaged thinkers and ethical citizens with an entrepreneurial spirit*. Edmonton: Author. ISBN 978–0–7785–9647–9 (online). Faighte ó: <https://open.alberta.ca/publications/9780778596479>
- Comstock, N., Miriam Dickinson, L., Marshall, J. A., Soobader, M.-J., Turbin, M. S., Buchenau, M., & Litt, J. S. (2010). Neighborhood attachment and its correlates: Exploring neighborhood conditions, collective efficacy, and gardening. *Journal of Environmental Psychology*, 30(4), 435–442. doi:10.1016/j.jenvp.2010.05.001
- Dobber, M., Zwart, R., Tanis, M., & van Oers, B. (2017). Literature review: The role of the teacher in inquiry-based education. *Educational Research Review*, 22, 194–214. <https://doi.org/10.1016/j.edurev.2017.09.002>
- Hinds, J., & Sparks, P. (2008). Engaging with the natural environment: The role of affective connection and identity. *Journal of Environmental Psychology*, 28(2), 109–120. doi:10.1016/j.jenvp.2007.11.001
- Kirschner, P. A., Sweller, J., & Clark, R. E. (2006). Why minimal guidance during instruction does not work: An analysis of the failure of constructivist, discovery, problem-based, experimental, and inquiry-based teaching. *Educational Psychologist*, 41, 75e86. https://doi.org/10.1207/s15326985ep4102_1.
- Pedaste, M., Maeots, M., Siiman, et al., (2015). Phases of inquiry-based learning: Definitions and the inquiry cycle. *Educational Research Review*, 14, 47e61. <https://doi.org/10.1016/j.edurev.2015.02.003>.
- Ryan, R. M., & Deci, E. L. (2000). Self-Determination Theory and the Facilitation of Intrinsic Motivation, Social Development, and Well-Being. *American Psychologist*, 11.
- Tanis, M., Dobber, M., Zwart, R. & van Oers, B. (2014). *Beter leren door onderzoek, Hoe begeleid je onderzoekend leren van leerlingen?*. Free University, Amsterdam.

Eolas faoi na comhpháirtithe

Is toradh é an tionscadal seo ar chomhpháirtíocht chomhoibritheach idir dhá ollscoil, dhá eagraíocht neamhrialtasacha agus dhá institiúid scoile.

Comhpháirtithe acadúla

Is í **Ollscoil Sapienza na Róimhe** (an Iodáil), Roinn Síceolaíochta na bPróiseas Forbartha agus Sóisialaithe, an príomhbhonn le haghaidh CIRPA (Ionad Taighde Idir-Ollscoile sa tSíceolaíocht Chomhshaoil). Is eagraíocht taighde í a bhfuil cáil dhomhanda uirthi a dhíríonn go saineiúil ar idirghníomhú daoine lena dtimpeallacht.

Chuir **Ollscoil Akdeniz** (an Tuirc) tuiscint eolaíoch ar fáil sna réimsí seo: an t-oideachas turasóireachta, an gastranómachas, séadchomharthaí cultúrtha, stair chultúrtha agus staidéar an chultúir. Chuir an comhpháirtí seo ar fáil na hinniúlachtaí riachtanacha maidir le forbairt churaclaim a theastaíonn le haghaidh gach aschur tionscadail.

Eagraíochtaí neamhrialtasacha

Tá roinnt blianta taithí ag **Fondúireacht Anatta** (an Ísiltír) ar a bheith ag obair ar chlár oideachais dúlra agus nasc dúlra do dhaoine óga trí úsáid a bhaint as modhanna neamhfhoirmiúla foghlama. Tá clár agus imeachtaí forbartha ag an bhfondúireacht a chuireann le caidreamh daoine leis an domhan nádúrtha chun meabhairshláinte a chur chun cinn agus cur le fás éiceachórais an phláinéid. Tá an fhondúireacht lonnaithe i gceantar tuaithe san Ísiltír (Achterhoek).

Tá beagnach 40 bliain de thaithí ag **Oidhreacht Chorca Dhuibhne** (Éire) ar oidhreacht chultúrtha fhisiceach, nádúrtha agus dhaonna leithinis Chorca Dhuibhne a chur chun cinn trí chlár oideachais a chur ar fáil i scoileanna an réigiúin. Thar na blianta tá roinnt clár oideachais forbartha acu a d'fhéach le Mórtas Áite a chur chun cinn agus tuiscint níos doimhne ar chultúr agus ar thraidisiúin an cheantair a chothú mar chuid dá n-iarracht an Ghaeilge a chaomhnú.

Institiúidí scoile

Is institiúid teagaisc stáit é **Istituto Comprensivo Cortemilia-Saliceto** (an Iodáil), a chuimsíonn trí leibhéal scoile: naíolanna, bunoidreachas agus meánoidreachas. San iomlán faigheann thart ar 510 dalta oideachas ó 100 múinteoir agus 28 ball foirne tacaíochta a chuir cabhair ar fáil i roinnt scoileanna atá scaipthe ar fud an cheantair tuaithe ó Cortemilia go Saliceto. Is éard a chuir na múinteoirí seo ar fáil le linn an tionscadail ná a dtaithí ar oidhreacht chultúrtha, stairiúil agus chomhshaoil na críche a theagasc le cur chuige teagaisc úrnua agus nuálach.

Is institiúid oideachais stáit é **Agrupamento de Escolas nº1 de Gondomar** (an Phortaingéil) a chuimsíonn réamhscoileanna, bunscoileanna, meán- agus ardscoil, ina bhfuil timpeall 2,500 foghlaiméir agus 250 múinteoir san iomlán. Tá sé suite i gceantar tuaithe sa Phortaingéil, áit a bhfuil radharcra nádúrtha, ceardaíocht uathúil agus aitheanta (gaibhne óir agus cearpantóireacht) agus gastranómachas. Ba ghnéithe iad seo a deineadh iniúchadh orthu le linn an tionscadail, a deineadh i gcomhar leis an gcomhairle cathrach, dream atá tiomanta do cheangal an phobail leis an gceantar áitiúil a chur chun cinn.





TEIMPLÉAD 1

Ag teastáil do Chéim 1


Cad is mian liom a fháil amach?

Is í an **Cheist Taighde** don churaclam seo ná:
Cén fáth a bhfuil ár gceantar uathúil?

Cad iad na freagraí a d'fhéadfadh a bheith ar an gCeist Taighde? (hipitéisí)

Cad atá ar eolas againn cheana faoinár gceantar?

Cad iad na rudaí nach bhfuil ar eolas againn faoinár gceantar?



TEIMPLÉAD 2


Ag teastáil do chéim 2

Teideal an mhodúil: _____

Ainmneacha na scoláirí: _____

Céim 2:

Cén t-eolas atá uait? Cén Cheist Taighde atá ann don mhodúl seo?	Cad iad na freagraí a d'fhéadfadh a bheith ar an gCeist Taighde? (hipitéisí)
Cad atá ar eolas againn cheana faoin topaic?	Cad iad na rudaí nach bhfuil ar eolas againn faoin topaic seo?





Céim 2:

Acmhainn Ainm agus suíomh na hacmhainne	Cén seans atá ann go bhfaighidh tú freagraí ón acmhainn seo? 1 = níl aon seans; 2 = seans éigin, b'fhéidir, b'fhéidir nach bhfuil; 3 = seans maith; 4 = gach seans	Cé chomh hiontaofa is atá an acmhainn? 1 = níl sí iontaofa; 2 = deacair a rá; 3 = réasúnta iontaofa; 4 = an-iontaofa

Céim 3 (Pleanáil):

Cad a dhéanfaimid?	Cathain?	Cé?	Cad atá ag teastáil?

Céim 4:

- An t-eolas a fuairamar, cad a insíonn sé dúinn faoinár gceist taighde?
- Cad iad na conclúidí is féidir linn a dhéanamh?
- An féidir linn na hipitéisí a dhearbhu?
- Cad é nach bhfuil a fhios againn go fóill?
- Cad a chaithfimid a dhéanamh le teacht ar an eolas deireanach atá fós in easnamh?
- I gcás grúpaí éagsúla: cad iad na cosúlachtaí agus difríochtaí atá idir freagraí na ngrúpaí éagsúla? Cén fáth?


Céim 5 (Machnamh ar an modúl):

- Conas a d'éirigh leis an modúl?
- Cad iad na rudaí a thaitin agus nár thaitin liom faoin modúl seo?
- Cad iad na rudaí ar éirigh agus nár éirigh go maith leo?
- Cad iad na rudaí a dhéanfa ar shlí dhifriúil an chéad uair eile?
- Cad iad na rudaí a d'fhoghlaim mé?



TEIMPLÉAD 3

Bainteach le Céim 3: Léirmhíniú



TEIMPLÉAD 4

Ag teastáil do Chéim 5: Machnamh

Scríobh síos na hinniúlachtaí, le do thoil, agus déan machnamh ar an slí ar fhorbair tú gach inniúlacht le linn an tionscadail.

Roghnaigh an bosca is fearr a chuireann síos ar fhorbairt na hinniúlachta seo – “Ní raibh go maith”, “Go maith” nó “Go hiontach” – agus scríobh síos sampla nó míniú ar an gcúis a bhfuil an tuairim sin agat. Ná scríobh ach sna boscaí a bhaineann leatsa.

Ainm na hinniúlachta	Ní raibh go maith	Go maith	Go hiontach



Roghnaigh an bosca is fearr a bhfuil cur síos ann ar d'eispéireas – “Ní raibh go maith”, “Go maith” nó “Go hiontach” – agus scríobh síos sampla nó míniú ar an gcúis a bhfuil an tuairim sin agat. Ní gá na boscaí go léir a líonadh.

Cé chomh maith is a bhí mé mar thaighdeoir i dtaca leis na nithe seo thíos?	Ní raibh go maith	Go maith	Go hiontach
Eolach			
Smaointeoir criticiúil			
Fiosrach agus leathanaigeanta			
Measúil			
Sásta rioscaí a ghlacadh			
Machnamhach			

Céim 1	Céim 2	Céim 3	Céim 4
Tabhair cur síos, le do thoil, ar do thaithí i ngach céim. • Conas a d'éirigh leatsa sa chéim seo? • Cad a d'fhoghlaim tú? • Cad a thaitin leat, cad nár thaitin leat? Agus cén fáth? • Cad iad na rudaí ar éirigh go maith leo, cad a dhéanfa ar shlí difriúil an chéad uair eile? Agus cén fáth?			

IARSCRÍBHINN II

TEIMPLÉID DO NA MODÚIL



In Iarscríbhinn II tá na modúil a bhaineann le Céim 2 den churaclam le fáil, mar atá liostaithe i dTábla 1 thíos. In Iarscríbhinn III gheobhaidh tú ábhar léitheoireachta do gach modúl agus eolas bunúsach faoin topaic atá i gceist ann.

Uimhir an mhodúil	Topaic(í)
1	Cúrsaí teanga i gcoitinne
2	Béaloideas & Miotaseolaíocht
3	Bithéagsúlacht
4	Folláine
5	Gastranómachas
6	Tíreolaíocht
7	Imeachtaí Áitiúla
8	Poist / Ceardaíocht
9	Stair
10	Ailtireacht
11	Gnásanna Sóisialta & Luachanna
12	Ceol agus Damhsa
13	Spórt agus Cluichí
14	Caitheamh Aimsire

Tábla 1: forléargas ar na topaicí

Tá an struchtúr seo a leanas ag baint le gach modúl:

1. **Réamhrá** don mhodúl: cur síos gairid in 2–3 abairt.
2. **Cuspóir** an mhodúil
3. **An t-am** a mholtar don mhodúl (e.g. idir 3 agus 5 uair an chloig)
4. **Samplaí den tslí is féidir an modúl a chur i láthair na scoláirí.**
5. Samplaí de **cheisteanna taighde** a bheadh oiriúnach don mhodúl ar an topaic
6. Sampla **d’acmhainní**
7. Sampla de ghníomhaíochtaí chun **freagraí a fháil** ar na ceisteanna / conas an t-eolas a fháil ó na hacmhainní
8. Samplaí de shlite chun na torthaí **a chur i láthair** ar bhealach cruthaitheach

1. LITRÍOCHT

Le Eduardo Naia

1.1 Réamhrá don mhodúl:

Is modúl é seo faoin gcaoi a múnlaíonn an litríocht ár dtuiscint roinnte ar ár bhféiniúlacht.

1.2 Aidhm an mhodúil:

Na scoláirí iniúchadh a dhéanamh tríd an litríocht ar an tuiscint atá acu ar a bhféiniúlacht.

1.3 Am molta: 4–6 uair

1.4 Samplaí d'intreoir do na scoláirí:

- Cén t-eolas atá ag na scoláirí cheana ar litríocht an cheantair?
- Cén chomh tábhachtach is atá sé a bheith eolach ar litríocht an cheantair?
- Cuairt a thabhairt ar leabharlann áitiúil.
- Údar áitiúil a thabhairt isteach sa rang.

1.5 Samplaí de cheisteanna taighde:

- Cén fáth a bhfuil ár litríocht tábhachtach dár gceantar? An mbaineann sé seo le háiteanna eile, leis?
- Cad iad na gnéithe dár litríocht a léiríonn uathúlacht an cheantair?

1.6 Samplaí d'acmhainní:

- Leabharlann áitiúil
- Leabharlann na scoile
- Músaeim
- Leachtanna
- Acmhainní daonna – daoine sa phobal (scríbhneoirí, filí, etc.)
- An t-idirlíon
- Meáin eile

1.7 Gníomhaíochtaí chun freagraí a aimsiú nó a bhailiú:

- Agallamh a chur ar shaineolaithe inár bpobal faoinár litríocht
- Litríocht a léamh
- Anailís a dhéanamh ar an litríocht atá bunaithe ar ár gceantar
- Cuairt a thabhairt ar áiteanna a bhfuil cur síos orthu i leabhair, dánta, etc.

1.8 Cur i láthair ar bhealach cruthaitheach:

- Litir a scríobh chuig carachtar liteartha
- Leanúint ar aghaidh le scéal
- Pictiúr a tharraingt den áit a bhfuil cur síos uirthi sa litríocht a léann tú
- Míniú a thabhairt ar ghnéithe den áit atá luaite sa litríocht a léann tú



2. BÉALOIDEAS AGUS MIOTASEOLAÍOCHT

Le Eduardo Naia

2.1 Réamhrá don mhodúl:

Déantar iniúchadh sa mhodúl seo ar an gcaoi a bhfuil nithe le foghlaim againn ón mbéaloideas agus ón miotaseolaíocht faoinár bhféiniúlacht agus faoinár gceantar.

2.2 Aidhm an mhodúil:

Déanann na scoláirí iniúchadh ar bhéaloideas agus ar mhiotaseolaíocht an cheantair chun treisiú a dhéanamh ar a nasc leis an gceantar.

2.3 Am molta: 4–6 uair

2.4 Samplaí d'intreoir do na scoláirí:

- Tabhair sainmhíniú ar an dá choincheap agus féach ar cheangail a d'fhéadfadh a bheith eatarthu
- Tabhair cuairt ar leabharlann nó cumann cultúrtha áitiúil
- Tabhair staraí áitiúil isteach sa rang

2.5 Samplaí de cheisteanna taighde:

- Cad iad na gnéithe dár mbéaloideas agus dár miotaseolaíocht a léiríonn uathúlacht an cheantair?
- Cé chomh hábhartha is atá an béaloideas agus an mhiotaseolaíocht i do shaol inniu?
- Cad iad na rudaí is féidir leat a fhoghlaim faoi d'áit tríd an mbéaloideas agus an mhiotaseolaíocht?

2.6 Samplaí d'acmhainní:

- Litríocht
- Cartlanna (teilifís, raidió, leabharlanna, etc.)
- Acmhainní daonna – daoine sa phobal (scríbhneoirí, filí, etc.)
- An t-ídirlíon

2.7 Gníomhaíochtaí chun freagraí a aimsiú nó a bhailiú:

- Léigh téacs/scéal
- Éist le scéal
- Éist le ceol
- Tabhair cuairt ar áit
- Féach ar fhíseán nó ar agallamh
- Pictiúir
- Dealbhóireacht

2.8 Na torthaí a chur ar fáil ar bhealach cruthaitheach:

- Scríobh alt
- Cuir taispeántas ar bun
- Cruthaigh amhrán nó píosa scríbhneoireachta
- Damhsa
- Ócáid chultúrtha
- Déan físeán

3. BITHÉAGSÚLACHT

Le Paola Prato & Marina Sacchetto

3.1 Réamhrá don mhodúl:

Tagraíonn an téarma bithéagsúlacht (ó “éagsúlacht bhitheolaíoch”) don éagsúlacht bheatha ar an Domhan ag gach leibhéal, ó ghéinte go héiceachórais.

Ní hamháin go gcothaíonn an bithéagsúlacht timpeallacht fheidhmiúil; is acmhainn áitiúil í le haghaidh bia, fothana, éadaí agus ábhair eile. Tá geilleagair na gceantar áitiúil ag brath ar bithéagsúlacht ós rud é go gcuireann sí ar fáil acmhainní eacnamaíocha in-athnuaite agus seirbhísí éiceachórais, tairbhí míochaine agus eolaíochta, agus tá sí fíorluachmhar ó thaobh luachanna cultúrtha agus aeistéitiúla de.

Is í an éagsúlacht bhitheolaíoch an acmhainn ar a bhfuil teaghlaigh, pobail, náisiúin agus na glúnta atá le teacht ag brath.

3.2 Aidhm an mhodúil:

Iniúchadh a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht áitiúil chun tuiscint a fháil ar an gcúis go bhfuil sí tábhachtach don áit ina mairimid agus conas í a chaomhnú.

3.3 Am molta: 6 uair

3.4 Samplaí d'intreoir do na scoláirí:

Spreag spéis i leith na n-ábhar a úsáidtear sa saol laethúil (bia, éadaí, fothain) trí bhailiúchán pictiúr, físeán agus ailt ó nuachtáin áitiúla nó ar líne a bhaineann le táirgí áitiúla lámhdhéanta.

3.5 Samplaí de cheisteanna taighde:

An slí a bhfuil baint ag an mbithéagsúlacht le hábhair áitiúla a sholáthar:

- Bia
- Dídean
- Éadaí
- Cleachtais inbhuanaithe
- Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach an bithéagsúlacht a chaomhnú inár gceantar?
- Conas is féidir an bithéagsúlacht a chaomhnú inár gceantar?

3.6 Samplaí d'acmhainní:

- Cuir agallamh ar fheirmeoir áitiúil faoi bharra/bia/uirlisí traidisiúnta
- Cuir agallamh ar dhaoine ón áit (tuismitheoirí, gaolta, cairde) faoi bharra/bia/uirlisí traidisiúnta
- Taighde i músaem áitiúil (eitneagrafach...)
- Taighde i leabharlann áitiúil (pictiúir, cáipéisí...)
- Déan taighde ar an idirlíon
- Acmhainní daonna
- Déan taighde ar tháirgí áitiúla atá dírithe ar dhaoine

3.7 Gníomhaíochtaí chun freagraí a aimsiú nó a bhailiú:

Gníomhaíochtaí praiticiúla i saotharlann, ar fheirm nó lasmuigh:

- Déan arán a bhácáil
- Déan cáis
- Déan fíon nó beoir
- Déan miasa áitiúla de chineálacha éagsúla a chócaráil
- Bain barra áitiúla san fhómhar

3.8 Na torthaí a chur ar fáil ar bhealach cruthaitheach:

- Taispeántas líníochta sa scoil nó in áit phoiblí áitiúil
- Taispeántas áitiúil de na huirlisí a rinne na scoláirí
- Cur i láthair digiteach do chónaitheoirí

4. FOLLÁINE

Le hOrlaith Ruiséal



4.1 Réamhrá don mhodúl:

Tá an fholláine mar chuid bhunúsach de shláinte iomlán an duine. Cuireann sí ar a gcumas deacrachtaí a shárú agus a bhfuil uathu ón saol a bhaint amach. Is féidir le dearcadh agus meon tionchar a imirt ar fholláine.

4.2 Aidhm an mhodúil:

Folláine a thuiscint agus a chur chun cinn agus uirlisí a thabhairt do na scoláirí chun a bhfolláine féin a bhainistiú.

4.3 Am molta: 3–5 uair

4.4 Samplaí d'intreoir do na scoláirí:

Sainmhíniú ar fholláine

Cad is folláine ann? Cad iad na slite chun folláine a bhaint amach is féidir liom a fháil i mo cheantar? Cad is féidir linn a dhéanamh chun ár bhfolláine a fheabhsú? Cad iad na rudaí a imríonn tionchar ar an bhfolláine? Do chuid buanna a aimsiú agus iad a úsáid.

4.5 Samplaí de cheisteanna taighde:

- Cad iad na rudaí a théann i bhfeidhm ar m'fholláine i mo cheantar?
- Cad iad na cuinsí a théann i bhfeidhm ar m'fholláine?
- Conas is féidir liom a bheith níos ceangailte le daoine eile?
- Conas a thugaim faoi deara athrú ar m'fholláine, má tharlaíonn a leithéid, agus mé as baile?

4.6 Samplaí d'acmhainní:

- An t-idirlíon
- Leabharlann
- Daoine gairmiúla sa cheantar
- Acmhainní Daonna

4.7 Gníomhaíochtaí chun freagraí a aimsiú nó a bhailiú:

- Ióga
- Aireachas
- Machnamh
- Siúlóidí
- Aclaíocht/Aiste bia
- Cineáltas a chleachtadh
- Buíochas: dialann bhuíochais a choinneáil thar thréimhse ama.
- Clár Digiteach Duine le Duine i bPobalscoil Chorca Dhuibhne.

4.8 Na torthaí a chur ar fáil ar bhealach cruthaitheach:

- Ceistneoir ar fholláine ag tús agus ag deireadh an mhodúil
- Tuairisc a thabhairt maidir le torthaí an cheistneora
- Cur i láthair na n-acmhainní atá ar fáil sa cheantar áitiúil a bhféadfadh éifeacht dhearfach a bheith acu ar an bhfolláine.

5. GASTRANÓMACHAS

Le Ramazan Eren

5.1 Réamhrá don mhodúl:

Is éard atá i gceist sa mhodúl seo cur le heolas na scoláirí ar an ngastranómachas áitiúil agus ar an slí a chuireann sé le huathúlacht an cheantair.

5.2 Aidhm an mhodúil:

Gheobhaidh na scoláirí amach faoin nasc atá idir tíreolaíocht, talmhaíocht agus cócaireacht.

5.3 RAm molta: 4–5 uair

5.4 Samplaí d'intreoir do na scoláirí:

- Cuairt a thabhairt ar an margadh áitiúil chun torthaí agus glasraí a tháirgtear sa cheantar a fheiceáil.
- Labhairt le feirmeoir chun iniúchadh a dhéanamh ar na táirgí a shaothraítear go háitiúil.
- Roinnt oidis thraidisiúnta a thabhairt chuig an rang.

5.5 Samplaí de cheisteanna taighde:

- Cén nasc atá ag an ngastranómachas áitiúil leis an gceantar agus a thréithe (tíreolaíocht, talmhaíocht, cultúr)?
- Conas a d'athraigh ár gcultúr cócaireachta le fiche nó tríocha bliain anuas?
- Conas atá béilí áitiúla múnlaith ag táirgí bia áitiúla?
- Cén tionchar a bhíonn ag an aeráid ar an talmhaíocht áitiúil agus ar na táirgí áitiúla?
- Cén bealach a d'fhéadfaí táirgí traidisiúnta agus áitiúla a úsáid chun borradh a chur faoin ngeilleagar áitiúil?
- Conas is féidir linn eolas a scaipeadh faoinár dtáirgí áitiúla sa tír seo/i dtíortha eile?

5.6 Samplaí d'acmhainní:

- Feirmeacha,
- margaí sráide,
- an pobal,
- siopaí áitiúla,
- féilte áitiúla,
- an t-idirlíon,
- leabhair oideas áitiúla,
- príomhchócairí áitiúla,
- halla an bhaile,
- turais allamuigh (aibhneacha, an fharraige, etc.),
- siúlóidí sa choill,
- bialanna.

5.7 Gníomhaíochtaí chun freagraí a aimsiú nó a bhailiú:

- Agallaimh,
- grianghraif,
- léitheoireacht,
- siúlóidí agus turais allamuigh.

5.8 Na torthaí a chur ar fáil ar bhealach cruthaitheach:

Déan cur i láthair don rang agus tabhair cuireadh do thuismitheoirí, do ghaolta agus do mhúinteoirí. Déan taispeántas grianghraf a eagrú. Scríobh leabhar cócaireachta ina mbeidh oidis áitiúla agus grianghraif den cheantar.

6. TÍREOLAÍOCHT

Le Paola Prato & Marina Sacchetto



6.1 Réamhrá don mhodúl:

Slí tábhachtach chun Mórtas Áite a chur i bhfeidhm is ea staidéar a dhéanamh ar an Tíreolaíocht áitiúil trí anailís a dhéanamh ar tírdhreach an cheantair (breathnóireacht talún ó íomhánna satailíte, breathnóireacht dhíreach, breathnóireacht ar phictiúir agus ar phéintéireacht) toisc go n-éascaíonn sé tuiscint ar an idirghníomhaíocht idir daoine agus a dtimpeallacht, agus tuiscint ar conas tréithe comhshaoil a chaomhnú agus gníomhú go freagrach san áit ina mairimid.

6.2 Aidhm an mhodúil:

Mórtas Áite dearfach, inbhuanaitheacht agus saoránacht fhreagrach a chur chun cinn trí iniúchadh a dhéanamh ar shaintréithe an tírdhreacha sa cheantar ina bhfuil cónaí ort.

6.3 Am molta: 6 uair

6.4 Samplaí d'intreoir do na scoláirí:

- Spéis a spreagadh le bailiúchán de phictiúir, físeáin, nuachtáin áitiúla nó ar líne faoin tírdhreach áitiúil.
- Gníomhaíocht taobh amuigh a eagrú san áit ina bhfuil cónaí ort chun éirí níos eolaí ar an tírdhreach (radharc lánléargais nó siúl chuig sráidbhailte agus áiteanna faoin tuath).
- Breathnaigh ar íomhánna satailíte den tírdhreach áitiúil.

3.5 Samplaí de cheisteanna taighde:

- Conas a chabhraíonn an tírdhreach linn idirghníomhaíocht daoine leis an timpeallacht a thuiscint?
- Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach roinnt gnéithe den tírdhreach inár gceantar a chaomhnú nó a mhodhnú?
- Conas is féidir linn an tírdhreach inár gceantar a chaomhnú nó athruithe a chur chun cinn chun é a fheabhsú?

6.6 Samplaí d'acmhainní:

- Breathnóireacht díreach
- Taighde i Músaem Áitiúil
- Taighde i leabharlann áitiúil
- Taighde ar an idirlíon
- Acmhainní daonna

6.7 Gníomhaíochtaí chun freagraí a aimsiú nó a bhailiú:

- Cleachtadh a dhéanamh ar idirdhealú a dhéanamh idir gnéithe tírdhreacha fisiciúla agus cultúrtha: breathnóireacht a dhéanamh ar na tírdhreacha fisiciúla agus cultúrtha sa ghailearaí grianghraf áitiúil, suíomh gach grianghraif a dhearbhu agus a aithint ar mhapa, iarraidh ar na scoláirí tátail a bhaint as na háiteanna agus na daoine sna grianghraif.
- Cosán tuaithe áitiúil a shiúl agus taighde a dhéanamh ar a naisc le cultúr nó geilleagar an cheantair.
- Ailt nuachtáin nó nuacht ar an idirlíon a léamh faoi radharc álainn áitiúil nó radharc a bhaineann go sonrach le do cheantar féin, polaitíocht a bhaineann leis, an tionchar atá aige ar an ngeilleagar áitiúil agus samplaí den tslí le hé a chaomhnú. I gcás gach topaice, cuir béim ar na príomhchoincheapa agus déan tuairisc orthu i dtábla. Ansin pléigh tuairimí agus tátail na scoláirí leis an rang iomlán.

6.8 Na torthaí a chur ar fáil ar bhealach cruthaitheach:

- Taispeántas a eagrú de ghrianghraif a thóg na scoláirí ar théama a roghnaíodh (tírdhreach álainn áitiúil, samplaí áitiúla de chaomhnú tírdhreacha)
- Cur i láthair digiteach a dhéanamh de thuairimí agus moltaí na scoláirí faoi chleachtais inbhuanaithe maidir le cur chun feidhme an tírdhreacha.
- Aire a thabhairt do chosán tuaithe áitiúil.
- Litir a scríobh chuig údaráis áitiúla chun cásanna a bhaineann leis an tírdhreach a thuairisciú (drochbhainistíú ar fhoirgnimh, ar limistéir phoiblí nó ar chosáin) agus réitigh a mholadh.

7. IMEACHTAÍ ÁITIÚLA

Le Ramazan Eren

7.1 Réamhrá don mhodúl:

Imeachtaí a eagraítear sa cheantar: is féidir leo seo a bheith ina n-imeachtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta, nó ina n-imeachtaí beaga pobail. Is é an rud is tábhachtaí ná topaic na hócáide, nó í a bheith uathúil don áit, agus an slí a chabhraíonn sí le cáil na háite a chur chun cinn.

7.2 Aidhm an mhodúil:

Tríd an modúl seo, cuirfear na scoláirí ar an eolas faoi imeachtaí áitiúla atá uathúil don áit agus éireoidh leo

- Fáil amach faoi na himeachtaí seo
- A bheith páirteach sna himeachtaí seo
- Feasacht a fháil faoi naisc shóisialta áitiúla
- Fáil amach faoi chúla cultúrtha roinnte na ndaoine sa cheantar
- Scileanna taighde a fhorbairt trí imeachtaí a lorg
- Féinriail agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt tríd an eolas is ábhartha maidir leis na himeachtaí seo a roghnú

7.3 Am molta: 4–6 uair.

7.4 Samplaí d'intreoir do na scoláirí:

–

7.5 Samplaí de cheisteanna taighde:

- Cad iad na himeachtaí áitiúla a eagraítear sa réigiún?
- Cad iad na táirgí nó na gnéithe uathúla den áit a luaitear sna himeachtaí seo?
- Cén fáth a bhfuil imeachtaí áitiúla tábhachtach dár gceantar?
- Cad iad na gnéithe dár réigiún a léiríonn uathúlacht na háite?
- Conas a chuireann imeachtaí áitiúla le cáil an cheantair?
- Conas a chuireann na himeachtaí seo lenár gcultúr?

7.6 Samplaí d'acmhainní:

- Comhairle áitiúil,
- gaolta na scoláirí,
- an t-idirlíon,
- eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an scoil.

7.7 Gníomhaíochtaí chun freagraí a aimsiú nó a bhailiú:

- Agallamh a dhéanamh le daoine inár bpobal faoi imeachtaí áitiúla
- Cuairt a thabhairt ar an gcomhairle áitiúil chun féilire na n-imeachtaí áitiúla a fháil
- Cuairt a thabhairt ar ionadaithe na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha chun foghlaim faoi na himeachtaí a nglacann siad páirt iontu
- Suímh ghréasáin imeachtaí a sheiceáil
- Agallamh a dhéanamh le daoine le fáil amach cad iad na himeachtaí áitiúla a nglacann siad páirt iontu

7.8 Na torthaí a chur ar fáil ar bhealach cruthaitheach

- Páirt a ghlacadh in imeacht áitiúil/imeachtaí áitiúla
- Cuairt a eagrú ar ócáid leis an teaghlach agus le cairde
- Grianghraif a thógáint le taispeáint don rang agus scoláirí eile a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar imeachtaí amach anseo
- Alt nuachta a scríobh don iris scoile/don bhliainiris

8. POIST/CEARDAÍOCHT

Le Teresa Cameira



8.1 Réamhrá don mhodúl:

Sa mhodúl seo, táthar ag iarraidh feasacht a mhúscailt faoi thábhacht na gceirdeanna agus na ngairmeacha traidisiúnta/nua-aimseartha i dtaca le mothú uathúlachta a chothú.

8.2 Aidhm an mhodúil:

Tábhacht na ceardaíochta agus na ngairmeacha éagsúla i bhforbairt na féiniúlachta áitiúla agus bhraistint an chónaigh.

8.3 Am molta: 5-6 uair.

8.4 Samplaí d'intreoir do na scoláirí:

- Cad is ceardaíocht ann? An bhfuil aithne agat ar aon cheardaí?
- Tabhair cuairt ar cheardlann.
- Tabhair cuireadh do cheardaí chuig an rang.

8.5 Samplaí de cheisteanna taighde:

- Cé chomh tábhachtach agus atá gairmeacha áitiúla maidir le féiniúlacht áitiúil a thógáil?
- Conas a d'fhorbair na gairmeacha seo le himeacht ama?
- Conas atá na gairmeacha seo curtha in oiriúint don lá atá inniu ann?
- Conas atá na gairmeacha seo tar éis cabhrú leis na háitritheoirí fanacht ina gceantar féin?
- Conas is féidir cáil na ngairmeacha áitiúla a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear?

8.6 Samplaí d'acmhainní:

- Ceardlanna ceardaithe
- Margaí sráide
- Pobal
- Turais allamuigh
- Cartlanna
- Leabharlann áitiúil
- An t-idirlíon

8.7 Gníomhaíochtaí chun freagraí a aimsiú agus a bhailiú:

- Tabhair cuairt ar cheardaithe áitiúla agus a gceardlanna
- Léigh ailt agus féach ar íomhánna
- Féach ar chlár faisnéise ghearra
- Tabhair cuairt ar shéadchomharthaí

8.8 Na torthaí a chur ar fáil ar bhealach cruthaitheach:

- Imeacht a eagrú
- Cuireadh a thabhairt do cheardaithe a gcuid táirgí a thaispeáint
- Cruinniú a eagrú
- Cuireadh a thabhairt do cheardaithe teacht chuig na scoile agus labhairt faoina gceird
- Torthaí a thuairisciú do scoláirí níos óige
- Físeán a dhéanamh de na turais allamuigh (ceardlanna ceardaithe, monarchana, agallaimh, etc.)
- Ailt a scríobh le foilsiú (blaganna, nuachtáin áitiúla agus scoile, stáisiúin raidió áitiúla, líonraí sóisialta)

9. STAIR

Le hOrlaith Ruiséal

9.1 Réamhrá don mhodúl:

an stair, ainmfhocal

1. Staidéar ar imeachtaí san am atá thart, go háirithe i gcúrsaí daonna – ‘Stair Mheánaoiseach na hEorpa’
2. An tsraith iomlán d’imeachtaí ón am a chuaigh thart a bhaineann le duine nó rud áirithe.

Déanann an stair áitiúil eispéiris chomhroinnte a léiriú agus tugann staidéar ar ár stair áitiúil tuiscint níos fearr dúinn ar ár sinsir agus cothaíonn sé nasc áite níos láidre, b’fhéidir. Foghlaimimid nithe faoi cúinsí daonna ón stair áitiúil chomh maith. Conas a dhéanann ár stair ár gceantar uathúil?

9.2 Aidhm an mhodúil:

Rannpháirtíocht ghníomhach a thabhairt do na scoláirí ina stair agus ina n-oidhreacht áitiúil agus foghlaim faoi na rudaí a fhágann go bhfuil a gceantar uathúil.

9.3 Am molta: 3–5 uair

9.4 Samplaí d’intreoir do na scoláirí:

- a. Cén t-eolas atá ag na scoláirí cheana ar an stair áitiúil?
- b. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach a bheith eolach ar stair do cheantair?
- c. Dul ar thuras chuig an leabharlann áitiúil.
- d. Staráí áitiúil a thabhairt isteach sa rang.

9.5 Samplaí de cheisteanna taighde:

- a. Cad é do scéal féin sa cheantar?
- b. Cad a tharla sa cheantar le linn tréimhse áirithe ama, e.g. 1840–1850/1916?
- c. Déan taighde ar phearsana stairiúla áitiúla agus déan tionscadal mar gheall orthu.

9.6 Samplaí d’acmhainní:

- a. An t-idirlíon
- b. Leabharlann
- c. Ceantar áitiúil
- d. Staraithe áitiúla
- e. Daoine ón gceantar

9.7 Gníomhaíochtaí chun freagraí a aimsiú agus a bhailiú:

- a. Scríbhneoireacht chruthaitheach neamhfhicsin bunaithe ar an stair áitiúil.
- b. Tuairisc nuachtáin a scríobh faoi ócáid ar leith, i.e. le linn Éirí Amach 1916 in Éirinn nó na hAthbheochana san Iodáil
- c. Dráma nó dráma raidió a chruthú faoi eachtra áirithe sa stair
- d. Cuairt a thabhairt ar shuímh stairiúla
- e. Léarscáil a chruthú de shuímh stairiúla sa cheantar
- f. Éisteacht le daoine ón gceantar ag insint scéalta faoina saol/imeachtaí san am a chuaigh thart – beo/taifeadta/aithriste (cartlanna/leabharlanna/Raidió na Gaeltachta/Radio Kerry/RTÉ), staraithe áitiúla, etc.)
- g. Scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid scríofa, léarscáileanna, plaiceanna comórtha, dealbha, marcálacha uaigne, clocha cinn, láithreáin seandálaíochta/staire, déantúsáin, taifid bhreithe/bháis, rollaí scoile, taifid daonáirimh, grianghraif, etc.
- h. Iarraidh ar na scoláirí tuairisc a thabhairt ar ghné de stair a gceantair, agus stair phearsanta/theaghlaigh a bheith san áireamh más cuí, e.g. Piaras Firtéar, Tomás Ághas, baill teaghlaigh, muintir na háite, oird teagaisc reiligiúnacha, stair reiligiúnach/eaglaise, foirgnimh, gorta, eisimirce, fostaíocht, tiarnaí talún agus leasú chóras na talún, ról inscne go stairiúil, nósanna maidir le breith, bás, pósadh, béaloideas, athrú sóisialta, etc.

9.8 Na torthaí a chur ar fáil ar bhealach cruthaitheach:

- a. Tionscadal torthaí a chur i láthair an ranga.
- b. Blag/litir/alt nuachta a scríobh faoi imeachtaí de chuid stair an cheantair.
- c. Agallamh ficseanúil le pearsa staire áitiúil a scríobh.



10. AILTIREACHT

Le Daniela Bertonasco

10.1 Réamhrá don mhodúl:

Dírítear sa mhodúl seo ar eolas na scoláirí ar an ailtireacht áitiúil a fheabhsú agus ar an mbealach a dhéanann sí a gceantar uathúil agus speisialta.

10.2 Aidhm an mhodúil:

Gheobhaidh na scoláirí amach faoin nasc atá idir an ailtireacht agus an tírdhreach agus stair a gceantair.

Am molta: 5–6 uair

10.4 Samplaí d'intreoir do na scoláirí:

Cuairt a thabhairt ar shéadchomharthaí, gnéithe ailtireachta tipiciúla sa tírdhreach a thabhairt faoi deara (i.e. ballaí cloiche, droichid, dambaí, bruacha abhann...), staidéar a dhéanamh ar léarscáileanna/grianghraif/cártaí ársa agus nua-aimseartha de do cheantar, labhairt le daoine ón gceantar le fáil amach cén fheidhm a bhí ag na gnéithe áirithe sin san am a chuaigh thart, etc.

10.5 Samplaí de cheisteanna taighde:

- Cad iad na teicnící tógála faoi leith a úsáideadh i do cheantar?
- Conas a d'athraigh siad sin le himeacht ama? Cén fáth?
- Cad iad na hábhair a úsáideadh? Cén fáth?
- Cén fheidhm faoi leith a bhí ag na foirgnimh dhifriúla seo san am atá imithe (cultúrtha, reiligiúnach, sóisialta, siamsaíochta, spóirt, fóillíochta...)?
- Cén fheidhm atá acu anois?

10.6 Samplaí d'acmhainní:

- Séadchomharthaí,
- foirgnimh,
- iarsmaí seandálaíochta,
- léarscáileanna,
- cartlanna,
- seanghrianghraif/cártaí,
- an t-idirlíon,
- leabhair,
- eolas ó dhaoine ón gceantar

10.7 Gníomhaíochtaí chun freagraí a aimsiú agus a bhailiú:

Comparáid a dhéanamh idir seanléarscáileanna, seanghrianghraif agus seanchártaí agus cinn nua le fáil amach conas a d'athraigh an áit thar na blianta; agallaimh a dhéanamh le daoine ón gceantar agus le saineolaithe áitiúla, leabhair a léamh, cuairt a thabhairt ar áiteanna

10.8 Na torthaí a chur ar fáil ar bhealach cruthaitheach:

- Turas ar an gceantar a phleanáil chun aird a tharraingt ar shéadchomharthaí áitiúla
- Saghasanna éagsúla úsáide/úsáid nua-aimseartha a phleanáil i gcás seanfhoirgneamh/foirgnimh atá tréigthe

11. NOIRM SHÓISIALTA & LUACHANNA

Le Thomas Albers

11.1 Réamhrá don mhodúl:

Is minic a úsáidtear noirm agus luachanna ar shlí idirmhalartaithe ach tá siad éagsúil lena chéile. Is réimsí níos leithne den saol iad luachanna a mheasann an tsochaí a bheith tábhachtach (mar shampla, slí bheatha, inbhuanaitheacht, saol an teaghlaigh nó an daonlathas), agus is treoracha iad a aithníonn an tsochaí. Os a choinne sin, is rialacha iompair níos sainiúla iad noirm (mar shampla lámh a chroitheadh nó umhlú agus tú ag bualadh le duine, a bheith poncúil nó cabhrú le duine atá i ngátar) nach mór do dhaoine urraim a bheith acu dóibh chun a bheith ina mbaill luachmhara den tsochaí. Tá noirm agus luachanna mar chuid de chnoc oighir cultúrtha gach sochaí, agus is minic a bhíonn siad deacair a bhrath agus a thuiscint. Is cuid den phíosa faoin uisce den chnoc oighir iad agus ní mór do dhaoine a bhogann chuig ceantar na noirm agus na luachanna seo a thuiscint chun gur féidir leo imeascadh go hiomlán leis an bpobal. Is minic a bhíonn noirm agus luachanna difriúla ag glúnta éagsúla i gceantar.

11.2 Aidhm an mhodúil:

- noirm agus luachanna sóisialta an cheantair a iniúchadh agus a dhéanamh infheicthe.
- tuiscint a fháil ar a thábhachtaí agus tá rialacha sóisialta neamhscríofa an cheantair chun go mbeidh daoine a bhogfaidh chun na háite in ann imeascadh go hiomlán leis an bpobal.

11.3 Am molta: 3–5 uair

11.4 Samplaí d'intreoir do na scoláirí:

- Iarr ar na scoláirí smaoineamh ar/sampla a thabhairt de mhíthuiscint chultúrtha a bhí acu (agus iad ar saoire nó le duine as cultúr eile). Déan an chúis a bhí leis an míthuiscint (noirm nó luachanna difriúla de ghnáth) a phlé leis na scoláirí.
- Tabhair isteach físeán nó alt nuachtáin ina bhfuil míthuiscint ar norm nó luach i gceist. Is féidir leat an t-ábhar seo a úsáid chun an topaic a iniúchadh.
- Úsáid na cártaí luacha san aguisín chun stór focal de luachanna difriúla a chur le chéile. Iarr ar na daltaí roinnt luachanna a roghnú a mheasann siad a bheith tábhachtach nó gan a bheith tábhachtach do mhuintir na háite. Mapáil na luachanna seo ar mheabhairmhapa tosaigh den áit.

11.5 Samplaí de cheisteanna taighde:

- Conas atá noirm agus luachanna an cheantair seo tar éis athrú le himeacht ama?
- Cad iad na dhifríochtaí i dtaca le noirm shóisialta agus luachanna idir an ghlúin nua agus na glúnta atá níos sine?
- Cén t-eolas a bheadh ag teastáil ó dhaoine a bhogfadh chun an cheantair faoi noirm agus luachanna na háite chun tuiscint a fháil ar an slí a bhfeidhmíonn an tsochaí?

11.6 Samplaí d'acmhainní:

- Litríocht: úrscéalta/síscéalta/miotais nó scéalta béaloidis a tharla sa cheantar
- Daoine: daoine aosta (na glúnta is sine) agus daoine nua (cultúir éagsúla) atá ina gcónaí sa cheantar
- Ailt nuachtáin

11.7 Gníomhaíochtaí chun freagraí a aimsiú nó a bhailiú:

- Agallamh a dhéanamh le glúnta níos sine nó le daoine ó chultúir éagsúla faoina dtaithe ar dhifríochtaí i noirm agus luachanna. Is féidir iad seo a chur i gcomparáid ansin leis na noirm agus na luachanna a mheasann na scoláirí a bheith tábhachtach.
- Litríocht ón áit/faoin áit a léamh le fáil amach cén chaoi a ndéantar cur síos ar noirm agus luachanna.
- Fócasghrúpa nó cruinniú grúpa a eagrú le daoine éagsúla ón áit chun iad a chur faoi agallamh faoi na noirm agus na luachanna éagsúla.
- Is féidir le seanscéalta a bheith ina bhfoinse eile le haghaidh luachanna nó noirm: is féidir le laochra agus/nó carachtair luachanna sóisialta a léiriú lena n-iompar.

11.8 Cur i láthair ar bhealach cruthaitheach:

- Is féidir leis na scoláirí meabhairmhapaí dá gcuid freagraí a dhéanamh agus iad a chur i gcomparáid le meabhairmhapa tosaigh an réamhrá.
- Is féidir leis na scoláirí scéal a scríobh faoin gcaoi ar féidir le míthuiscint agus coimhlint a bheith mar thoradh ar dhifríochtaí i noirm agus luachanna.
- Is féidir leis na scoláirí póstaer a dhéanamh leis na noirm agus na luachanna a chuirfear i láthair chun cabhrú le glúnta agus daoine nua éagsúla tuiscint a fháil ar a bhfuil tábhachtach do dhaoine óga an cheantair.
- Is féidir leis na scoláirí turas mionsonraithe cuairteoirí a eagrú do phiaraí ó scoileanna eile nó do thurasóirí sa cheantar agus eolas a bheith ann faoi stair agus luachanna an cheantair.



LUACHANNA PEARSANTA Saghas Cárta

W.R. Miller, J. C'de Baca, D.B. Matthews, P.L.
Wilbourne, University of New Mexico, 2001

TÁBHACHTACH DOMHSA

AN TÁBHACHTACH DOMHSA

NÍL AON TÁBHACHTACH LEIS DOM

1

GLACADH

go nglacfaí liom faoi
mar a táim

2

CRUINNEAS

A bheith cruinn i mo thuairimí
agus sa mhéid a
chreidim ann

3

GAISCE

Eachtanna tábhacht a bheith
bainte amach

4

EACHTRAÍOCHT

Eispéiris nua agus iontacha
a bheith agat

5

DATHÚLACHT

A bheith tarraingteacht
go fisiciúil

6

ÚDARÁS

A bheith i bhfeighil ar agus
freagrach as daoine eile

7

NEAMHSPLÉACHAS

a bheith féinchinntithe agus
neamhspléach

8

ÁILLEACHT

a bheith buíoch as an áilleacht
timpeall orm

9

COMHBHÁ

tuisceant a bheith agat agus
aire a thabhairt do
dhaoine eile

10

DÚSHLÁN

Fadhbanna agus dúshláin a
thógaint ar bord

11

ATHRÚ

do shaol a bheith lán d'éagsúlacht
agus athraithe

12

COMPORD

Saol aoibheallach compordach
a bheith agat

13

GEALL

rudaí le dealramh a mhaireann
a dhéanamh

14

TRUA

comhbhá agus ábhar
buartha a mhothú
do dhaoine eile

15

CÚNAMH

Do chuid a dhéanamh
sa tsaoil

16

MACÁNTACHT

a bheith macánta
agus ionraic

17

DÓCHAS

dearcadh dearfach agus
dóchasach a
bheith agat

CRUTHAITHEACHT

Smaointí maithe agus úrnua
a bheith agat

18

IONTAOFACHT

a bheith in ann brath ort agus
intaoibh a bheith
ionat

19

DUALGAS

dul i mbun mo chuid
dualgaisí

20

ÉICEOLAÍOCHT

comhréir le do
thimpeallacht

21

FUADAR

saol lán de sceitimíní agus
spreagadh a bheith
agat

22

DÍLSEACHT

a bheith dílis i do chuid
caidrimh

23

CÁIL

cur amach
a bheith ort

24

CLANN

clann sona, grámhar
a bheith agat

25

ÁRAÍOCHT

a bheith laidir agus
corpacmhainneach

26

SOLÚBTHACHT

a bheith in ann dul i ngleic
le cúinsí nua

27

MAITHIÚNAS

trócaire a bheith agat
do dhaoine

28

CAIRDEAS

dlúth chairde a bheith
agat

29

GREANN

spórt agus spraoi
a bheith agat

30

FLAITHIÚLACHT

a bheith fial le
daoine

31

DÍLIS

a bheith dílis duit
féinigh

32

TOIL DÉ

rud a dhéanamh
ar Dhia

33

FÁS

coiméad ag athrú agus
ag fás

34

SLÁINTE

a bheith sláintiúil

35

CABHRACH

cuidiú le daoine
eile

36

MACÁNTACHT

a bheith macánta
agus ionraic

37

DÓCHAS

dearcadh dearfach
agus dóchasach
a bheith agat

38



UMHLAÍOCHT

a bheith umhal

39

GREANN

acmhainn grinn
a bheith agat

40

NEAMHSPLÉACHAS

gan bheith ag brath ar
dhaoine eile

41

SAOTHRÚ

a bheith ag obair go
dícheallach

42

SUAIMHNEAS ANAMA

bheith ar do
shuimhneas
leat féin

43

DLÚITHE

mo chuid eispéiris
lárnach a roinnt le
daoine eile

44

CEARTAS

a bheith ceart agus cóir
le na héinne

45

EOLAS

a bheith ag foghlaim
agus ag roinnt do
chuid eolais

46

FÓILLÍOCHT

súp a bhaint as an saol
agus a bheith ar
do shuaimhneas

47

RÚN

grá mhaith
a bheith ort

48

GRÁMHAR

a bheith grámhar
le daoine

49

MÁISTREACHT

a bheith abálta i mo chuid
imeachtaí laethúil

50

AIREACHAS

a bheith sa noiméad san
aimsir láithreach

51

MEÁNAÍOCHT

a bheith cuimseach

52

AONCHÉILEACHAS

a bheith dílis agus grámhar le
duine amháin

53

NEAMHAONTACHAS

údaráis agus noirm
a cheistiú

54

COTHÚ

aire a thabhairt do
dhaoine agus iad
a chothú

55

LEATHANAIGEANTACHT

meon oscailte a bheith
agat i leith eispéiris,
smaointe agus
roghanna

56

ORD

ord agus eagar a bheith
ar do shaol

57

PAISEAN

mothúcháin láidire a bheith
agat faoi smaointe,
imeachtaí nó
daoine

58

PLÉISIÚR

a bheith ag braistint
go maith

59

DEA-GHNAOI

tóir mhór a bheith
ort

60

CUMHACHT

smacht a bheith agat
ar dhaoine

61

AIDHM

cuspóirí a bheith
agat

62

RÉASÚNTACHT

a bheith réasúnta
agus loighciúil

63

RÉADÚLACHT

a bheith in ann bheith
réalaíoch faoi
rudaí

64

FREAGRACHT

a bheith freagrach as
do chinneadh

65

RIOSCA

a bheith sásta dul
sa seans leis

66

RÓMÁNSAÍOCHT

grá láidir bheith i do
shaol agat

67

SÁBHÁILTEACHT

a bheith slán
sábháilte

68

FÉIN-GHLACADH

glacadh leat féin
mar atá tú

69

FÉINSMACHT

smacht a choiméad
ort féin

70

FÉINMHUINÍN

bheith istigh
leat féin

71

FÉINAITHNE

an tuisceant a bheith
agat ort féin

72

SEIRBHÍS

Fónamh do
dhuine

73

GNÉASACHT

caidreamh gnéasach
sláintiúil bheith
agat

74

SIMPLÍOCHT

do shaol a chaitheamh
go measartha

75

AONARACHAS

suaimhneas a bheith agat
ó dhaoine anois
is arís

76

SPIORADÁLTACHT

a bheith ag fás agus
ag forbairt go
spioradálta

77

SEASMHACHT

saol seasta a bheith
agat

78

CAOINFHULAINGT

glacadh le daoine
atá difriúil
uait féin

79

TRAIDISIÚN

traidisiún
a chaomhnú

80



81 BUA a bheith morálta agus saol maith a chaitheamh	82 SAIBHREAS airgead a bheith go flúirseach agat	83 SÍOCHÁIN DOMHANDA oibriú chun síocháin a chur chun cinn
LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE
LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE
LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE
LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE
LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE
LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE
LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE

LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE
LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE
LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE
LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE
LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE
LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE
LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE
LUACH EILE	LUACH EILE	LUACH EILE



12. CEOL AGUS DAMHSA

Le Ramazan Eren

12.1 Réamhrá don mhodúl:

Baineann an modúl seo le ceol, foinsí áitiúla chultúr an cheoil agus an gaol atá idir ceol agus cultúr áitiúil.

12.2 Aidhm an mhodúil:

Tríd an ngníomhaíocht seo gheobhaidh na scoláirí amach faoi éifeacht an cheoil ar a gcultúr agus foghlaimeoidh siad faoi

- Stair na n-amhrán agus an cheoil áitiúil/náisiúnta
- Tábhacht an cheoil áitiúil/náisiúnta dá gcultúr
- Seancheol agus seanamhráin agus/nó ceol agus amhráin thraidisiúnta
- Cúlra cultúrtha comhroinnte an phobail

12.3 Am molta: 4-6 uair

12.4 Samplaí d'intreoir do na scoláirí:

-

12.5 Samplaí de cheisteanna taighde:

- Cén ceol agus cad iad na hamhráin áitiúla a n-éistear leo sa cheantar?
- Cad iad na himeachtaí ag a n-éistean muintir na háite le ceol/amhráin agus cén cineál ceoil/amhrán áitiúil a bhíonn i gceist?
- An bhfuil eolas le fáil sa cheol faoi stair na háite?
- An bhfuil uirlis cheoil ann a tháinig ón réigiún seo?
- An dtáirgtear aon uirlisí ceoil le hábhair áitiúla?
- Cén tionchar a bhíonn ag ceol agus ag amhráin thraidisiúnta áitiúla ar íomhá agus ar cháil ceantair?

12.6 Samplaí d'acmhainní:

Gheobhaidh na scoláirí eolas faoi cheol agus amhráin áitiúla ó institiúidí áitiúla, gaolta, an t-idirlíon, eagraíochtaí neamhraltasacha, músaeim agus an scoil.

12.7 Gníomhaíochtaí chun freagraí a aimsiú nó a bhailiú:

- Agallaimh le daoine sa phobal faoi cheol agus amhráin
- Cuairt a thabhairt ar an gcomhairle áitiúil chun eolas a fháil ar an gcultúr traidisiúnta ceoil
- Cuairt a thabhairt ar ionadaithe ábhartha de chuid na n-eagraíochtaí neamhraltasacha le foghlaim faoi chultúr traidisiúnta an cheoil
- Cuairt a thabhairt ar mhúsaeim áitiúla chun earraí a bhaineann leis an gceol a fheiscint
- Agallaimh le daoine le fáil amach faoin gceol a sheinntear ag imeachtaí cultúrtha áitiúla

12.8 Cur i láthair ar bhealach cruthaitheach:

- Is féidir leis na scoláirí imeacht amharclainne a eagrú faoi na scéalta a bhaineann le hamhráin thraidisiúnta
- Is féidir leis na scoláirí físeáin óna gcuid gníomhaíochtaí a roinnt agus a phostáil
- Is féidir leis na scoláirí alt nuachta a scríobh don iris scoile/don bhliainiris

13. SPÓRT AGUS CLUICHÍ

Le Ramazan Eren

13.1 Réamhrá don mhodúl:

Tá gníomhaíochtaí i gceist sa mhodúl seo a bhfuil sé mar aidhm acu eolas a thabhairt do na scoláirí faoin spórt agus cluichí a imrítear ina gceantar. Foghlaimoidh na scoláirí faoi ghnéithe an cheantair agus iad ag fáil amach faoi na cluichí agus faoin spórt, agus déanfar a gceangal leis an bpobal a neartú chomh maith. Beifear ag súil go dtuigfidh na daoine óga an oidhreacht chultúrtha agus an chomhroinnt shóisialta atá taobh thiar den spórt agus de na cluichí.

13.2 Aidhm an mhodúil:

Na cluichí/gníomhaíochtaí spóirt atá uathúil do do cheantar féin agus na cáilíochtaí aontaithe a thugann siad seo do dhaoine aonair agus don phobal araon. Gheobhaidh tú amach go dtugann an spórt/na cluichí pobail le chéile, agus ar an gcaoi sin go gcuirtear deireadh le hidirdhealú ar bhonn aicme. Ligeann an spórt agus na cluichí do dhaoine éalú óna ngnáthchúraimí laethúla agus brath go bhfuil siad i ndomhan agus i dtimpeallacht eile. Fásann an ghnaoi a bhíonn ag an bpobal ar dhuine nuair a imríonn sé/sí spórt – ní bhíonn an duine a bhfuil gnaoi air/uirthi ag iarraidh bogadh ar shiúl ó thimpeallacht ina mbraitheann sé/sí tábhachtach. Cabhraíonn rannpháirtíocht i gníomhaíochtaí spóirt le daoine drochnósanna a sheachaint.

13.3 Am molta: 5 uair

13.4 Samplaí d'intreoir do na scoláirí:

-

13.5 Samplaí de cheisteanna taighde:

- Conas a chuireann an spórt agus cluichí le sláinte choirp agus mheabhrach?
- Nuair a imríonn daoine cluichí, an bhfágann siad a bhféiniúlacht shóisialta/stádas sóisialta ar leataobh le bheith ina n-imreoirí go díreach?
- An ndéanann an spórt agus cluichí maolú ar strus?
- Is féidir leis an spórt a bheith idirnáisiúnta, ach an bhfuil difríochtaí réigiúnacha ann?
- Conas a ghineann an spórt agus cluichí aontacht agus imeascadh i ndaoine?
- An bhfuil nasc idir stair an spóirt agus stair na sochaí?
- An ndéanann teaghlaigh na n-imreoirí foirne dlúthcheangal le saol an phobail?
- An bhfuil difríocht idir seanóirí agus daoine óga ó thaobh cluiche a imirt?

13.6 Samplaí d'acmhainní:

- Is gnéithe dobhraite den oidhreacht chultúrtha iad cluichí agus foghlaimíonn daoine óga ón nglúin a thagann rompu.
- Teaghlach agus comharsana, seanóirí
- Speisialtóir béaloidis sa réigiún le haghaidh eolas foirmiúil
- Baill agus foirne spóirt sa cheantar
- An t-idirlíon agus na meáin
- Cónaidhmeanna

13.7 Gníomhaíochtaí chun freagraí a aimsiú nó a bhailiú:

- Páirt a ghlacadh i gcluichí cultúrtha áitiúla
- Na rialacha a fhoghlaim trí na cluichí seo a imirt lena dteaghlach – is féidir leis na scoláirí na cluichí seo a imirt lena seantuismitheoirí nó lena n-uncailí
- Agallamh a chur ar dhaoine scothaosta agus ar an nglúin óg
- Taighde in institiúidí áitiúla
- Leabhair
- Scéalta áitiúla

13.8 Cur i láthair ar bhealach cruthaitheach:

- An raibh na cluichí seo á n-imirt acu cheana féin? Nó ar imir siad iad den chéad uair?
- Is féidir leis na scoláirí a rá conas a mhúiníodh siad na cluichí dá leanaí sa todhchaí.
- Lig dóibh na cluichí seo a mhúineadh dá gcomhdháltaí ranga agus lig dóibh imirt le chéile.
- Má aimsíodh aon chluichí eile agus má luadh iad sa seomra ranga, is féidir leo alt a scríobh fúthu go léir le haghaidh irise.
- Is féidir le gach rang nó foireann ciclipéid fhísiúil a dhéanamh ar YouTube trí scannánú a dhéanamh ar a chéile agus iad ag imirt gach cluiche.
- Is féidir leo scéal a scríobh agus míniú a thabhairt ar an tslí a n-imrítear an cluiche seo ar bhealach níos fearr ina gceantar siúd.

14. GNÍOMHAÍOCHTAÍ FÓILLÍOCHTA

Le Ramazan Eren



14.1 Réamhrá don mhodúl:

Baineann an modúl seo le caitheamh aimsire agus tá sé mar aidhm aige cabhrú leis na scoláirí fáil amach faoi na gníomhaíochtaí atá ar fáil sa cheantar agus an tionchar atá acu seo ar an bpobal. Is pointe tosaigh maith é an seanfhocal “All work and no play makes Jack a dull boy” chun an topaic a iniúchadh. Leaganacha Gaeilge: Is mairg nach saothraíonn an gáire./Is iomaí lá ag an uaigh orainn.

14.2 Aidhm an mhodúil

Gheobhaidh na scoláirí amach cad iad na gníomhaíochtaí scíthe atá ar fáil sa cheantar agus cad is féidir leo a dhéanamh ina n-am saor. Foghlaimoidh na scoláirí cén fáth a bhfuil caitheamh aimsire tábhachtach do shláinte choirp agus mheabhrach agus do chaighdeán na beatha go hiomlán agus gheobhaidh siad amach cad iad na gníomhaíochtaí scíthe a bhaineann go sonrach le réigiúin/limistéir faoi leith. Foghlaimoidh na scoláirí faoi am spártha agus caitheamh aimsire. Foghlaimoidh na scoláirí faoin tábhacht agus na buntáistí a bhaineann le ham scíthe a bheith acu in éineacht leis an teaghlach agus le daoine eile ina gceantar.

14.3 Am molta: 5 uair

14.4 Samplaí d'intreoir do na scoláirí:

-

14.5 Samplaí de cheisteanna taighde:

An bhfuil gá le gníomhaíochtaí scíthe?

- Conas a chuireann caitheamh aimsire le saol an duine?
- Cad iad na mothúcháin a bhíonn ag daoine nuair a ghlacann siad páirt i ngníomhaíochtaí scíthe?
- Cén tionchar a bhí ag páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí ortsá? An raibh tionchar aige ar do chaidrimh leis an teaghlach agus le do chairde?
- An bhfuil ceannaireacht tábhachtach i ngníomhaíochtaí scíthe?
- Cad iad na gníomhaíochtaí atá uathúil dár gceantar?

14.6 Example of resources:

- Daoine aonair a eagraíonn/a éascaíonn gníomhaíochtaí scíthe
- Cuairt ar cheantair nádúrtha

14.7 Gníomhaíochtaí chun freagraí a aimsiú nó a bhailiú:

- Daoine a chur faoi agallamh agus fiafraí díobh cad a dhéanann siad ina n-am saor.
- Cuairt a thabhairt ar cheantair áilleachta nádúrtha leis an teaghlach.
- Scríobh faoi do chuid mothúchán tar éis duit páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scíthe.
- Cuairt a thabhairt ar chomhairle áitiúil agus foghlaim faoi ghníomhaíochtaí atá ar fáil sa cheantar.

14.8 Cur i láthair ar bhealach cruthaitheach:

- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scíthe le comhghleacaithe ranga
- Is féidir leis na scoláirí gníomhaíochtaí a eagrú agus a threorú
- Pictiúir a thaispeáint óna gcuariteanna
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scíthe le tuismitheoirí. Agus labhairt faoi mhothúcháin tar éis na gníomhaíochta.
- Na gníomhaíochtaí a liostú agus a shórtáil de réir mhéid na hócáide.

IARSCRÍBHINN III

LÉITHEOIREACHT CHÚLRA DO NA MODÚIL

1. LITRÍOCHT/TEANGA GO GINEARÁLTA

Le Eduardo Naia

Is é atá i dteanga an cumas smaointe, mothúcháin, braistintí a chur in iúl, a shiombalú agus a léiriú ... i mbeagán focal, insint don domhan. Tá an teanga, mar sin, ar an gcáilíocht is daonna atá againn.

Scoil ar bith a cumadh mar spás ina bhfuil iliomad teangacha, ceadóidh sí éagsúlacht mhór bríonna, braistintí nua, maidir le bheith daonna. Aon scoil atá in ann slí inbhuanaithe chun luachanna a chur in iúl a dhéanamh den teagasc, beidh níos mó i gceist inti ná atáirgeadh foghlaim theicniúil.

Ceann de na dúshláin is mó atá ag scoileanna an lae inniu is ea a bheith ar an eolas faoin éagsúlacht áitiúil mar chuid dhosaoilte den fhéiniúlacht náisiúnta agus an saibhreas a léiríonn an éagsúlacht seo a aithint. Tá an éagsúlacht seo mar chuid d'oidhreacht tíre, agus idirghníomhaíonn sí ar bhealach casta le cultúr, ealaín agus oideachas.

Agus sinn ag iarraidh soiléiriú a dhéanamh ar an éagsúlacht eitneach agus chultúrtha atá mar chuid den tsochaí in áit ar leith, agus ar na gaoil eatarthu, tá oideachas á chur againn ar shaoránaigh an domhain amach anseo.

Is é misean an tionscadail “Mórtas Áite” fáilte a chur roimh scoláirí agus iad a spreagadh chun foghlaim ar shlí atá ar fheabhas agus gníomhú mar shaoránaigh an domhain, gan dearúd a dhéanamh riamh ar a gcúlra agus ar a gceangal leis an áit ina bhfuil cónaí orthu nó arb as iad.

Cuirfidh an tionscadal seo teagmháil dhíreach ar fáil le saibhreas oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha ceantair nó réigiúin áirithe. I gcur chuige ildisciplíneach, foghlaimíonn scoláirí conas tuiscint a fháil ar an teanga áitiúil (canúint) trí bhreathnóireacht agus anailís, agus trí chaidrimh a bhunú idir cúrsaí geografacha, bitheolaíocha, stairiúla, sóisialta agus polaitiúla.

Tá sé i gceist ag “Mórtas Áite” chomh maith gníomhaíochtaí a fhorbairt a thugann mic léinn níos gaire d'fhoirmeacha cultúrtha éagsúla, is é sin cuir i láthair a spreagann an mothú go mbaineann siad lena gceantar/réigiún, trí chuimhne, caidrimh shóisialta, eolas agus cleachtais a chuimsíonn féiniúlacht daoine, agus muintir na háite a bheith páirteach sa tionscadal.

Sa lá atá inniu ann, ní féidir a shéanadh ach go bhfuil ról ollmhór ag an scoil maidir le léirithe cultúrtha a bhfuil tóir orthu a chosaint, a chur chun cinn agus a scaipeadh.

Cuirtear béim in “Mórtas Áite” ar an scoil mar spás inar féidir le teangacha éagsúla ábhair a chur ar fáil a bhfuil eolas níos leithne agus níos éagsúla ag baint leo.



Leabharliosta

- ARIAS, P. G. (2002). *La cultura. Estrategias Conceptuales para comprender a identidad, la diversidad, la alteridad y la diferencia*. Escuela de Antropología Aplicada UPS–Quito. Ediciones Abya–yala.
- FERREIRA, F. (2005). *O Local em Educação. Animação, Gestão e Parceria*. Fundação Calouste Gulbenkian. Lisboa: Textos de educação.
- GREVER, M. & BOXTEL, C. (2011) *Reflections on heritage as an educational resource*. In BOXTEL, C., KLEIN, S. & SNOEP, E. *Heritage education. Challenges in dealing with the past*. Amsterdam, The Netherlands Institute for Heritage.

2. BÉALOIDEAS AGUS MIOTASEOLAÍOCHT

Le Eduardo Naia

Is féidir le duine ar bith a bhfuil suim aige in eolas, creidimh agus nósanna a bhfuil tóir orthu foghlaim faoi oidhreacht tréimhse nó réigiúin ar leith, agus taitneamh a bhaint as na cúinsí go léir as ar tháinig slí uathúil daoine chun smaoineamh, mothú agus iad féin a iompar.

Is eolas a bhfuil ráchairt air é an béaloideas a bhfuil meas air agus a chaomhnaítear. Ní féidir labhairt faoi stair ceantair gan aird a thabhairt ar a thraidisiúin, toisc gurb é an bunús cultúrtha seo a chuireann in iúl agus a chinneann bealach maireachtála grúpaí sóisialta éagsúla, agus aistriú an eolais a carnadh le himeacht ama ó ghlúin go glúin.

Is éard atá i gceist le hobair a dhéanamh ar an téama seo ná fiospeis agus fiosracht leanaí agus daoine óga maidir lena sinsir a spreagadh, agus a speis i saibhreas cultúrtha a réigiúin/a dtíre dúchais a spreagadh.

Is iad amhráin, finscéalta, féilte móréilimh agus cluichí grúpa na gnéithe sainmhínithe is láidre den bhéaloideas áitiúil, agus tugann iniúchadh orthu seo i scoileanna agus i seomraí ranga deis do leanaí cuimhne ar oidhreacht a ndaoine a mhúscailt, agus stair a gceantair a choinneáil beo.

Nuair a thugtar an béaloideas isteach i scoileanna agus i gcleachtais oideolaíocha, cuireann sé sin le múnú pearsantachta agus intleachta i measc leanaí agus daoine óga: ní féidir le duine an todhchaí a thógáint gan an t-am atá imithe. Nuair a thagann leanaí ar scoil, ní hamháin go mbíonn leabhair nótaí nó criáin ina málaí, ach bíonn bagáiste eolais i gceist freisin a fhaightear ó chomhthéacs an teaghlaigh a bhféachfaidh gníomhaíochtaí oideolaíocha le forbairt a dhéanamh orthu.

Is minic a dhiúltaíonn leanaí an lae inniu staidéar a dhéanamh ar imeachtaí ón seanam. Is é an slí is fearr le fiosracht leanaí a spreagadh agus a chothú i gcás téamaí a bhfuil cuma shean orthu ná atmaisféar fadréimseach a chruthú de na tréimhsí a bhfuil léiriú orthu sa béaloideas, agus iad a cheangal leis an am i láthair. Dá bhrí sin, is gníomhaíochtaí oideolaíocha den scoth iad amhráin agus scéalta, chomh maith le scéalta a bhfuil cur síos mion iontu, cé go mbíonn eolas agus cruthaitheacht bhreise ag teastáil i gcás an mhúinteora chun speis a gcuid scoláirí a spreagadh i ndomhain a bhíonn an-difriúil go minic leis an gceann ina maireann siad.

Is féidir leis an scoil, agus ba cheart di, imeachtaí cultúrtha a chur chun cinn ina mbíonn an teaghlach go léir rannpháirteach, chomh maith le taibhithe, damhsa, ceol nó aonghníomhaíocht a léiríonn tábhacht na hathbheochana cultúrtha, fad is atá sé oiriúnach don aoisghrúpa lena mbaineann na scoláirí.

Tá leanaí cliste, aireach agus fiosrach ó nádúr agus is féidir le teagmháil leis an mbéaloideas freagraí a thabhairt dóibh maidir le hábhair bhuartha agus inní. Agus iad ag aithris, ag canadh, ag damhsa, ag seinm agus ag éisteacht le scéalta i measc na scoláirí eile, cuirtear an draíocht agus na toisí spráíúla agus mothaitheacha chun cinn ar an mbealach is fearr is féidir trí charachtair, scéalta agus tírdhreacha atá an-difriúil lena n-áit féin.



Leabharliosta

- GUIMARÃES, Geraldo (1994). *Folclore na Escola*, Editora Manole; Edição: 3ª, São Paulo
- WORLD BANK. (2007). *Community Foundations (2007) – A Tool for Preservation of Cultural Heritage*. Social Development Department of Sustainable Development Network. Community Driven Development. n.º 108.



3. BITHÉAGSÚLACHT

Le Paola Prato & Marina Sacchetto

Is é an sainmhíniú atá ar an téarma bithéagsúlacht “an inathraitheacht i measc orgánaigh bheo ó gach foinse lena n-áirítear, inter alia, éiceachórais talún, mara agus uisceacha eile agus na coimpléisc éiceolaíocha a bhfuil siad ina gcuid díobh; áirítear leis seo éagsúlacht laistigh de speicis, idir speicis agus i measc éiceachóras.” An tábhacht atá leis an sainmhíniú seo ná go dtarraingíonn sé aird ar an iliomad gnéithe a bhaineann leis an mbithéagsúlacht.

Tagraíonn bithéagsúlacht don éagsúlacht bheatha ar an Domhan ag a leibhéal uile, ó ghéinte go héiceachórais, agus féadann sí na próisis éabhlóideacha, éiceolaíocha agus chultúrtha a chothaíonn an bheatha a chuimsiú. Cuimsíonn an bhithéagsúlacht ní hamháin speicis a mheasaimid a bheith neamhchoitianta, faoi bhagairt nó i mbaol ach gach rud beo freisin – idir dhaoine agus orgánaigh nach bhfuil mórán eolais againn fúthu, mar mhiocróib, fungais agus inveirteabraigh.

Déanann an téarma “bithchultúrtha” cur síos ar an tslí a bhfuil daoine agus áiteanna dinimiciúil, éabhlóideach go leanúnach agus idircheangailte, agus ar an nóisean go bhfuil ceangal idir toisí sóisialta agus bitheolaíocha. Aithnítear leis an gcoincheap seo go mbíonn tionchar ag nósanna, eolas agus creidimh an duine ar na córais éiceolaíochta a bhfuil pobail mar chuid díbh agus go mbíonn tionchar ag na córais ar na pobail, leis. Léiríonn an caidreamh seo an bhithéagsúlacht ina hiomláine, lena

n-áirítear speicis, talamh agus naisc chultúrtha leis na háiteanna a bhfuil cónaí orainn iontu.

Tá an bhithéagsúlacht tábhachtach dár bhfolláine agus tá ról lárnach aici maidir le pláinéad atá éagsúil agus sláintiúil a chothabháil.

Tá an bhithéagsúlacht riachtanach do dhaoine ar go leor cúiseanna:

- Eacnamaíoch – cuireann an bhithéagsúlacht amhábhair ar fáil do dhaoine lena n-úsáid agus lena dtáirgeadh.
- Tacaíocht bheatha éiceolaíoch – cuireann an bhithéagsúlacht éiceachórais fheidhmiúla ar fáil a sholáthraíonn ocsaigin, aer glan agus uisce, pailniú plandaí, srianadh lotnaidí, cóireáil fuíolluisce agus go leor seirbhísí éiceachórais.
- Caitheamh aimsire – tá go leor gníomhaíochtaí scíthe ag brath ar ár mbithéagsúlacht uathúil, mar shampla éanbhreathnú, fánaíocht, campáil nó iascaireacht. Tá ár dtionscal turasóireachta ag brath ar an mbithéagsúlacht freisin.
- Cultúrtha – Tá dlúthbhaint ag an gcultúr leis an mbithéagsúlacht.
- Eolaíoch – is ionann an bhithéagsúlacht agus raidhse sonraí éiceolaíochta sistéamacha a chabhraíonn linn an domhan nádúrtha agus a bhunús a thuiscint.

Is féidir le haon chaillteanas nó meath i riocht na bithéagsúlachta cur isteach ar na luachanna go léir atá luaite thuas agus dul i bhfeidhm ar fholláine an duine. Léirigh measúnú amháin go mbaineann pobail thuaithe leas as an mbithéagsúlacht ó thaobh leas ábharach, slándála, acmhainneachta, naisc dhaonna agus sláinte.

Leabharliosta

- BDA Norton, CJ Miller (2000). Some issues and options for the conservation of native biodiversity in rural New Zealand – *Ecological Management & Restoration*, 2000 – Wiley Online Library

4. FOLLÁINE

Le hOrlaith Ruiséal

Ta folláine dírithe ar fhorbairt mar dhuine.

Tá na h-eilimintí thíos riachtanach chun saol le dealreamh a bheith ag duine. Níl na haon miondifríocht san áireamh ach léirítear cúig chatagóir leathan atá riachtanach don a bhformhór.

- Baineann an chéad ghné leis an slí a chaitheann tú do chuid ama nó díreach dúil a bheith agat sna nithe a dhéanann tú gach lá: d’Fholláine Gairme.
- Baineann an dara gné le caidreamh láidir agus grá a bheith agat i do shaol: d’Fholláine Shóisialta.
- Baineann an tríú gné le bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar do shaol eacnamaíoch: d’Fholláine Airgeadais.
- Baineann an ceathrú gné le sláinte mhaith agus dóthain fuinnimh a bheith agat chun rudaí a dhéanamh go laethúil: d’Fholláine Fhisiciúil.
- Baineann an cúigiú gné leis an mothú rannpháirtíochta atá agat sa cheantar ina bhfuil cónaí ort: d’Fholláine Pobail.



Tá réiteach simplí ar an bhfadhb seo, áfach: más féidir linn dreasachtaí gearrthéarmacha a fháil atá ag teacht lenár gcuspóirí fadtéarmacha, bíonn sé i bhfad níos fusa athruithe dearfacha a dhéanamh san am i láthair.

Cuireann na caidrimh a bhíonn ag leanaí le teaghlaigh agus le pobail/áit agus a n-idirghníomhaíochtaí leo go mór lena bhfolláine. Caithfidh leanaí braistint go bhfuil meas orthu, go bhfuil aire á tabhairt dóibh agus go bhfuil siad curtha san áireamh sa phobal/san áit. Caithfidh siad meas a bheith acu orthu féin, ar dhaoine eile, agus ar a dtimpeallacht/áit. Éiríonn siad dearfach fúthu féin nuair a léiríonn daoine fásta dóibh go bhfuil siad tábhachtach agus nuair a dhéanann daoine fásta caidreamh gnaíúil agus tacúil a chothú leo. Cuirtear go mór le folláine leanaí nuair a bhíonn deis acu iad féin a chur in iúl go cruthaitheach sa timpeallacht/áit fhisiceach.

Tá an saol lán de dhúshlán agus den streachailt. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach a bheith stuama agus nasc dearfach a bheith agat leis an timpeallacht/áit atá thart ort. Cabhraíonn gach eispéireas dúshlánach le leanaí a bheith acmhainneach agus seiftiúil agus foghlaim conas déileáil le hathrú agus cásanna ina dtéann rudaí mícheart.

Tá folláine fhisiciúil tábhachtach don fhoghlaim agus don fhorbairt mar go gcuireann sé seo ar chumas leanaí iniúchadh agus fiosrú a dhéanamh agus dúshlán a thabhairt dóibh féin ina dtimpeallacht/áit. Táfeasacht ar a gcorp agus ar a gcumas mar chuid de seo chomh maith.

Tacaíonn an duine fásta le folláine shíceolaíoch agus choirp leanaí trí chabhrú leo roghanna sláintiúla a dhéanamh maidir le cothú, sláinteachas agus aclaíocht. Déanann an duine fásta deiseanna a phleanáil agus a chur ar fáil do leanaí chun iad féin a chur in iúl, iad a spreagadh chun súgradh agus oibriú le daoine eile, agus chun déileáil le dúshlán. Cabhraíonn an duine fásta chomh maith le leanaí dul i dtreo an neamhspleáchais trí rogha a thabhairt dóibh ina gcuid gníomhaíochtaí, agus trí dheiseanna a chur ar fáil dóibh cinntí a dhéanamh agus dul amach chun cinn.

Cuirfidh an teimpléad atá cruthaithe againn na scoláirí ar an eolas faoi cad is folláine ann, conas í a bhaint amach, agus conas í a chothabháil. Cabhróidh an modúl seo leis na scoláirí tuiscint níos fearr a fháil ar a bhfolláine féin.

Leabharliosta

- Five elements of wellbeing (Source: Modified from a website published in Gallup–Healthways Well–Being index, 2014)
- Wellbeing: The Five Essential Elements by Tom Rath and Jim Harter, Ph.D.

5. GASTRANÓMACHAS

Le Ramazan Eren

Tá an tionscadal seo Mórtas Áite (MÁ) bunaithe ar cheist an bhánú i gceantair thuaithe agus tá sé mar aidhm aige réitigh a mholadh. Má dhéantar líon na ndaoine atá ag iarraidh leanúint ar aghaidh lena saol i gceantair thuaithe a ardú, cinnteoidh sé seo go dtiocfaidh forbairt ar na réigiúin seo. Is uirlis é an Mórtas Áite a theastaíonn uainn a úsáid chun daoine a spreagadh le bheith ina gcónaí i gceantair thuaithe. Is é ainm agus pointe tosaigh an tionscadail é: mórtas áite mar fheiniméan/mothúchán a bhfuil an cumas aige daoine a nascadh le ceantair thuaithe.

Tosaíonn Mórtas Áite nuair a aimsítear tréithe cultúrtha agus fisiciúla na háite. Agus is féidir leis an ngastranómachas a bheith ina fhoinsé iontach MÁ do dhaoine. Is éard atá i gceist leis an ngastranómachas mar choincheap ná deochanna agus bia áitiúil, chomh maith le táirgí bia a fhástar sa réigiún agus modhanna áitiúla chun bia agus deochanna a ullmhú agus a chur i láthair.

Tá an bia mar chuid den timpeallacht fhiseolaíoch, shíc-mhothaitheach, shóisialta agus shiombalach. Le cois luachanna sláinteacha agus cothaitheacha, tá tréithe síc- mhothaitheacha agus siombalacha ag baint leis. Tá an siombalachas bia seo le feiceáil ar go leor bealaí:

- Bia mar shiombail: tá roinnt bianna mar bhunús le híomhánna agus cáilíochtaí siombalacha (arán, fíon, gránaigh, an fhuil dhorcha i ngéimeanna i gcás sealgairí).
- Bia mar chomhartha comaoineach: is nasc sóisialta bunúsach é an bia a roinntear agus a itear le daoine eile (mar shampla, béilí gnó, ceiliúrtha teaghlaigh, béilí laethúla). Tugann an bia léiriú ar chás/staid agus déanann é a tharchur, agus bíonn idir eolas agus bhrí i gceist leis. Fíorchomhartha gurb é an bia an t-aonad feidhmiúil de struchtúr cumarsáide.
- Bia mar shuaitheantas: seo mar a bhíonn i gcás oidhreacht chócaireachta limistéar geografach nó pobail ar leith – is saghas blaincéad é a ligeann d'áitritheoirí ceantair ar leith iad féin a aithint.

Dá bhrí sin, faigheann daoine cothú ó bhia ach lena chois comharthaí, siombailí, aislingí agus samhlaíocht. Léiríonn an t-itheachán na nithe a gcreideann duine iontu, mar aon le struchtúir bhunúsacha shamhailteacha. Ar thaobh amháin, 'is ionann an t-iteoir agus an rud a itheann sé', mar sin nuair a itheann tú bia, glacann tú le cáilíochtaí an bhia sin agus déanann iad a chomhtháthú.

Mar an gcéanna, 'déantar an t-iteoir a fhí isteach sa chultúr', agus cuireann an bia agus an chócaireacht, de réir mar a chinntear go cultúrtha iad, an t-iteoir i ndomhan sóisialta agus in ord cultúrtha. Tá nósanna itheacháin mar bhunús le féiniúlacht chomhchoiteann agus, dá bharr sin, le heileacht (Bessiere, 1998).

Is é aidhm an mhodúil seo an cultúr gastranómach áitiúil a chur faoi bhráid na scoláirí óga. Is féidir le scaipeadh eolais faoi bhianna agus deochanna áitiúla agus na slite chun na bianna seo a chócaráil/a dhéanamh a chinntiú go maireann an cultúr. Is féidir le gastranómachas áitiúil a bheith ina fhoinsé aitheantais thábhachtach do réigiún, d'ioncam a gheilleagair agus do MÁ. Is samplaí maith den ghastranómachas iad sráidbhaile Roquefort (cáis) agus Porto (fíon). Múnlaíonn plandaí agus créatúir eile a fhásann nó atá ar fáil i gceantar an gastranómachas áitiúil, rud a fhágann go bhfuil sé sainiúil don réigiún. Beidh na scoláirí in ann a thuiscint go bhfuil gastranómachas mar chuid dá gcultúr agus go bhfuil sé múnlaíthe ag táirgí agus ag barra áitiúla.



Leabharliosta

- Bessiere, J. (1998). Local Development and Heritage: Traditional Food and Cuisine as Tourist Attractions in Rural Areas. *Sociologia Ruralis*, 38(1), 21–34. <https://doi.org/10.1111/1467-9523.00061>

6. TÍREOLAÍOCHT

Le Paola Prato & Marina Sacchetto

Tá spéis i dtírdhreacha tuaithe agus inní fúthu ag méadú ar fud an domhain. Tá go leor tionscnamh á reáchtáil a bhfuil sé mar sprioc acu na luachanna inláimhsithe agus doláimhsithe atá ag tírdhreacha a thuiscint, a chosaint agus a fheabhsú, mar fhreagairt ar na hathruithe doimhne ó bhonn atá ag teacht orthu. I measc na n-athruithe seo tá tréigean na talún, diansaothrú na talún, cailliúint eolas traidisiúnta agus áitiúil, brú forbartha uirbí, etc.

Tá cáilíochtaí iomlánaíocha agus casta ag tírdhreacha tuaithe a léiríonn mothú uathúil áite, agus atá mar an príomhghné d'fhéiniúlacht na ndaoine. Cuireann an talmhaíocht thraidisiúnta úsáid inbhuanaithe talún chun cinn, a fuarthas thar blianta de chleachtais tuaithe na sinsear, cleachtais a thugann urraim do shainiúlachtaí nádúrtha na talún, agus a chaomhnaíonn an bhithéagsúlacht áitiúil agus an éagsúlacht chultúrtha shaibhir. Ina theannta sin, is acmhainn eacnamaíoch agus chultúrtha iad tírdhreacha tuaithe an lae inniu do na glúnta atá le teacht agus, dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach bainistiú cosanta a dhéanamh go cúramach orthu.

Dírítear sa tíreolaíocht tuaithe ar spásúlacht shaol agus thimpeallacht na tuaithe. Is féidir a forbairt stairiúil mar fho-réimse a roinnt i dtrí thréimhse: réamhchéim (roimh 1950), nuair a dhírigh an tíreolaíocht dhaonna, réigiúnach agus chultúrtha, gan chuimhneamh den chuid is mó, ar thírdhreacha tuaithe mar chuid de rogha dhisciplíneach níos leithne do cheantair staidéir neamhchathracha; tréimhse éiritheach (1950idí–1970idí), nuair a cuireadh an fo-dhisciplín ar bhonn foirmiúil i dtosach faoi rúibric a chuir béim ar thalmhaíocht, ar úsáid talún, agus ar phatrúin daonra/lonnaíochta; agus an tréimhse chomhaimseartha (1970idí–anois), agus comhtháthú teoiricí polaitiúla-eacnamaíocha agus iar-struchtúracha ag tarlú agus spéis á cur in athstruchtúrú tuaithe, gluaiseachtaí sóisialta, dioscúrsa, rialachas, féiniúlachtaí agus eispéiris. Is fo-réimse gaolmhar í an tsocheolaíocht tuaithe a d'fhorbair níos luaithe (go gairid tar éis an Chéad Chogaidh Dhomhanda) agus atá tar éis scoláireacht a chur ar fáil go leanúnach a bhaineann leis an tíreolaíocht tuaithe.

Is féidir staidéar a dhéanamh ar léarscáileanna úsáide talún ó bhlianta éagsúla chun príomhghnéithe thírdhreach tuaithe an réigiúin a aithint agus na hathruithe a deineadh air le himeacht ama, a bhfuil nasc acu le hathruithe monashaothraithe (fíon agus cnónna) agus imirce dhaonna.

Tá sé mar aidhm ag an teimpléad tíreolaíochta na scileanna a thabhairt do na scoláirí chun athruithe thírdhreacha a thuiscint. Ba cheart go spreagfadh sé seo iad chun le gníomhú ar bhealach freagrach agus inbhuanaithe ina gceantar féin. Is cinnte gurb é seo an bealach is fearr lena Mórtas Áite a mhéadú.



Leabharliosta

- UNESCO Florence Declaration on Landscape. Final Declaration of the UNESCO International Meeting on “The International Protection of Landscapes” on the occasion of the 40th Anniversary of the World Heritage Convention
- European commission Territorial Agenda of the European Union 2020. Towards an inclusive, smart and sustainable Europe of diverse regions

7. IMEACHTAÍ ÁITIÚLA

Le Ramazan Eren

Bíonn éifeacht dhearfach ag Mórtas Áite (MÁ) ar an bpobal de bhrí go n-eascaíonn tionscnaimh a bhíonn ar mhaithe leis an bpobal as. Féachtar ar imeachtaí cultúrtha (e.g. Príomhchathair na hEorpa) mar bhealach an-éifeachtach le tús a chur le próisis athnuachana cathrach mar go gcuireann siad borradh faoin MÁ (Liu, 2015). I gcomhthéacs cultúrtha difriúil, chonacthas go ndearna mórtas saoránaigh cleachtais sláinteachais nua a spreagadh i Neipeal, rud a chuaigh chun sochair do shláinte an phobail (McMichael & Robinson, 2016).

Léiríonn imeachtaí áitiúla saibhreas acmhainní agus sainiúlachtaí réigiúin agus is cuid den chultúr áitiúil iad. Cabhraíonn na himeachtaí seo le táirgí a bhaineann go sonrach leis an réigiún a chur chun cinn agus leis an bpobal teacht le chéile. Feabhsaíonn teagmhálacha pobail an caidreamh idir daoine agus cuireann siad ar a gcumas mórtas as cultúr atá i bpáirt acu a roinnt. Trí pháirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí seo ligtear do dhaoine óga am a chaitheamh lena dteaghlaigh agus aithne níos fearr a chur ar bhaill eile den phobal. Meallann imeachtaí áitiúla cuairteoirí ó na réigiúin máguaird agus níos faide i gcéin.

Imeachtaí áitiúla mar ábhar spéise do thurasóirí:

- Gníomhaíochtaí ceardaíochta mar fhuáil, bróidnéireacht agus fíodóireacht
- Cuairt a thabhairt ar áiteanna stairiúla, nádúrtha nó cultúrtha
- Gníomhaíochtaí spóirt mar shiúlóireacht, fánaíocht, iascaireacht, fiach, marcaíocht capall, galf, rothaíocht, ráimhaíocht
- Gníomhaíochtaí beostoic agus gníomhaíochtaí bunaithe ar thalmhaíocht mar shaothrú torthaí ar na feirmeacha talmhaíochta seanbhunaithe
- Comórtais chultúrtha agus spóirt
- Aontaí agus féilte
- Póstaí i sráidbhailte agus damhsaí tíre áitiúla in éadaí traidisiúnta
- Gníomhaíochtaí fóillíochta mar phéintéireacht nó grianghrafadóireacht
- Foghlaim faoi lámhcheardaíocht thraidisiúnta, ealaín áitiúil agus damhsaí tíre
- Tírdhreach, faire ar an ngrian agus luí faoin ngrian
- Teacht le chéile agus comhrá i gcaiféanna nó i ngairdíní tae
- Siúlóidí, rothaíocht nó siúlóireacht.

Nuair a bhíonn daoine óga páirteach i ngníomhaíochtaí áitiúla, cabhraíonn sé leo eolas níos fearr a chur ar an réigiún. Is féidir le gnéithe cultúrtha, táirgí talmhaíochta, ceantair áilleachta nádúrtha, ealaín agus ceardaíocht áitiúil agus stair a bheith ina gcúis mhórtais do dhaoine óga. Is féidir ceangal daoine óga leis an gceantar agus leis an bpobal a láidriú trí mheas ar na himeachtaí seo a chothú iontu agus iad a spreagadh le páirt a ghlacadh iontu.



Leabharliosta

- Liu, Y.-D. (2015). Event and Quality of Life: A Case Study of Liverpool as the 2008 European Capital of Culture. *Applied Research in Quality of Life*, 11(3), 707–721. doi:10.1007/s11482-015-9391-1
- McMichael, C., & Robinson, P. (2016). Drivers of sustained hygiene behaviour change: A case study from mid-western Nepal. *Social Science & Medicine*, 163, 28–36. doi:10.1016/j.socscimed.2016.06.051

8. CEIRDEANNA AGUS CEARDAÍOCHT


Le Teresa Cameira

Is é an sainmhíniú is féidir a thabhairt ar an téarma ‘ceardaíocht’ ná scil i gceird áirithe agus is éard atá sna déantúsáin a chruthaítear go seiftiúil ná “cúlchistí saibhris, a dhéanann ábhair a bhfuil luach sainiúil iontu a stóráil, mar aon leis an saothar a chaitear lena ndéanamh.” Is minic gur fianaise shuntasach iad agus insíonn siad go leor dúinn faoi stair ceantair agus daoine. Dá bhrí sin, is “tréith dhaonna í an cheardaíocht freisin” mar go léiríonn sí céadfaí, mothúcháin, luachanna agus oidhreacht daoine.

Bíonn ceirdeanna agus ceardaíocht áirithe le fáil in áit faoi leith mar gheall ar roinnt cúrsaí a bhaineann le cúiseanna stairiúla, sóisialta agus eacnamaíocha, na cúiseanna céanna a mbíonn baint acu go minic lena n-imeacht. In ainneoin iarrachtaí na gceardaithe a gcuid páisean a chur ar aghaidh chuig na glúnta óga agus eolas comhchoiteann a chosaint, tá sé deacair dul in iomaíocht le holltáirgeadh agus eolas gasta dhomhan an lae inniu. Is gnách go mbaintear an bonn ó phoist thraidisiúnta ina bhfuil gá le haird ar mhionsonraí, le scil agus le machnamh, mar aon le treoir chúramach ó lámha agus anam an duine.

Léiríonn staidéir treocht i measc tomhaltóirí a chuireann luach ar bharántúlacht agus ar cháilíocht, ar spiorad agus ar stair, ar tréithe iad uile a bhaineann leis an gceardaíocht. Mar sin féin, tá an easpa acmhainní agus infheistíocht áitiúil agus/nó stáit fós ag cur bac ar a forbairt.

Tá sé mar aidhm ag Mórtas Áite a léiriú go bhfuil ceangal cumhachtach idir áit agus féiniúlacht agus gur féidir le leibhéal an cheangail le háit duine dul i bhfeidhm ar roghanna saoil daoine. Ar an gcaoi chéanna, tá gníomhaíochtaí i gceist sa mhodúl seo a d’fhéadfadh cur le heolas na scoláirí ar a gceantar, rud a d’fhéadfadh cur lena mbraistint chómhuintearais agus, mar gheall air sin, iad a spreagadh le ceirdeanna áitiúla agus earnáil na ceardaíochta traidisiúnta a dhéanamh níos nua-aimseartha.



Leabharliosta

- Costin, Cathy Lynne (1998), Introduction: Craft and Social Identity. *California State University, Northridge*
- Klammer, Arjo (2012), Crafting Culture: The importance of craftsmanship for the world of the arts and the economy at large. *Erasmus University Rotterdam*

9. STAIR

Le hOrlaith Ruiséal

Foghlaimíonn tú faoi do phobalsa ón Stair Áitiúil.

Is léiriú iad na daoine, láithreacha, logainmneacha agus rudaí éagsúla i do phobal ar oidhreacht na nglúnta a chuaigh romhat san áit ina bhfuil cónaí ortsa.

Is eolas í an stair áitiúil a bhaineann le timpeallacht na scoláirí féin. Is féidir leis an bpobal agus le heagraíochtaí bainteacha a bheith ina scoil don fhoghlaím.

Ó bhreith, forbraíonn leanaí tuiscint ar cé hiad féin agus cá bhfuil siad. Is éard atá i gceist leis an mbraistint chómhuintearais ná caidreamh nó nasc a bheith agat le grúpa daoine agus áit.

I gcás na scoláirí, an chiall atá le Mórtas Áite ná braistint chómhuintearais agus cothaíonn sé seo neart mothúchánach. Cothaíonn Mórtas Áite mothúcháin dhearfacha na scoláirí i leith a dteaghlach, a gcúlra, a gcultúr, a gcreidimh, a dteangacha agus a dtimpeallachtaí fisiciúla.

Baineann Mórtas Áite le muintearas. Baineann muintearas le caidreamh nó nasc a bheith agat le daoine agus le háit. Cothaíonn Mórtas Áite agus braistint chómhuintearais neart mothúchánach agus féinmhuinín i measc na scoláirí, bród folláin astu féin agus an áit arb as iad.

Is féidir nasc mothúchánach le stair áitiúil a spreagadh agus a fhorbairt trí mo scéalsa/scéal teaghlaigh/scéal ceantair, curtha in iúl ó bhéal nó i scríbhinn, trí shaothar ealaíne, ceol, drámaíocht, mím, gluaiseacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide...

Má dhéantar staidéar ar shaol daoine ón gceantar, idir “ghnáthdhaoine” agus “daoine cáiliúla”, ó chúlraí agus tréimhsí éagsúla, is féidir leis sin comhbhá mhothúchánach agus machnamh ar stair na háite a spreagadh. Ba cheart plé ar ghníomhartha agus mothúcháin faoi phearsana áitiúla agus imeachtaí stairiúla a spreagadh, de bhrí go gcothaíonn siad freagairt mhothúchánach sna scoláirí maidir le daoine ón gceantar, le himeachtaí áitiúla agus le mórtas áite.

Cuirfidh an teimpléad atá cruthaithe againn ar chumas na scoláirí dul i ngleic go gníomhach leis an stair agus leis an oidhreacht áitiúil, rud a chuirfidh ar a gcumas foghlaim faoi na rudaí a fhágann go bhfuil a gceantar uathúil. Cabhróidh an modúl seo leis na scoláirí fiosrú stairiúil a fhorbairt agus a chleachtadh – scileanna a bhaineann le ham agus le croineolaíocht, cúis agus éifeacht, athrú agus leanúnachas, úsáid fianaise, sintéis, cumarsáid agus comhbhá – agus tuiscint leathan agus thomhaiste a fháil ar an stair áitiúil agus na rudaí a fhágann go bhfuil a gceantar uathúil.



10. AILTIREACHT

Le Daniela Bertonasco

I ngach áit – baile, sráidbhaile nó ceantar tuaithe – tá foirgnimh thipiciúla le fáil.

Tá rud éigin le foghlaim faoi stair na háite ón ailtireacht thraidisiúnta: conas a mhair daoine san am a chuaigh thart, conas a chuir siad iad féin in oiriúint dá dtimpeallacht, conas a réitíodh fadhbanna a bhain leis an tírdhreach. Coiméadann an oidhreacht ailtireachta an nasc idir an t-am atá thart agus an lá inniu beo, fágtha mar oidhreacht ag roinnt glúnta, agus is cúis bhróid dúinn í.

Déanta na fírinne, mar a deirtear san iris ar líne architetti.com: “Tá nasc domhain idir ailtireacht tuaithe agus a tírdhreach. [...] Is taiscí inláimhsithe tábhachtacha de chultúr ábharach agus córais íocónacha aitheantais duine iad tírdhreach agus ailtireacht tuaithe. Eascraíonn ailtireacht tuaithe ó thraidisiúin i bhfad siar, agus úsáidtear eilimintí saineúla chun an ithir, na ceapacha, na barra a mhúnlú. Stórálaíonn cuid de na heilimintí seo eolas ársa nach gcailltear, agus is féidir a lán a fhoghlaim ón sli comhsheasmhach a mbaineann siad le dúiche agus tírdhreach.”


Braitheann daoine fásta a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe ceangal speisialta le tógálacha “móra agus beaga” atá ina gcomharthaí sóirt dá gceantar; ní bhíonn an braistint seo chomh coitianta céanna i measc daoine óga.

Tá sé mar aidhm ag an teimpléad a chruthaíomar scoláirí óga a dhéanamh níos eolaí ar an ailtireacht áitiúil agus braistint chómhuintearais a fhorbairt maidir leis an gceantar ar fiú cuimhneamh air agus a thabhairt do na glúnta atá le teacht.

Tá sé tábhachtach bainistiú cúramach a dhéanamh ar an ailtireacht áitiúil thraidisiúnta, agus ní mór cur ina luí ar dhaoine gur cheart meas a léiriú ar roghanna ár sinsear agus athchóiriú agus athdheisiú á ndéanamh ar ár seanfhoirgnimh.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal freisin aird a tharraingt ar éagsúlacht na bhfoirgneamh traidisiúnta agus níos mó daoine a chur ar an eolas fúthu, cuireadh a thabhairt do thurasóirí taithí a fháil ar ghnéithe uathúla dár ndúiche agus muintir na háite a spreagadh chun fanacht sa cheantar agus geilleagar inbhuanaithe a fhorbairt trí acmhainní áitiúla a úsáid.

Tá Mórtas Áite á sheoladh ag am a bhfuil bánú na gceantar tuaithe faoi lánseol mar gheall ar sheirbhísí teoranta áitiúla agus easpa deiseanna fostaíochta.



Leabharliosta

- “Il valore del territorio” Umberto Allemandi & C. (2001)
- “Paesaggio, Architettura e pietra di Langa” Lorenzo Mamino
- Comunità Montana Langa delle Valli – Arti grafiche Dial (2008)
- (da www.architetti.com del 24/11/2016 “Architettura rurale e Paesaggio, una relazione da preservare e valorizzare”)
- <https://www.architetti.com/architettura-rurale-e-paesaggio-una-relazione-da-preservare-e-valorizzare.html>



11. NOIRM AGUS LUACHANNA

Le Thomas Albers

Bíonn méid áirithe den ord sóisialta ag teastáil i ngach sochaí chun gur féidir léi feidhmiú go maith, agus baintear é seo amach trí iompar a rialáil trí chaighdeáin áirithe. Déantar na caighdeáin iompair seo a eagrú mar noirm agus luachanna.

Tá noirm agus luachanna mar chuid de chnoc oighir cultúrtha gach sochaí, agus de ghnáth bíonn siad dofheicthe agus deacair greim a fháil orthu. Is minic a úsáidtear na téarmaí noirm agus luachanna ar an tslí chéanna ach ní hionann an dá choincheap. Is réimsí níos leithne den saol iad luachanna sóisialta a bhfuil tábhacht ag baint leo do shochaí (amhail déanamh gairme, inbhuanaitheacht éiceolaíoch, saol an teaghlaigh, cearta combhionanna do chách, nó daonlathas) – is iad na treoracha iad a threoraíonn sochaí. Os a choinne sin, is rialacha iompraíochta níos sainiúla iad noirm (mar shampla lámh a chroitheadh nó umhlú agus tú ag bualadh le duine, a bheith poncúil nó cabhrú le duine atá i ngátar) nach mór do dhaoine urraim a bheith acu dóibh chun a bheith ina mbaill luachmhara den tsochaí. Tá cúpla tréith thábhachtach ag baint le noirm shóisialta [1]:

- **Is éard atá i noirm ná caighdeáin iompraíochta grúpa**, a rialaíonn an slí ar chóir do dhaoine iad féin a iompar i gcomhthéacs sóisialta chun go bhfeidhmeodh sé go maith agus cabhrú le daoine a bheith ag súil go n-oibreoidh rudaí ar shlí áirithe.
- **Cuimsíonn noirm breithiúnas luacha**. Toisc gur modhanna caighdeánaithe agus ionchais iompraíochta iad noirm, tá breithiúnas iontu freisin ar an slí a bhfeiceann an tsochaí i gcoitinne an slí ceart agus an slí mícheart chun tú féin a iompar. De ghnáth tarlaíonn meastóireachtaí diúltacha nuair a imítear ó norm.
- **Ní féidir le sochaí a bheith ann gan noirm**. Le fanacht le chéile agus feidhmiú go maith, déanann grúpa ar bith slite iompraíochta inghlactha a fhorbairt gan smaoineamh.
- **Bíonn comhtháthú i sochaí ina mbíonn noirm**. Mar a tharlaíonn in aon chóras, bíonn ar shochaí noirm a fhorbairt agus a choiméad chun gur féidir lena baill fanacht le chéile ar shlí eagraithe. Go minic tarlaíonn an t-eagrú seo gan smaoineamh, ach tá tábhacht intuigthe léi.
- **Bíonn tionchar ag noirm ar dhearcadh an duine**. Chun a bheith i do bhall (maith) de ghrúpa is gá duit cloí leis na noirm agus na luachanna a bhfuil meas ag an tsochaí orthu agus iad seo a chur san áireamh i do dhearcadh féin agus sa tslí a fhéachann tú ar an saol. Imríonn na noirm agus luachanna a nglactar leo tionchar ar bhreithiúnais an duine.

Ar ndóigh, cé acu leibhéal na comharsanachta nó leibhéal náisiúnta atá i gceist, tá noirm agus luachanna sóisialta ina gcuid riachtanach den slí a bhfeidhmíonn an saol sóisialta. Is páirt den chuid báite den chnoc oighir iad agus ní mór do dhaoine a bhogann chuig ceantar na noirm agus na luachanna seo a thuiscint chun gur féidir leo imeascadh go hiomlán leis an bpobal. Is minic a bhíonn noirm agus luachanna difriúla ag glúnta éagsúla i gceantar agus is féidir le coimhlínt nó míthuiscintí (ó thaobh glúnta de agus go cultúrtha) a rianú siar go dtí difríocht sna noirm agus luachanna a bhfuil meas orthu.

Leabharliosta

- [1] Shah, Shelly. Values and Norms of Society: Conformity, Conflict and Deviation in Norms. Online publication: <http://www.sociologydiscussion.com/society/values-and-norms-of-society-conformity-conflict-and-deviation-in-norms/2292> (visited 24-11-2019)

12. CEOL AGUS DAMHSA

Le Ramazan Eren

Is foirm ealaíne é an ceol, gníomhaíocht chultúrtha a bhfuil an fhuaim mar mheán aici.

In go leor cultúr, is cuid thábhachtach de shlí mhaireachtála daoine é an ceol, mar go bhfuil ról lárnach aige i ndeasghnátha reiligiúnacha, deasghnátha aistriú saoil (e.g., bronnadh céime, pósadh), gníomhaíochtaí sóisialta (e.g., damhsa) agus gníomhaíochtaí cultúrtha: karaoke amaitéarach, cuir i gcás, seinm i mbanna nó canadh i gcór pobail. Féadfaidh daoine ceol a sheinm mar chaitheamh aimsire, dála déagóir ag seinm dordveidhil i gceolfhoireann óige, nó a bheith ag obair mar cheoltóir nó mar amhránaí gairmiúil.

Léiríonn go leor staidéir eitneagrafacha gur gníomhaíocht rannpháirtíoch, phobalbhunaithe é an ceol. Bíonn teagmháil ag daoine leis an gceol i réimse suíomh sóisialta: trí fhreastal ar cheolchoirm mhór ina n-aonar, mar shampla, nó trí phobal ceoil a chruthú, nach féidir a thuiscint mar rud a eascraíonn ó thoil aonair nó a tharlaíonn trí thionóisc; cuimsíonn sé rannpháirtithe tráchtála agus neamhthráchtála a bhfuil na luachanna céanna i bpáirt acu. Bíonn saghasanna difriúla léirithe ceoil i gceist i gcultúir agus i dtimpeallachtaí socheacnamaíocha éagsúla.

Damhsa pobail agus áitiúil

Tá coincheapa na háite, an spáis agus an tírdhreacha, agus an ceangal eatarthu seo agus an pobal, an rince agus an ceol, ina n-ábhar staidéir san antraípeolaíocht chomhaimseartha agus san eitnischeoleolaíocht.

Sna sainmhínte ar ‘bharántúlacht’ i gcás an rince agus an cheoil, cuirtear béim ar na slite ina gcuireann rannpháirtíocht i gcleachtais cheoil agus rince ‘áitiúla’ ar chumas mhuintir na háite iad féin a chur ar leithligh ó dhaoine eile timpeall orthu trí léiriú gur “seo an ceol a fhágann go bhfuilimid éagsúil le daoine eile”.

Tá athdhearbhú déanta ar an nasc idir áit agus ceol agus rince, agus tá an bhéim leagtha ar an gcleachtas sóisialta a bhaineann le rince agus ceol a dhéanamh. Tá an tuiscint a fhaighimid ar áit ag brath go mór ar chleachtas agus, go háirithe, ar athrá ar chleachtas go rialta. Sa chiall seo, nuair a bhítear rannpháirteach i gcleachtais a bhaineann le rince agus ceol ní léiríú ar an tsochaí amháin a bhíonn i gceist. Ina áit sin, cuireann sé ar fáil “na slite trína ndéantar ordlathais áite a shocrú agus a chlaohlú”. Agus, lena chois sin, tá an ceol agus an rince fós “ag cur eispéiris áite i láthair le déine, cumhacht agus simplíocht nach féidir le haon ghníomhaíocht shóisialta eile a sháru”.

Is féidir imeachtaí sóisialta a bhfuil ceol, amhráin agus rince áitiúil i gceist iontu a reáchtáil i gclubanna agus i mbialanna, bíodh siad ar fáil don phobal nó príobháideach, nuair nach nglacann ach aíonna a fuair cuireadh páirt iontu. Is féidir leis na hócáidí sóisialta seo a bheith ina n-imeachtaí féilire rialta, mar shampla, cóisirí a reáchtáiltear aimsir na Nollag, Oíche Chinn Bliana, laethanta Naomh, Lá Fhéile Vailintín agus rincí bliantúla a eagraíonn cumainn chultúrtha, nó atá nasctha le himeachtaí saolré, mar shampla póstaí, baistí agus cóisirí teacht in aois. Rince sóisialta rannpháirteach áitiúil a bhíonn i gceist leis na himeachtaí seo de ghnáth.

Is cuid mhór de shaol an phobail é an ceol agus tugann sé le chéile ealaíontóirí agus taibheoirí a roinneann scéalta agus cultúr leis an lucht féachana trí amhráin agus rince.

Léiríonn na samplaí thuasluaite an chaoi a bhfuil an ceol agus an rince ina godanna tábhachtacha den chultúr áitiúil. Is cineál cumarsáide iad an ceol agus an rince don phobal áitiúil, cineál eolais a aistrítear ó ghlúin go glúin.

Is cuid de na ceangail shóisialta a bhíonn ag na scoláirí lena gceantar an ceol agus an rince. Trí eolas a chur ar na gnéithe seo den fhéiniúlacht áitiúil, ar uirlisí tábhachtacha don roinnt iad sa tsochaí ina bhfuil cónaí orthu, is féidir leo teacht ar naisc idir an t-am a chuaigh thart agus an todhchaí, daoine, cultúr agus áit.



Leabharliosta

- Mellish, Liz (2015). “Performing local identity: Place, community and dance in Timișoara, Romania.” *Ethnomusicology Ireland*, Issue 3, February 2015, 1–15, The Irish National Committee of the ICTM. <http://www.ictm.ie/?p=1616>



13. AN SPÓRT AGUS CLUICHÍ

Le Ramazan Eren

Cuimsíonn an spórt gach saghas gníomhaíochta coirp nó cluichí iomaíocha a bhfuil sé mar aidhm acu, trí rannpháirtíocht ócáideach nó eagraithe, cumas agus scileanna fisiciúla a úsáid, a chothabháil nó a fheabhsú agus taitneamh a thabhairt do na rannpháirtithe, agus, i gcásanna áirithe, siamsaíocht a chur ar fáil do lucht féachana. Tá na céadta spórt ann, idir chinn aon imreora agus iad siúd a mbíonn na céadta rannpháirteach iontu ag an am céanna, bíodh siad i bhfoirne nó san iomaíocht mar dhaoine aonair. I spóirt áirithe mar rásaíocht, féadfaidh go leor iomaitheoirí dul san iomaíocht, ag an am céanna nó i ndiaidh a chéile, agus bíonn buaiteoir amháin i gceist; i gcásanna eile, bíonn an comórtas (cluiche) idir dhá thaobh, agus bíonn siad ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar a chéile. Ceadaítear “comhscór” i roinnt spórt, rud a fhágann nach mbíonn aon bhuaiteoir amháin ann; i gcásanna eile bíonn babhta réitigh i gceist, rud a fhágann go mbíonn buaiteoir amháin agus cailliúnaí amháin ann.

Sainmhínítear an spórt go coitianta mar ghníomhaíocht lúthchleasaíochta ina mbíonn méid áirithe iomaíochta i gceist, mar shampla líonpheil nó cispheil. Tugtar spórt ar roinnt cluichí agus ar go leor saghasanna rásaí. Imríonn a lán daoine spórt lena gcairde. Bíonn cóistí ag teastáil chun foirne nó daoine aonair a mhúineadh nó chun oiliúint a chur orthu le cabhrú leo a bheith níos fearr. Is féidir le daoine aonair nó foirne spórt a imirt laistigh nó lasmuigh.

Maidir le leanaí, tá ról thar a bheith tábhachtach ag an spórt ina saol agus cuireann sé forbairt uileghabhálach ar fáil dóibh – go fisiceach agus ó thaobh intinne agus mothúchán de. Cabhraíonn an spórt chomh maith le leanaí a bheith aclaí agus fanacht sláintiúil.

Is féidir le spórt agus le cluichí traidisiúnta a bheith mar chuid den chultúr, ina nós. Nuair a smaoinimid ar an spórt agus ar chluichí mar ghnás, is féidir linn an nasc idir an spórt agus cultúr a fheiscint. Is linne an cultúr agus nascann sé sinn lenár sinsir agus leis an gceantar. Tugann an stair an spórt ón am a chuaigh thart go dtí an saol atá againn faoi láthair agus tugann sí deis dúinn imirt mar a dhein ár sinsir.

Is féidir le gnéithe uathúla áite an spórt agus na cluichí a mhúnlú. Mar shampla, tá fréamhacha na curlála le fáil in áiteanna ina dtugann aibhneacha reoite an deis do dhaoine an cluiche a imirt agus bualadh le daoine eile ar feadh tréimhse áirithe (séasúr reoite na n-aibhneacha) agus spraoi a bheith acu.

Tá an spórt agus na cluichí mar chuid de stair choiteann roinnte idir óg agus aosta, daoine agus áit.

14. CAITHEAMH AIMSIRE

Le Ramazan Eren

Tá dlúthcheangal idir an méadú ar ghníomhaíochtaí scíthe agus forbairt thionsclaíoch na sochaí. Cé go bhfuil ceangal ó thaobh céille de idir teoiric an tsúgartha agus teoiric na scíthe, is do leanaí go príomha iad na cluichí agus is do dhaoine fásta é an caitheamh aimsire. Faightear an coincheap ‘caitheamh aimsire’ ón bhfocal Laidineach ‘recreatio’. Cé go n-úsáidtear coincheap na scíthe sa chiall ‘athchúrsáil sláinte’, bhí sainmhíniú níos teoranta i gceist ina dhiaidh sin: ‘athnuachan an duine aonair tar éis na hoibre’. Cuirtear coincheap an chaithimh aimsire in iúl mar ‘am scíthe’: gníomhaíochtaí a mbíonn daoine aonair rannpháirteach iontu go deonach ar mhaithe le féinfhorbairt agus spraoi.

- Caitheamh aimsire mar riachtanas: gníomhaíochtaí a dhéantar ar mhaithe le pléisiúr.
- Caitheamh aimsire mar ghníomhaíocht scíthe: gníomhaíochtaí d’am saor/spártha.
- Caitheamh aimsire mar athchruthú: gníomhaíochtaí a chuireann suaimhneas meabhrach agus fisiceach chun cinn.
- Caitheamh aimsire mar luach de chuid an duine aonair agus na sochaí.

Trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scíthe, bíonn daoine aonair in ann go leor saincheistanna saoil a réiteach agus a gcaidreamh leo féin, le daoine eile agus le háit a fheabhsú.

Rangú Gníomhaíochtaí Fóillíochta

De Réir Leibhéal Aicsein

- Leath-Ghníomhach: teastaíonn iarracht áirithe (dul chuig cluiche peile sa staidiam in ionad féachaint air ar an teilifís)
- Gníomhach: teastaíonn rannpháirtíocht dhíreach (sciáil)
- Éighníomhach: ní gá aon iarracht a dhéanamh (féachaint ar scannán sa bhaile)

De Réir Feidhme

- Scíth a ligean: gníomhaíochtaí a thugann deis scíth a ligean, do shuaimhneas a dhéanamh
- Cultúrtha: cuairteanna ar dhánlanna agus músaem, suímh agus foirgnimh stairiúla
- Sóisialta: gníomhaíochtaí a bhfuil idirghníomhaíocht shóisialta bainteach leo
- Fisiciúil: spórt, cluichí, folláine
- Turasóireacht: breathnú ar radhairc, sosanna cathrach, gníomhaíochtaí dúlra agus eachtraíochta
- Ealaíonta: gníomhaíochtaí cruthaitheacha mar ealaíona agus ceardaíocht, péintéireacht, potaíreacht, etc.

De Réir Tiomantais

- Teach aniar: saghas gníomhaíochta atá dúshlánach go fisiciúil agus go meabhrach, i.e. éilíonn dreapadóireacht sléibhe seasmhacht choirp agus mheabhrach
- Iomaíocht: bíonn daoine aonair nó foirne in iomaíocht lena chéile
- Cruthaitheach: gníomhaíochtaí ealaíne

De Réir na Láithreach

- Caitheamh Aimsire Taobh Amuigh: gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl sa nádúr nó sa tírdhreach nádúrtha. Mar shampla: fánaíocht
- Caitheamh Aimsire faoi Dhíon: gníomhaíochtaí eagraithe taobh istigh d’fhoirgneamh, e.g. an phictiúrlann

De Réir Suímh

- Uirbeach: in ionaid i lár na cathrach, a bhíonn in aice láimhe de ghnáth, e.g. club aclaíochta, pictiúrlann nó amharclann
- Faoin Tuath: in áiteanna a chuireann ar chumas daoine éirí as saol na cathrach, a bheith ceangailte leis an dúlra

De Réir Acmhainní

- Dírithe ar an dúlra: tugann sé le tuiscint go bhfuil timpeallacht nádúrtha ann, e.g., siúlóireacht, éanbhreathnú, féachaint ar luí na gréine
- Dírithe ar dhaoine: gníomhaíochtaí a chuireann an ghné shóisialta agus dlúthpháirtíocht mhothúcháin chun cinn, i.e. ranganna caitheamh aimsire, clubanna leabhar
- Dírithe ar acmhainní agus daoine araon: eagraítear an ghníomhaíocht in áit a bhfuil an dá ghné ag teastáil, e.g. an disciplín alpach, áit a bhfuil trealamh agus an nádúr ag teastáil ó dhuine chomh maith le scileanna éagsúla

Is é an ghné is tábhachtaí den chaitheamh aimsire ná go dtugann sé deis do dhaoine iad féin a chur in iúl, ina gcuid ama spártha, de réir luachanna na sochaí.

Tabharfar cuireadh do na scoláirí acmhainní scíthe áitiúla a thriail agus a mheas, machnamh a dhéanamh ar an nasc idir luachanna scíthe agus sochaíochta agus a luachanna féin. Tá deis ag na scoláirí sa mhodúl seo taithí a fháil ar na hacmhainní agus ar na gníomhaíochtaí scíthe áitiúla atá ar fáil agus tuiscint cheart a fháil orthu. Déantar iad a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar éifeacht na ngníomhaíochtaí seo orthu agus ar a gcaidreamh le daoine eile agus leis an gceantar.


Bainfidh daoine óga ó cheantair thuaithe tairbhe as eolas a bheith acu ar na gníomhaíochtaí atá ar fáil go háitiúil, lena n-áirítear an réimse iomlán gníomhaíochtaí bunaithe ar an dúlra, mar éanbhreathnú, raftáil, garraíodóireacht, rothaíocht, cluichí agus spóirt áitiúla a imirt, etc. Is féidir le gníomhaíochtaí scíthe a bheith mar chuid lárnach de shaol agus d’fhéiniúlacht daoine óga, agus braistint ceangail agus MÁ a chur chun cinn.



IARSCRÍBHINN IV

GREILLE MEASÚNAITHE DON MHÚINTEOIR

[illegible]





PRIDE of PLACE

www.prideofplace.eu

Co-funded by the
Erasmus+ Programme
of the European Union



ISBN 978-90-831319-3-1

